**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0038/2023**

2.3.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí
(COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Romana Jerković

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Andrus Ansip, an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra
Pascal Arimont, An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla
Cristian Terheş, an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .......................................5

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA..........................................................................................................89

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA...................................................136

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE..........................................................................................................196

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ................................................................224

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......225

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí**
**(COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0281),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa C9-0200/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 13 Deireadh Fómhair 2021[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0038/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C..., lch. ... (Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] IO C..., lch. ... (Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2021/0136 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal *Shaping Europe's Digital Future* [Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú][2], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú, na sochair a

---

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le ***cló trom iodálach***; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[1] IO C , , lch. .

[2] COM/2020/67 final

bhaineann leis a leathnú chuig an earnáil phríobháideach, agus céannachtaí digiteacha iontaofa do gach Eorpach a chur chun cinn.

(2) Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1-2 Deireadh Fómhair 2020[3], iarradh ar an gCoimisiún a mholadh go ndéanfaí creat uile-Aontais a fhorbairt le haghaidh ríomh-shainaitheantas poiblí slán, lena n-áirítear sínithe digiteacha idir-inoibritheacha, ionas go mbeidh smacht ag daoine ar a gcéannacht agus ar a sonraí ar líne mar aon le rochtain a chinntiú i dtaca le seirbhísí digiteacha poiblí, príobháideacha agus trasteorann.

***(2a) Leagtar síos i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach an sprioc oibiachtúil agus dhigiteach atá ag creat de chuid an Aontais as a n-eascróidh, faoi 2030, úsáid fhorleathan a bheith á baint as céannacht dhigiteach iontaofa, dheonach, faoi rialú úsáideoirí, a aithneofar ar fud an Aontais agus a chuirfidh ar chumas gach úsáideora a gcuid sonraí agus a láithreacht in idirghníomhaíochtaí ar líne a rialú.***

▌

***(3a) I nDearbhú ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 dar teideal European Declaration on Digital Rights and Principles for the Digital Decade [An Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha don Deacáid Dhigiteach] leagtar béim ar an gceart atá ag gach saoránach rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí digiteacha atá sábháilte, slán agus ina gcosnaítear an príobháideachas trí dhearadh. Áirítear leis sin a áirithiú go ndéantar céannacht dhigiteach atá inrochtana, slán agus iontaofa a thairiscint do gach duine atá ina gcónaí san Aontas a chumasaíonn rochtain ar raon leathan seirbhísí ar líne agus as líne, atá cosanta ar gach cibearbhagairt, lena n-áirítear goid chéannachta nó cúbláil. Luaitear sa Dearbhú ón gCoimisiún freisin go bhfuil an ceart ar chosaint a sonraí pearsanta ar líne ag gach duine. Cuimsíonn an ceart sin an rialú ar an gcaoi a n-úsáidtear na sonraí agus ar cé leis a roinntear iad.***

***(3b) Ba cheart an ceart chun céannachta digití atá faoina rialú sainiúil féin a bheith ag saoránaigh an Aontais agus a chuireann ar a gcumas a gcearta mar shaoránaigh sa timpeallacht dhigiteach a fheidhmiú agus a bheith rannpháirteach sa gheilleagar***

---

[3] https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2020/10/02/european-council-conclusions-1-2-october-2020/

***digiteach. Ba cheart céannacht dhigiteach Eorpach a bheith aitheanta go dlíthiúil ar fud an Aontais.***

(4) Le cur chuige níos comhchuibhithe i leith sainaithint dhigiteach, ba cheart laghdú a dhéanamh ar na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair i ngeall ar an úsáid a bhaintear as réitigh éagsúla ar bhonn náisiúnta ***nó, i mBallstáit ar leith, an easpa réiteach,*** agus neartófar an Margadh Aonair leis trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a shainítear sa dlí náisiúnta agus ***d'eintitis dhlítheanacha*** sainaithint ***agus fíordheimhniú*** a dhéanamh ar líne ***agus as líne ar bhealach atá sábháilte, iontaofa, soláimhsithe,*** áisiúil***, inrochtana agus comhchuibhithe*** ar fud an Aontais. Ba cheart do gach duine a bheith in ann rochtain shlán a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha lena mbraitear ar éiceachóras feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais fíoraithe céannachta agus ***ríomhdhearbhuithe*** tréithe, amhail ***cáilíochtaí acadúla, céimeanna*** ollscoile ***nó gnóthachtálacha eile oideachasúla nó gairmiúla*** a aithnítear agus a nglactar leo go dlíthiúil i ngach áit san Aontas***, nó ceadúnas nó sainordú chun ionadaíocht a dhéanamh ar chuideachta, agus tacar aonfhoirmeach rialacha á chruthú do sholáthraithe ríomhdhearbhuithe lena n-áirithítear cothrom iomaíochta***. Is é is aidhm don Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ***agus a bheidh aitheanta go dlíthiúil ar fud an Aontais***. Ba cheart do sholáthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe tairbhiú de thacar rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart do chórais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar ríomhdhoiciméid ***atá thar a bheith slán agus a nglactar leo ar fud an Aontais***. ***Maidir le ríomh-shainaitheantas le haghaidh seirbhísí poiblí a bhfuil ceanglais slándála sainaitheantais thar a bheith ard ag baint leo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chur ar chumas nótairí agus gairmithe eile a bhfuil cumhachtaí speisialta curtha de chúram orthu ar mhaithe le leas an phobail brath ar rialuithe breise cianchéannachta, a leagtar amach i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta tríd an reachtaíocht náisiúnta***.

(5) Chun tacú le hiomaíochas gnólachtaí Eorpacha, ba cheart soláthraithe seirbhíse ar líne ***agus as líne*** a bheith in ann brath ar réitigh maidir le céannacht dhigiteach a bhfuil aitheantas acu ar fud an Aontais, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil siad eisithe, lena dtairbhítear, dá bhrí sin, de chur chuige comhchuibhithe Eorpach i leith iontaoibhe,

slándála agus idir-inoibritheachta. Ba cheart d'úsáideoirí agus soláthraithe seirbhíse araon a bheith in ann tairbhiú den luach dlíthiúil céanna a thugtar do ríomhdhearbhuithe tréithe ar fud an Aontais. ***Tá sé d'acmhainneacht ag creat comhchuibhithe maidir le céannacht dhigiteach luach eacnamaíoch a chruthú trí rochtain níos éasca a thabhairt ar earraí agus ar sheirbhísí, trí laghdú suntasach a dhéanamh ar chostais oibríochtúla atá nasctha le nósanna imeachta um shainaithint agus um fhíordheimhniú, mar shampla le linn custaiméirí nua a ionduchtú, trí dhamáistí a bhaineann leis an gcibearchoireacht a laghdú, amhail goid chéannachta, goid sonraí agus calaois ar líne, agus trí chlaochlú digiteach mhicrifhiontair agus fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an Aontais a chur chun cinn.***

***(5a) Rannchuideodh creat lán-chomhchuibhithe maidir le céannacht dhigiteach le hAontas a bheadh níos comhtháite ar bhonn digiteach a chruthú, lena mbainfí anuas na bacainní digiteacha atá idir na Ballstáit agus lena dtabharfaí de chumhacht do shaoránaigh an Aontais agus do chónaitheoirí an Aontais na tairbhí a bhaineann leis an digitiú a theachtadh agus lena ndéanfaí trédhearcacht agus an chosaint ar a gcearta a mhéadú.***

***(5b) Chun digiteáil sheirbhísí earnála poiblí na mBallstát a spreagadh agus chun a áirithiú go nglacfar go forleathan leis an gcreat Eorpach um chéannacht dhigiteach agus Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí (EDIW), ba cheart don Rialachán seo tacú le húsáid phrionsabal na 'haonuaire' chun an t-ualach riaracháin a laghdú, chun tacú le soghluaisteacht trasteorann na saoránach agus gnólachtaí, agus chun forbairt ar sheirbhísí ríomhrialtais idir-inoibritheacha a chothú ar fud an Aontais. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm trasteorann phrionsabal na'haonuaire', níor cheart go mbeadh ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí na sonraí céanna a sholáthar d'údaráis phoiblí níos mó ná uair amháin, agus níor cheart go bhféadfaí na sonraí sin a úsáid ach amháin arna iarraidh sin don úsáideoir chun críoch nósanna imeachta trasteorann ar líne a chur i gcrích. Ba cheart do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus do phrionsabal na 'haonuaire' na rialacha uile is infheidhme maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, an chruinnis, an teorannaithe stórála, na sláine agus na rúndachta, an riachtanais, na comhréireachta agus an teorannaithe de réir cuspóra. Ba cheart prionsabal na 'haonuaire' a chur i bhfeidhm le toiliú sainráite an úsáideora.***

(6) ***Ba cheart daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar leo sonraí céannachta pearsanta a mheas mar ábhair don Chéannacht Dhigiteach. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679[3] agus Rialachán (AE) 2018/1725[4] agus Treoir 2002/58/CE[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** i leith próiseáil sonraí pearsanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí sonracha a leagan síos leis an Rialachán seo chun cosc a chur ar sholáthraithe modhanna ríomh-shainaitheantais agus ar ríomhdhearbhuithe tréithe ó shonraí pearsanta ó sheirbhísí eile a chomhcheangal leis na sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. ***Sonraítear tuilleadh sa Rialachán seo cur i bhfeidhm phrionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, an íoslaghdaithe sonraí, agus na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú do chásanna úsáide sonracha, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679.***

***(6a) Ba cheart feidhm deaise bainistíochta príobháideachais atá leabaithe sa dearadh a bheith ag EDIWanna, chun leibhéal níos airde trédhearcachta agus smachta ar a gcuid sonraí a áirithiú do na húsáideoirí. Ba cheart don fheidhm sin comhéadan éasca agus soláimhsithe a sholáthar lena dtugtar forléargas ar na páirtithe is úsáideoirí uile a bhfuil sonraí comhroinnte ag an úsáideoir leo, lena n-áirítear tréithe, agus cineál na sonraí a chomhroinntear le gach páirtí is úsáideoir. Ba cheart don fheidhm sin ligean don úsáideoir gach idirbheart a dhéantar trí EDIWanna a rianú, leis na sonraí seo a leanas ar a laghad: am agus dáta an idirbhirt, an tsainaithint chontrapháirte, na sonraí arna n-iarraidh agus na sonraí comhroinnte. Ba cheart an fhaisnéis sin a stóráil fiú murar tugadh an t-idirbheart i gcrích. Níor cheart go bhféadfaí barántúlacht na faisnéise atá i stair na n-idirbheart a shéanadh. Ba cheart an fheidhm sin a bheith gníomhach trí réamhshocrú. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas úsáideoirí a iarraidh go héasca ar pháirtí is úsáideoir sonraí pearsanta a***

---

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[4] ***Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

[5] ***Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).***

***scriosadh láithreach de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/679 agus tuairisciú go héasca don údarás náisiúnta inniúil ina bhfuil páirtí is úsáideoir bunaithe má fhaightear iarraidh neamhdhleathach nó mhíchuí ar shonraí gan EDIW a fhágáil.***

***(6b) Ceadaítear le cruthúnas eolais nialasaigh fíorú a dhéanamh ar éileamh gan na sonraí a dtugtar cruthúnas ina leith a nochtadh, bunaithe ar algartaim chripteagrafacha. Ba cheart do EDIW lamháil d'éilimh a fhíorú a ghintear as sainaithint sonraí pearsanta nó as tréithe a dhearbhú gan bheith d'iallach ar EDIW na sonraí foinse a sholáthar, ar mhaithe le príobháideachas úsáideoir an EDIW a chaomhnú.***

(7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach maidir le creat a bhunú le haghaidh ***EDIWanna*** atá le heisiúint ***go díreach ag Ballstát, faoi shainordú ó Bhallstát nó arna aithint ag Ballstát***, lenar cheart a thabhairt de chumhacht do shaoránaigh uile an Aontais agus do chónaitheoirí uile an ***Aontais*** mar a shainítear sa dlí náisiúnta na sonraí a bhaineann lena gcéannacht ***a iarraidh, a fháil, a stóráil, a chomhcheangal agus a chomhroinnt go roghnaitheach ar bhonn sábháilte agus scriosadh a sonraí pearsanta a iarraidh ar bhealach soláimhsithe agus*** faoi rialú an úsáideora amháin. ***Ba cheart na sonraí uile a stóráil mar réamhshocrú ar ghaireas an úsáideora ach amháin má roghnaíonn an t-úsáideoir a mhalairt go sainráite. Ba cheart don Rialachán seo luachanna comhroinnte a léiriú agus cearta bunúsacha, gnéithe láidre eiticiúla, coimircí dlíthiúla agus dliteanas a chaomhnú, lena gcosnaítear, dá bhrí sin, sochaithe daonlathacha agus saoránaigh.*** Ba cheart na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach a fhorbairt lena ndírítear ar an leibhéal is airde ***príobháideachais agus*** slándála, áisiúlachta don úsáideoir***, inrochtaineachta,*** agus inúsáidteachta fairsinge ***agus idir-inoibritheachta rianúla*** a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit rochtain chothrom ar shainaithint dhigiteach ***agus úsáid dheonach na*** sainaitheanta sin a áirithiú dá náisiúnaigh agus cónaitheoirí uile. ***Níor cheart do na Ballstáit, go díreach ná go hindíreach, rochtain ar sheirbhísí poiblí ná ar sheirbhísí arna gcistiú ag an bpobal a theorannú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha a chinneann gan EDIW a úsáid agus ba cheart dóibh infhaighteacht saor in aisce ar réitigh mhalartacha a fhorbairt agus a áirithiú do na daoine sin. Níor cheart do pháirtithe is úsáideoirí príobháideacha a bhaineann úsáid as EDIWanna na seirbhísí sin a shéanadh ar thomhaltóirí ná coinníollacha míbhuntáisteacha a chruthú do***

***thomhaltóirí nach mbaineann úsáid as EDIWanna chun rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí.***

***(7a)*** ***I gcás ina n-eisíonn Ballstát EDIW go díreach, tá an t-údarás inniúil lena mbaineann freagrach go díreach as EDIW a eisiúint agus a bhainistiú, agus úsáid á baint aige as a acmhainní dílse. I gcás ina n-eisítear EDIW faoi shainordú ó Bhallstát, tabharfaidh an t-údarás inniúil lena mbaineann údarú d'eagraíocht shonrach EDIW a eisiúint agus a bhainistiú thar a cheann ar bhonn nós imeachta soláthair phoiblí atá bunaithe ar phróiseas iomaíochta atá trédhearcach, oscailte agus cothrom ina bhfuil an deis ag na páirtithe leasmhara uile a bheith rannpháirteach ann agus ina roghnaítear an t-iarrthóir is fearr bunaithe ar chritéir oibiachtúla shonracha agus ar phróiseas meastóireachta sonrach. I gcás ina ndéantar EDIW a eisiúint agus a bhainistiú go neamhspleách ach ina bhfuil sé aitheanta ag Ballstát, roghnóidh an t-údarás inniúil lena mbaineann eagraíocht shonrach a bhfuil EDIW forbartha aici cheana a chomhlíonann an Rialachán seo. Ní gá gurb é an t-eisitheoir agus bainisteoir EDIW an t-eintiteas céanna.***

(8) Chun a áirithiú go gcomhlíontar dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais, ba cheart do ***pháirtithe is úsáideoirí clárú*** go bhfuil sé ar intinn acu brath ar ***EDIWanna sa Bhallstát ina bhfuil siad bunaithe***. Leis sin, beidh na Ballstáit ábalta úsáideoirí a chosaint ar chalaois agus cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach a bhaint as sonraí céannachta agus as ríomhdhearbhuithe tréithe, chomh maith lena áirithiú gur féidir le páirtithe is úsáideoirí fíorú a dhéanamh ar phróiseáil sonraí íogaire, amhail sonraí sláinte i gcomhréir le dlí an Aontais ▌ nó leis an dlí náisiúnta. ***Ba cheart na próisis chlárúcháin agus formheasa a bheith costéifeachtach agus comhréireach leis an riosca. Ba cheart a áireamh sa chlárú na sonraí a bhfuil sé ar intinn ag an bpáirtí is úsáideoir a iarraidh, an úsáid atá beartaithe a bhaint as na sonraí sin agus na cúiseanna atá leis an ngá atá leis na sonraí sin, in aghaidh gach catagóire éagsúla seirbhísí a chuireann an páirtí is úsáideoir ar fáil. Ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí na cúiseanna atá lena n-iarraidh a sholáthar agus prionsabail an íoslaghdaithe sonraí á gcomhlíonadh acu.***

(9) Ba cheart do ***EDIWanna*** uile úsáideoirí a ***chumasú*** chun sainaithint agus fíordheimhniú a dhéanamh go leictreonach ar líne agus as líne thar theorainneacha chun raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha a rochtain. Gan dochar do shainchearta na

mBallstát a mhéid a bhaineann le sainaithint a náisiúnach agus a gcónaitheoirí, is féidir le ***EDIWanna*** fónamh freisin do riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus d’institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte, ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine, agus ba cheart Ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. Agus é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe ‘ard’ ***i gás fíorú céannachta***, ba cheart go dtairbheodh ***EDIWanna*** den acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. ***Agus iad á n-ionduchtú in EDIWanna,*** ba cheart ***d’úsáideoirí an síniú leictreonach cáilithe a fháil saor in aisce agus mar réamhshocrú, gan iallach a bheith orthu dul trí aon nósanna imeachta riaracháin nó teicniúla breise***. ▌ Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an ***Aontais***, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit ***EDIWanna*** a eisiúint lena mbraitear ar chomhchaighdeáin agus ar ***shonraíochtaí teicniúla*** chun idir-inoibritheacht rianúil a áirithiú agus chun leibhéal slándála ***TF a mhéadú go leormhaith, stóinseacht i gcoinne cibirionsaithe a neartú agus lena laghdófaí go suntasach, dá bhrí sin, na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le digiteáil leanúnach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí***. Ní féidir ach le húdaráis inniúla na mBallstát ardleibhéal muiníne a chur ar fáil maidir le céannacht duine a shuí agus, dá bhrí sin, dearbhú a thabhairt gurb é an duine a mhaíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe an duine a mhaíonn sé nó sí a bheith ann. Is den riachtanas é, dá bhrí sin, ***chun EDIWanna a eisiúint***, brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí eile nó eintitis dhlíthiúla. ***Níor cheart go gcuirfeadh brath ar an gcéannacht dhlíthiúil bac ar an deis atá ag úsáideoirí EIDW rochtain a fháil ar sheirbhísí trí ainmneacha bréige a úsáid, i gcás nach bhfuil aon cheanglas dlíthiúil ann maidir le céannacht dhlíthiúil i gcás fíordheimhniú***. Dhéanfaí iontaobhas sna ***EDIWanna*** a fheabhsú toisc go bhfuil sé de cheangal ar pháirtithe eisiúna ***agus bainistíochta*** bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun an leibhéal slándála ***is airde*** a áirithiú ***atá*** i gcomhréir leis na rioscaí a ardaítear do chearta agus do shaoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

***(9a)*** ***Ba cheart feidhmiúlacht a áireamh in EDIWanna chun ainmneacha bréige arna roghnú faoi shaoirse agus arna mbainistiú ag úsáideoirí a ghiniúint, mar fhoirm fíordheimhnithe chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne a sholáthraítear, lena n-áirítear seirbhísí arna soláthar ag ardáin an-mhór ar líne mar a shainítear i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].***

***(9b)*** ***Ba cheart do na Ballstáit cineálacha cur chuige comhchuibhithe a fhorbairt chun deis theicniúil a chumasú do dhaoine a bhfuil inniúlacht dhlíthiúil theoranta acu, amhail mionaoisigh agus do dhaoine nach bhfuil aon inniúlacht dhlíthiúil acu, EDIWanna, seirbhísí iontaoibhe agus táirgí úsáideora deiridh a úsáid.***

***(9c)*** ***Ba cheart do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bheith in ann EDIWanna tríú páirtithe a údarú chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh thar a gceann, amhail trí bhíthin cumhachtaí aturnae nó tarmligean údaráis maidir le hidirbhearta sonracha d'fhostaithe nó d'fhochonraitheoirí sonracha i gcás cuideachta nó do thuismitheoirí atá ag gníomhú thar ceann leanaí mionaoiseacha.***

(10) Chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta a bhaint amach, leis an Rialachán seo bunaítear na ceanglais maidir le ***EDIWanna***. Ba cheart gur chomhlachtaí creidiúnaithe na hearnála poiblí nó na hearnála príobháidí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dheimhneodh comhréireacht ***EDIWanna*** leis na ceanglais sin. Trí leas a bhaint as scéim um dheimhniú atá bunaithe ar infhaighteacht caighdeán atá comhaontaithe go comhchoiteann leis na Ballstáit, ba cheart leibhéal ard iontaoibhe agus idir-inoibritheachta a áirithiú. Ba cheart deimhniú a bheith ag brath go háirithe ar na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhnithe cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[6]. Ba cheart na deimhnithe sin a bheith gan dochar do dheimhniúchán a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de bhun Rialachán (CE) 2016/679.

***(10a)*** ***Is príomhghnéithe iad trédhearcacht EDIWanna agus cuntasacht a n-eisitheoirí chun muinín shóisialta a chruthú sa chreat. Ba cheart d'eisitheoirí uile EDIWanna***

---

***[6] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1–102).***

[6] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), IO L 151, 7.6.2019, lch. 15

***na cóid foinse a chur ar fáil don phobal lena ngrinnscrúdú, go háirithe maidir le príobháideachas agus slándáil. Ba cheart eisitheoirí agus bainisteoirí EDIWanna a bheith faoi réir rialuithe agus dliteanas atá cosúil le rialuithe agus dliteanais soláthraithe seirbhísí iontaoibhe cáilithe.***

(11) Le ***EDIWanna*** ba cheart an leibhéal is airde slándáil a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh ***sainaithinteais agus*** fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil***, i mórleabhair dhíláraithe*** nó ar réitigh néalbhunaithe, ***agus*** na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. Níor cheart úsáid a bhaint as an mbithmhéadracht chun sonraí bithmhéadracha a ***shainaithint agus*** a fhíordheimhniú ***a bheith ina réamhchoinníoll d'úsáid EDIWanna, d'ainneoin an cheanglais maidir le fíordheimhniú láidir úsáideora. Níor cheart sonraí bithmhéadracha a úsáidtear chun duine nádúrtha a fhíordheimhniú i gcomhthéacs an Rialacháin seo a stóráil sa néal gan toiliú sainráite an úsáideora.*** Tá ***úsáid na bithmhéadrachta*** ar cheann de na modhanna sainaitheanta lena ndéantar leibhéal ard muiníne a sholáthar, nuair a úsáidtear í in éineacht leis an bh***fachtóir 'an méid atá ar eolas agat'.*** Ós rud é gur saintréith uathúil de chuid duine atá sa bhithmhéadracht, ***níor cheart úsáid na bithmhéadrachta a bheith éigeantach***. ***Thairis sin, ba cheart úsáid sonraí bithmhéadracha a theorannú do chásanna sonracha de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679, agus*** ba cheart bearta eagraíochtúla agus slándála a bheith ag teastáil ina leith, i gcomhréir leis an riosca a d'fhéadfadh a bheith i gceist le próiseáil den sórt sin do chearta agus saoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir le Rialachán 2016/679. ***Ba cheart go mbeadh stóráil faisnéise ó EDIWanna sa néal ina ghné roghnach nach mbeadh gníomhach go dtí go mbeidh toiliú sainráite tugtha ag an úsáideoir. I gcás ina n-eisítear EDIWanna ar ghléas leictreonach pearsanta de chuid an úsáideora, ba cheart a n-ábhar cripteagrafach, nuair is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de, a stóráil i ngnéithe slána EDIWanna.***

***(11a) Ba cheart EDIWanna a bheith slán trí dhearadh. Ba cheart dóibh ardghnéithe slándála a chur chun feidhme chun cosaint a thabhairt ar ghoid céannachta, ar ghoid sonraí, ar dhiúltú seirbhíse agus ar aon chibearbhagairt eile. Ba cheart go n-áireofaí leis sin modhanna criptithe agus stórála úrscothacha nach bhfuil rochtain orthu ach ag an úsáideoir agus nach féidir ach leis an úsáideoir iad a dhíchriptiú, agus cumarsáid chriptithe ó cheann go ceann a bhunú le EDIWanna eile agus le***

***húsáideoirí deimhniúcháin. Ina theannta sin, ba cheart go n-éileodh EDIWs deimhniú slán sainráite, agus úsáid ghníomhach le haghaidh oibríochtaí.***

***(11b) Tá úsáid EDIWanna, agus scor díobh, ina gcearta agus ina rogha ag úsáideoirí. Ba cheart do na Ballstáit nós imeachta simplí, soláimhsithe, gasta agus slán a fhorbairt trínar féidir leis na húsáideoirí cúlghairm láithreach bhailíocht EDIWanna a iarraidh. Maidir leis na cásanna ina bhfuil an gléas i seilbh úsáideoirí, ba cheart an fheidhmiúlacht sin a dhearadh mar ghné chomhtháite de EDIWanna. Ba cheart sásra cianda atá éasca le húsáid agus tapa a bhunú i gcásanna nach bhfuil an gléas ina seilbh úsáideoirí, amhail i gcás gadaíochta nó caillteanais. Ar bhás an úsáideora nó ar scor de ghníomhaíocht ag duine dlítheanach, ba cheart sásra a bhunú chun go mbeidh an t-údarás atá freagrach as comharbas an duine nádúrtha nó sócmhainní an duine dhlítheanaigh a shocrú in ann foirceannadh láithreach EDIWanna a iarraidh.***

***(11c) Chun glacadh EDIWanna agus úsáid níos leithne céannachtaí digiteacha a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit ní hamháin tairbhí na seirbhísí ábhartha a léiriú, ach freisin, i gcomhar leis an earnáil phríobháideach, le taighdeoirí agus le hacadóirí, cláir oiliúna a fhorbairt arb é is aidhm dóibh scileanna digiteacha a saoránach agus a gcónaitheoirí a neartú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine nach bhfuil scileanna digiteacha acu.***

(12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um chéannacht dhigiteach Eorpach oscailte don nuálaíocht, don fhorbairt theicneolaíoch agus don todhchaí, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh a chur ar bun ***i gcomhpháirt*** chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe agus shlán***, le teorainn ama,*** go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ar chosaint sonraí pearsanta, ar shlándáil agus ar idir-inoibritheacht na réiteach agus chun nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla a fhorbairt amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe aonair, taighdeoirí ***agus geallsealbhóirí ábhartha a chothú, agus comhlíonadh á fheabhsú agus cosc á chur ar réitigh a chur ar an margadh a sháraíonn dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus slándáil TF.***

(13) Le Rialachán (AE) 2019/1157 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[7], neartófar slándáil cártaí aitheantais le gnéithe slándála feabhsaithe faoi mhí Lúnasa 2021. Ba cheart do na Ballstáit a mheas an bhféadfaí fógra a thabhairt dóibh faoi scéimeanna ríomh-shainaitheantais chun síneadh a chur le hinfhaighteacht trasteorann modhanna ríomh-shainaitheantais.

(14) Ba cheart an próiseas fógartha maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais a ***fheabhsú*** agus dlús a chur leis chun rochtain ar réitigh fíordheimhnithe agus sainaitheantais atá saoráideach iontaofa, slán agus nuálach a chur chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, soláthraithe céannachta príobháideacha a spreagadh chun scéimeanna ríomh-shainaitheantais a thairiscint d'údaráis na mBallstát le haghaidh fógra a thabhairt mar scéimeanna náisiúnta cártaí ríomh-shainaitheantais faoi Rialachán ***(AE) Uimh.*** 910/2014.

(15) Le cuíchóiriú na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le fógra a thabhairt agus le hathbhreithniú piaraí, cuirfear cosc le cuir chuige ilchineálacha maidir le measúnú a dhéanamh ar scéimeanna éagsúla ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus lena n-éascófar cothú muiníne idir na Ballstáit. Le sásraí nua simplithe, ba cheart comhar idir na Ballstát a chothú maidir le slándáil agus le hidir-inoibritheacht a scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith.

(16) Ba cheart go dtairbheodh na Ballstáit d'uirlisí nua solúbtha chun comhlíontacht a áirithiú le ceanglais an Rialacháin seo agus leis na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha. Leis an Rialachán seo, ba cheart ligean do na Ballstáit úsáid a bhaint as tuarascálacha agus as measúnuithe a rinne comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe nó a rinneadh i scéimeanna deonacha um dheimhniú i ndáil le slándáil TFC, amhail scéimeanna deimhniúcháin atá le bunú ar leibhéal an Aontais faoi Rialachán (AE) 2019/881, chun tacú lena n-éilimh maidir leis na scéimeanna nó le codanna díobh a ailíniú le ceanglais an Rialacháin maidir le hidir-inoibritheacht agus le slándáil na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith.

(17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun

[7] Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus ar dhoiciméid chónaithe arna n-eisiúint chuig saoránaigh an Aontais agus chuig baill a dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta (IO L 188, 12.7.2019, lch. 67).

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta uathúla sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. ***Chun ardleibhéal iontaoibhe agus slándála a áirithiú do shonraí pearsanta daoine nádúrtha, ba cheart réitigh theicniúla éagsúla a mheas, lena n-áirítear úsáid nó teaglaim de theicnící cripteagrafacha éagsúla, amhail aitheantóirí atá infhíoraithe go cripteagrafach.*** Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'inúsáideacht modhanna ríomh-shainaitheantais ***agus chun prionsabal 'aon-uaire' a chur chun feidhme***, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit leis an Rialachán seo bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart céannachta a áirithiú sa phróiseas ríomh-shainaitheantais ***le haghaidh rochtain trasteorann*** seirbhísí poiblí lena n-éilítear sainaithint an úsáideora de réir dlí, agus chuige sin ***amháin***. ***Go háirithe, níor cheart go measfaí an ceanglas sin a bheith ina ghlao ar chlár céannachta láraithe san Aontas le haghaidh daoine nádúrtha agus chuirfí spleáchas ar chláir náisiúnta dhíláraithe.*** Tá sé tábhachtach ***sonraí sainaitheantais duine nó teaglaim de shonraí sainaitheantais duine a úsáid, lena n-áirítear úsáid aitheantóirí uathúla*** agus seasmhacha ***arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó arna nginiúint ag EDIWanna chun a áirithiú gur féidir céannacht an úsáideora a fhíorú. Ba cheart leis an dlí náisiúnta go mbeifí in ann a cheangal go n-úsáidfí aitheantóirí uathúla agus seasmhacha a bhaineann go sonrach le hearnálacha áirithe nó le páirtithe is úsáideoirí. Ba cheart le EDIWanna go mbeifí in ann na haitheantóirí sin a stóráil agus iad a nochtadh i gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir é sin. Chun na críche céanna, ba cheart go leathnófaí leis an Rialachán seo an tacar sonraí íosta éigeantach agus go gceanglófaí go ndéanfaí aitheantóir leictreonach uathúil agus seasmhach a úsáid do dhaoine dlítheanacha i gcomhréir le dlí an Aontais***.

***(17a) Agus rochtain thar theorainneacha á fáil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, ba cheart go bhféadfaí úsáideoir EDIW a fhíordheimhniú agus a shainaithint. Ba cheart do na Ballstáit is faighteoir a bheith in ann úsáideoirí a shainaithint go cinnte, arna iarraidh sin dóibh, sna cásanna sin ina gceanglaítear iad a shainaithint le dlí agus gabháil ar aghaidh chuig meaitseáil chéannachta. Chun ardleibhéal iontaoibhe agus slándála sonraí pearsanta a áirithiú, ba cheart réitigh theicniúla éagsúla a mheas, lena n-áirítear teicnící agus teicneolaíochtaí cripteagrafacha éagsúla***

***úrscothacha a úsáid nó a chomhcheangal, amhail aitheantóirí atá infhíoraithe go cripteagrafaíoch, ainmneacha bréige digiteacha uathúla arna nginiúint ag úsáideoirí, céannachtaí féincheannasacha agus aitheantóirí sonracha fearainn.***

(18) I ***gcomhréir*** le Treoir (AE) 2019/882 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[8], ba cheart do dhaoine faoi mhíchumas a bheith in ann úsáid a bhaint as ***EDIWanna***, as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile.

(19) Leis an Rialachán seo, níor cheart gnéithe a bhaineann le conarthaí a thabhairt i gcrích nó le bailíocht na gconarthaí sin, ná oibleagáidí dlíthiúla eile leis an Rialachán seo ach oiread a chumhdach i gcás ina bhfuil ceanglais foirme a leagtar síos le ndlí an ***Aontais*** nó leis an dlí náisiúnta. Ina theannta sin, níor cheart ach oiread difear a dhéanamh do cheanglais náisiúnta foirme a bhaineann le cláir phoiblí, go háirithe cláir thráchtála agus talún.

(20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar agus a úsáid sa trádáil agus sa chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le reachtaíocht cur chun feidhme féadfar na coinníollacha a shocrú faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh.

(21) ***D'fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ag eisitheoirí EDIWanna ar ghnéithe sonracha crua-earraí agus bogearraí d'fhóin chliste, amhail codanna den chóras oibriúcháin, crua-earraí slána (eilimint shlán, SIM etc.), NFC, Bluetooth, Aware Wi-Fi agus braiteoirí bithmhéadracha. Tá gnéithe den sórt sin faoi rialú monaróirí córais oibriúcháin agus trealaimh. Dá bhrí sin, leis an Rialachán seo ba cheart forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha an Aontais lena n-áirithítear margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach. Go háirithe, cuireann sé le hAirteagal 6(7) de***

[8] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

***Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,***[7]***lena gceanglaítear ar sholáthraithe croísheirbhísí ardáin atá ainmnithe mar*** gheatóirí cead a thabhairt d'úsáideoirí gnó agus do sholáthraithe ***malartacha*** seirbhísí a ***sholáthraítear in éineacht le croísheirbhísí ardáin, nó chun tacú leo, saor in aisce, idir-inoibritheacht éifeachtach a bheith acu leis an gcóras oibriúcháin agus leis na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna agus rochtain chun críocha idir-inoibritheachta orthu, gan beann ar cibé acu an cuid den chóras oibriúcháin iad na gnéithe sin nó an bhfuil siad ar fáil don mhaor geata sin nó an bhfuil siad in úsáid aige agus na seirbhísí sin á soláthar*** aige.

***(21a) Is é is aidhm don Rialachán seo éascú a dhéanamh ar chruthú na rogha idir EDIWanna agus ar an bhféidearthacht go n-aistreofaí eatarthu. Chun éifeachtaí gaibhnithe a sheachaint, ba cheart d'eisitheoirí EDIWanna, arna iarraidh sin d'úsáideoirí EDIW, iniomparthacht éifeachtach sonraí a áirithiú, lena n-áirítear rochtain leanúnach agus fíor-ama ar sheirbhísí, agus níor cheart cead a bheith acu bacainní conarthacha, eacnamaíocha ná teicniúla a úsáid chun malartú éifeachtach idir EDIWanna éagsúla a chosc nó a dhíspreagadh.***

(22) Chun na hoibleagáidí cibearshlándála a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe a chuíchóiriú, agus chun é a chur ar a gcumas do na soláthraithe sin agus dá n-údarás inniúil faoi seach tairbhiú den chreat dlíthiúil arna bhunú le Treoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), ceanglaítear ar seirbhísí iontaoibhe bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a dhéanamh de bhun Threoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), amhail bearta lena dtugtar aghaidh ar theipeanna córais, ar earráid dhaonna, ar ghníomhaíochtaí mailíseacha nó ar fheiniméin nádúrtha chun na rioscaí do shlándáil na gcóras gréasán agus faisnéise a bhainistiú, córais a mbaineann na soláthraithe sin úsáid astu agus a gcuid seirbhísí á soláthar acu agus chun fógra a thabhairt i leith teagmhais shuntasacha agus cibearbhagairtí suntasacha i dTreoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2). Maidir le teagmhais a thuairisciú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe fógra a thabhairt i leith aon teagmhais a bhfuil tionchar suntasach aige ar sheirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear tionchar an bhí ann de dheasca gadaíochta nó feistí a cailleadh, damáistí a rinneadh ar cháblaí nó teagmhais a tharla i gcomhthéacs daoine a shainaithint.

---

***[7] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Margaí Digiteach), IO L 265, 12.10.2022, lch. 1.***

Na ceanglais maidir le ceanglais bainistíochta riosca cibearshlándála agus na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Threoir XXXXXX [NIS2], ba cheart iad a mheas mar chomhlánú ar na ceanglais a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe faoin Rialachán seo. I gcás inarb iomchuí, na húdaráis inniúla a ainmníodh faoi Threoir XXXX/XXXX (Treoir NIS2), ba cheart leanúint de na cleachtais nó treoraíocht náisiúnta atá bunaithe i ndáil le ceanglais slándála agus tuairiscithe a chur chun feidhme agus le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ní dhéanann aon cheanglas de bhun an Rialacháin seo difear don oibleagáid maidir le fógra a thabhairt i leith sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679.

(23) Ba cheart aird chuí a thabhairt ar chomhar éifeachtach a áirithiú idir údaráis NIS (slándáil na gcóras gréasán agus faisnéise) agus údaráis eIDAS. I gcásanna nach ionann an comhlacht maoirseachta faoin Rialachán seo agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Threoir XXXX/XXXX [NIS2], ba cheart do na húdaráis sin oibriú le chéile i ndlúthchomhar agus go tráthúil, tríd an bhfaisnéis ábhartha a mhalartú chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht éifeachtach ar na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir XXXX/XXXX [NIS2]. Go sonrach, faoi Threoir XXXXX/XXXX [NIS2], ba cheart na comhlachtaí maoirseachta faoin Rialachán seo a bheith i dteideal a iarraidh ar an údarás inniúil an fhaisnéis ábhartha is gá a sholáthar chun an stádas cáilíochta a dheonú agus chun gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh lena fhíorú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe na ceanglais ábhartha faoi NIS 2 nó lena cheangal orthu neamh-chomhlíontacht a leigheas.

(24) Tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil chun go n-éascófar aitheantas trasteorann idir na córais dlí náisiúnta atá ann cheana a bhaineann le ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe. Leis an gcreat sin, d'fhéadfaí deiseanna nua margaidh a chur ar fáil freisin do sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe an Aontais chun ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe uile-Eorpacha nua a thairiscint agus d'fhéadfaí a áirithiú go n-áiritheofar sain-aitheantas na bhfaighteoirí le leibhéal muiníne níos airde ná sainaitheantas an tseoltóra.

(26) Ba cheart go bhféadfaí tréithe digiteacha iontaofa a eisiúint agus a láimhseáil agus rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú, rud lena dtabharfaí cumhacht do shaoránaigh agus do chónaitheoirí eile na tréithe sin a úsáid ina n-idirbhearta príobháideacha agus poiblí. Úinéireacht ar cheadúnas tiomána bailí arna eisiúint ag údarás i mBallstát amháin, mar shampla, ba cheart saoránaigh agus cónaitheoirí eile a bheith in ann sin a léiriú, léiriú is féidir leis na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile a fhíorú agus ar féidir leo brath air, agus ba cheart iad a bheith in ann brath ar fhaisnéis aitheantais slándála sóisialta na saoránach nó na gcónaitheoir eile nó ar dhoiciméid taistil dhigiteacha amach anseo i gcomhthéacs trasteorann.

(27) Maidir le haon eintiteas a bhailíonn, a chruthaíonn agus a eisíonn tréithe dearbhaithe amhail dioplómaí, ceadúnais nó teastais bhreithe, ba cheart go bhféadfadh sé a bheith ina sholáthraí ríomhdhearbhaithe tréithe ***agus ba cheart dó a bheith freagrach as an dearbhú a chúlghairm i gcás falsú, goid aitheantais, nó aon eisiúint atá bunaithe ar iarraidh mhí-úsáideach.*** Ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí úsáid a bhaint as ríomhdhearbhuithe tréithe mar dhearbhuithe atá coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe i bhformáid pháipéir. ***Mar sin féin, ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí glacadh i gcónaí le dearbhuithe tréithe arna n-eisiúint go dleathach i bhfoirm páipéir mar mhalairt ar ríomhdhearbhuithe tréithe.*** Níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar ríomhdhearbhú tréithe ar an bhforas gur i bhfoirm leictreonach atá sé ná ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhdhearbhaithe tréithe, agus ar na forais sin ***amháin***. Chuige sin, ba cheart ceanglais ghinearálta a leagan síos chun a áirithiú i dtaca leis an éifeacht dhlíthiúil atá ag ríomhdhearbhú tréithe cáilithe go mbeidh sí coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe a eisítear go dleathach i bhformáid pháipéir. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta lena sainítear ceanglais bhreise a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a mhéid a bhaineann le foirm le bunéifeachtaí dlíthiúla agus, go háirithe, ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a aithint ar bhealach trasteorann, i gcás inarb iomchuí. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit páirt a thabhairt d'eagraíochtaí gairmiúla agus na tréithe a bhaineann leo á leagan síos.***

(28) Éilíonn infhaighteacht leathan agus inúsáidteacht ***EDIWanna*** go nglacfaidh ***daoine aonair príobháideacha agus soláthraithe seirbhíse príobháideacha araon leo agus go bhfuil muinín*** acu astu. Maidir le páirtithe is úsáideoirí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí ***amhail*** i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí

airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, na teileachumarsáide ***nó an oideachais***, ba cheart dóibh glacadh le húsáid ***EDIWanna*** chun seirbhísí a sholáthar i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir le haghaidh sainaithint ar líne le dlí an ***Aontais*** nó leis an dlí náisiúnta. ***Ba cheart an fhaisnéis a iarrtar ar an úsáideoir trí EDIW a bheith riachtanach agus comhréireach don chás úsáide atá beartaithe don pháirtí is úsáideoir agus ba cheart í a bheith i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, lena n-áirithítear trédhearcacht maidir leis na sonraí a roinntear agus na críocha ar chucu a roinntear iad.*** I gcás ardáin an-mhór ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 25.1. de Rialachán ***(AE) 2022/2065***maidir le húsáideoirí chun fíordheimhniú a dhéanamh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid ***EDIWanna*** arna iarraidh sin go deonach ag an úsáideoir. Níor cheart oibleagáid ar bith a bheith ar úsáideoirí ***EDIWanna*** a úsáid chun rochtain a ***fháil ar sheirbhísí príobháideacha agus níor cheart iad a shrianadh ná bac a chur orthu ar an bhforas nach n-úsáideann siad EDIW***, ach más mian le ***húsáideoirí*** é sin a dhéanamh, ba cheart d'ardáin ***an-*** mhór ar líne glacadh le ***EDIWanna*** chun na críche sin agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí ***agus ceart na n-úsáideoirí ainmneacha bréige arna roghnú faoi shaoirse a úsáid á n-urramú ag an*** am céanna. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú.  Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear ***EDIWanna*** laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh ***EDIWanna*** ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. ▌

(29) Ba cheart do ***EDIWanna*** a bheith in ann, ar bhonn teicniúil, tréithe a nochtadh go roghnaitheach do pháirtithe is úsáideoirí ***ar bhealach slán agus soláimhsithe mar cheann dá príomhghnéithe agus dá príomhbhuntáistí. Ba cheart go gcinnteodh siad***

***freisin nach nochtar aon tréithe do pháirtithe nach bhfuil cláraithe chun tréithe den sórt sin a fháil.*** Ba cheart an ghné sin a bheith ina bunghné den dearadh amach anseo, rud a threiseodh áisiúlacht agus cosaint sonraí pearsanta lena n-áirítear íoslaghdú ar phróiseáil sonraí pearsanta, ***go háirithe príobháideachas trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Maidir le sásraí chun EDIWanna a bhailíochtú, nuair a dhéantar úsáideoirí a nochtadh agus a fhíordheimhniú go roghnaitheach leo chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne, ba cheart príobháideachais a chaomhnú, agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar rianú an úsáideora, agus urraim a thabhairt do phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, rud lena dtugtar le tuiscint go bhfuil ceart chun ainm bréige ann chun a áirithiú nach féidir an t-úsáideoir a nascadh idir roinnt páirtithe is úsáideoirí. Ba cheart ailtireacht theicniúil agus cur chun feidhme EDIWanna a bheith i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/679. Ina theannta sin, de bharr nádúr díláraithe EDIWanna, ba cheart go gcumasófaí féinsíniú agus in-aisghairtheacht tréithe agus aitheantóirí.***

***(29a)*** ***Mura rud é go gcuireann rialacha sonracha de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta de cheangal ar úsáideoirí iad féin a shainaithint, ba cheart úsáid seirbhísí faoi ainm bréige a cheadú agus níor cheart do na Ballstáit an úsáid sin a shrianadh, mar shampla trí oibleagáid ghinearálta a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse úsáid ainmneacha bréige ar a gcuid seirbhísí a theorannú.***

(30) Maidir leis na tréithe a chuireann na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe ar fáil mar chuid den dearbhú tréithe cáilithe, ba cheart don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe iad a fhíorú go díreach de réir na bhfoinsí barántúla nó ba cheart iad a fhíorú trí idirghabhálaithe ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le dlí an ***Aontais*** nó leis an dlí náisiúnta chun críche malartú slán tréithe dearbhaithe a dhéanamh idir céannacht nó dearbhú tréithe soláthraithe seirbhíse agus páirtithe is úsáideoirí.

(31) Ba cheart don sainaitheantas leictreonach slán agus don soláthar ríomhdhearbhaithe tréithe solúbthacht agus réitigh bhreise a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí airgeadais lenar féidir custaiméirí a shainaithint agus tréithe sonracha a mhalartú, chun ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a chomhlíonadh, mar shampla, faoin Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid [tagairt le cur isteach tar éis ghlacadh an togra], nó chun ceanglais oiriúnachta a eascraíonn as reachtaíocht cosanta infheisteoirí a chomhlíonadh, nó chun tacú le comhlíonadh ceanglas maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara le

haghaidh logáil isteach i gcuntas agus tús a chur le hidirbhearta i réimse na seirbhísí íocaíochta.

***(31a) Ba cheart go mbunófaí leis an Rialachán seo an prionsabal nach féidir éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe a cheistiú ar an bhforas go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhshínithe cháilithe. Mar sin féin, is faoin dlí náisiúnta atá sé éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe a shainiú, cé is moite de na ceanglais dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar dá réir a bheidh éifeacht dhlíthiúil ríomhshínithe cháilithe comhionann le héifeacht dhlíthiúil sínithe lámhscríofa. Agus éifeachtaí dlíthiúla ríomhshínithe á gcinneadh, ba cheart do na Ballstáit prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh idir luach breithiúnach doiciméid atá le síniú agus an leibhéal slándála agus costais a theastaíonn le ríomhshíniú. Chun inrochtaineacht agus úsáid ríomhshínithe a mhéadú, moltar do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar ríomhshínithe ardleibhéil a úsáid sna hidirbhearta ó lá go lá a gcuireann siad leibhéal leordhóthanach slándála agus muiníne ar fáil dóibh. Níor cheart úsáid ríomhshínithe cáilithe a shainordú ach amháin nuair is gá an leibhéal is airde slándála agus muiníne a bheith ann.***

(32) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear ***ardleibhéal dearbhaithe ar fáil d'úsáideoirí maidir le céannacht an eintitis atá*** taobh thiar den láithreán gréasáin. Cabhraítear leis na seirbhísí sin iontaoibh agus muinín a chothú maidir le gnó a sheoladh ar líne, mar go mbeidh úsáideoirí muiníneach as láithreán gréasáin atá fíordheimhnithe. Is ar bhonn deonach a bhaineann láithreáin gréasáin úsáid as seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a mhéadú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, leagtar síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe seirbhísí fíordheimhnithe láithreáin gréasáin agus dá seirbhísí. Chuige sin, do bhrabhsálaithe gréasáin, ba cheart tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe ***cáilithe*** a áirithiú le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart go n-aithneofaí agus go dtaispeánfaí dearbhuithe ***cáilithe*** le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin d'fhonn leibhéal ard dearbhaithe a chur ar fáil, rud lena gcuirfí ar a gcumas d'úinéirí láithreán gréasáin a gcéannacht a dhearbhú mar úinéirí láithreáin gréasáin agus lena gcuirfí ar a gcumas d'úsáideoirí úinéirí an láithreáin gréasáin a shainaithint le leibhéal ard cinnteachta. Chun a n-úsáid a chur chun cinn tuilleadh, ba

cheart d'údaráis phoiblí sna Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe ***cáilithe*** le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a chur san áireamh ina láithreáin gréasáin. ***I gcás sárú slándála, ba cheart go mbeadh brabhsálaithe gréasáin in ann bearta a ghlacadh atá comhréireach lena riosca. Ba cheart do bhrabhsálaithe gréasáin fógra a thabhairt don Choimisiún láithreach faoi aon sárú slándála chomh maith leis na bearta a dhéantar chun sáruithe den sórt sin a leigheas maidir le teastas aonair nó maidir le tacar deimhnithe.***

(33) Thug a lán Ballstát ceanglais náisiúnta isteach le haghaidh seirbhísí lena soláthraítear cartlannú digiteach atá slán agus iontaofa chun doiciméid leictreonacha a chaomhnú go fadtéarmach agus chun seirbhísí iontaoibhe gaolmhara a bheith ann. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus muinín a áirithiú, tá sé fíor-riachtanach creat dlíthiúil a chur ar fáil lena n-éascófar aithint seirbhísí cartlannaithe leictreonacha cáilithe ar bhonn trasteorann. Leis an gcreat sin, d'fhéadfaí deiseanna nua margaidh a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe an Aontais freisin.

▌

(36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um chéannacht dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit***, an tsochaí shibhialta, an lucht acadúil*** agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú le chéile. Ba cheart ***do na Ballstáit teacht ar chomhaontú maidir le*** hailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha, sraith comhchaighdeán agus tagairtí teicniúla, ***lena n-áirítear caighdeáin aitheanta atá ann cheana,*** agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d'fheidhmiúlachtaí agus d'idir-inoibritheacht ***EDIWanna,*** lena n-áirítear ríomhshíniú, agus de ***sholáthraithe*** cáilithe seirbhísí iontaoibhe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de struchtúr na dtáillí a bhaineann ***EDIWanna***, gnéithe lena n-éascófar do ***FBManna*** glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. ▌

***(36a)*** ***Chun inúsáidteacht agus infhaighteacht leathan a áirithiú, ba cheart bearta breise tacaíochta airgeadais a bheartú chun tacú leis na Ballstáit EDIWanna a eisiúint agus a bhainistiú. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht cistí breise de chuid an Aontais atá le cur ar fáil do na Ballstáit a d'iarrfadh tacaíocht i bhforbairt, imlonnú agus bainistiú EDIWanna.***

***(36b)*** ***Chun úsáid agus infheidhmeacht níos leithne EDIWanna ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart don Choimisiún cur le creat an Rialacháin seo agus é a threisiú agus ionstraimí earnála de chuid an Aontais á bhforbairt aige, amhail an Pas Eorpach Slándála Sóisialta agus na spásanna coiteanna Eorpacha sonraí. Leis an gcomhordú le Pas Eorpach Slándála Sóisialta, ba cheart inaistritheacht dhigiteach chearta slándála sóisialta na saoránach thar theorainneacha a chumasú agus a dteidlíochtaí agus bailíocht doiciméad a fhíorú. Maidir leis an spás coiteann Eorpach sonraí, ba cheart go gcuirfeadh EDIWanna feabhas ar an trédhearcacht agus go dtabharfaidís níos mó smachta do na húsáideoirí ar a gcuid sonraí.***

(37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(38) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) ***Uimh.*** 910/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 910/2014 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Tá sé mar aidhm leis an ***Rialachán*** seo ***rannchuidiú le*** feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú ▌ trí leibhéal leormhaith slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus i gcás seirbhísí iontaoibhe ***a úsáidtear ar fud an Aontais***. Chun na gcríoch seo, déantar é seo a leanas leis an Rialachán:

---

[12] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(a) leagtar síos ann na coinníollacha faoina soláthróidh agus faoina n-aithneoidh na Ballstáit modhanna ríomh-shainaitheantais do shainaithint daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thagann faoi scéim ríomh-shainaitheantais Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith;

(b) leagtar síos ann na rialacha maidir le seirbhísí iontaoibhe, go háirithe i gcás ríomh-idirbheart;

(c) bunaítear creat dlí ann le haghaidh ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama, ríomhdhoiciméad, ***ríomhsheirbhísí seachadta neamhcháilithe***, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe ***cáilithe***, seirbhísí deimhnithe d'fhíordheimhniú láithreán gréasáin, ▌ ríomhdhearbhú tréithe ***agus*** bainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cianda ▌ ;

(d) leagtar síos ann na coinníollacha faoina ndéanfaidh na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***a eisiúint, a bhainistiú agus a aithint agus chun a n-idir-inoibritheacht agus a n-úsáid trasteorann san Aontas a áirithiú;***

***(da) cumasaítear feidhmiú an chirt chun páirt a ghlacadh go sábháilte sa tsochaí dhigiteach agus éascaítear rochtain neamhshrianta ar sheirbhísí poiblí ar líne ar fud an Aontais d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach.***';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint ***agus arna mbainistiú*** ag na Ballstáit agus maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do dhlí ***an Aontais ná*** don dlí náisiúnta ▌ a bhaineann leis ▌ an méid seo a leanas:

***(a) tabhairt i gcrích agus bailíocht conarthaí, nó oibleagáidí dlíthiúla nó oibleagáidí nóis imeachta eile a bhaineann le foirm; nó***

***(b) ceanglais earnáilsonracha i gcás ríomhdhearbhú tréithe cáilithe maidir le foirm ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla foluiteacha, go háirithe i gcomhthéacs aitheantas trasteorann a thugtar do ríomhdhearbhú tréithe cáilithe.';***

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***phointí (2) go (6)***:

'(2) ciallaíonn 'modh ríomh-shainaitheantais' aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha, lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó cártaí aitheantais de bhun Rialachán 2019/1157, aonad ina bhfuil sonraí sainaitheantais duine, a mbaintear úsáid as chun seirbhís ar líne nó as líne a fhíordheimhniú;

(3) ciallaíonn 'sonraí sainaitheantais duine' tacar sonraí, ***arna n-eisiúint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta,*** chun céannacht duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, nó duine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige ar dhuine dlítheanach, a shuíomh.

(4) ciallaíonn 'scéim ríomh-shainaitheantais' córas chun ríomh-shainaithint a dhéanamh faoina ndéantar modhanna ríomh-shainaitheantais a eisiúint do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar dhaoine dlítheanacha ***nó nádúrtha***;

***(4a) ciallaíonn 'úsáideoir' duine nádúrtha nó dlítheanach, nó duine nádúrtha a dhéanann ionadaíocht ar dhuine dlítheanach a úsáideann seirbhísí iontaoibhe, modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith nó Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí;***

(5) ciallaíonn 'fíordheimhniú' ríomhphróiseas a fhágann go bhféadfar foinse agus sláine ríomhshonraí ***a fhíorú*** ▌ ;

***(5a) ciallaíonn 'sainaithint' próiseas leictreonach lena mbunaítear caidreamh díreach idir tacar sonraí agus duine nádúrtha nó dlítheanach;(5b) ciallaíonn 'bailíochtú' an próiseas lena bhfíoraítear go bhfuil ríomhshíniú, ríomhshéala, Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí (EDIW), modh ríomh-shainaitheantais, údarú páirtí is úsáideoir, sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhú***

***tréithe nó aon deimhniú leictreonach le haghaidh seirbhísí iontaoibhe bailí agus nár cúlghaireadh é, í nó iad;***

***(5c) ciallaíonn 'cruthúnas eolais nialasaigh' modhanna cripteagrafacha trínar féidir le páirtí is úsáideoir a bhailíochtú gur fíor ráiteas ar leith atá bunaithe ar ríomhdhearbhú tréithe i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí an úsáideora, gan aon sonraí a chur in iúl don pháirtí is úsáideoir i ndáil leis an ríomhdhearbhú tréithe sin;***

(6) ciallaíonn 'an páirtí is úsáideoir' duine nádúrtha nó dlítheanach a bhíonn ag brath ar ***mhodhanna*** ríomh-shainaitheantais***, lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí,*** nó ar sheirbhís iontaoibhe***, go díreach nó trí idirghabhálaí, chun seirbhísí a sholáthar***;";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

'(14) ciallaíonn 'deimhniú le haghaidh ríomhshínithe' ríomhdhearbhú a dhéanann sonraí bailíochtaithe ríomhshínithe a nascadh le duine nádúrtha agus lena ndearbhaítear ar a laghad ainm nó ainm bréige an duine sin;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (16):

'(16) ciallaíonn 'seirbhís iontaoibhe' ríomhsheirbhís a chuirtear ar fáil de ghnáth in aghaidh íocaíochta agus a bhfuil na nithe seo leanas inti:

(a) ríomhshínithe, ríomhshéalaí, nó ríomhstampaí ama, ríomhsheirbhísí seachadta leictreonacha atá cláraithe, ríomhdhearbhú tréithe agus deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin a chruthú, a fhíorú agus a bhailíochtú;

(b) cruthú, fíorú agus bailíochtú deimhnithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin;

(c) caomhnú ríomhshínithe, ríomhshéalaí nó na deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin;

(d) cartlannú leictreonach doiciméad leictreonach;

(e) bainistiú a dhéanamh ar ghléasanna cruthaithe ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cianda;

▌';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (21):

‘(21) ciallaíonn ‘táirge’ crua-earraí nó bogearraí, nó comhpháirteanna ábhartha crua-earraí agus / nó bogearraí, atá beartaithe lena n-úsáid chun ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe a sholáthar;’;

(f) cuirtear na pointí ▌ seo a leanas isteach:

‘(23a) ciallaíonn ‘gléas cruthaithe sínithe cáilithe cianda’ gléas ríomhshínithe cáilithe lena ndéanann soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe na sonraí um chruthú ríomhshínithe a ghiniúint, a bhainistiú nó a dhúbláil thar ceann sínitheora;

(23b) ciallaíonn ‘gléas cruthaithe séala cáilithe cianda’ gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe lena ndéanann soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe na sonraí um chruthú ríomhshínithe a ghiniúint, a bhainistiú nó a dhúbláil thar ceann cruthaitheora séala;’;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (29):

‘(29) ciallaíonn ‘deimhniú le haghaidh ríomhshéala’ ríomhdhearbhú nó sraith ríomhdhearbhuithe lena ndéantar sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine dlítheanach agus lena ndearbhaítear ainm an duine sin;’;

***(ga) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (38) agus (39):***

‘(38) ciallaíonn ‘deimhniú le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin’ ***ríomhdhearbhú*** trína bhféadfar láithreán gréasán a fhíordheimhniú agus trína nasctar an láithreán gréasán leis an duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eisítear an deimhniú dó;

(39) ciallaíonn ‘deimhniú cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin’ deimhniú le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin ***lena nasctar an láithreán gréasáin leis an duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eisítear an deimhniú chuige le leibhéal ard dearbhaithe***, deimhniú a eisíonn soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV;”

▌’

(i) cuirtear na pointí ▌ seo a leanas isteach:

‘(42) ***ciallaíonn*** ‘Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí’ ***modh ríomh-shainaitheantais lena ndéantar*** sonraí céannachta ***agus ríomhdhearbhuithe tréithe a stóráil, a bhainistiú agus a bhailíochtú go daingean***, chun iad a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí ***agus d’úsáideoirí eile Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna iarraidh sin, agus lenar féidir*** ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe ***a chruthú***;

(43) is éard is ‘tréith’ ann gné, saintréith nó cáilíocht a bhaineann le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach nó le heintiteas, [redacted] ;

(44) ciallaíonn ‘ríomhdhearbhú tréithe’ ríomhdhearbhú i bhfoirm leictreonach lenar féidir tréithe ***a thíolacadh agus*** a fhíordheimhniú;

(45) ciallaíonn ‘ríomhdhearbhú tréithe cáilithe’ ríomhdhearbhú tréithe, ríomhdhearbhú a eisíonn soláthraithe seirbhíse iontaoibhe agus lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V;

(46) is éard is ‘foinse bharántúil’ ann stór nó córas a choinnítear faoi fhreagracht comhlachta phoiblí nó eintitis phríobháidigh, agus is éard atá ann tréithe maidir le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach agus a meastar faoi gurb é príomhfhoinse na faisnéise sin é nó a bhfuil aitheantas aige mar fhoinse bharántúil ***i ndlí an Aontais nó*** sa dlí náisiúnta;

(47) ciallaíonn ‘cartlannú leictreonach’ seirbhís lena n-áirithítear ***go gcaomhnaítear*** sonraí nó doiciméid leictreonacha d’fhonn a sláine, cruinneas a dtionscnaimh agus a ngnéithe dlíthiúla a ráthú i rith na tréimhse caomhnaithe;

(48) ciallaíonn ‘seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe’ seirbhís a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45g;

(49) ciallaíonn ‘Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití ón Aontas’ léiriú a thabhairt, ar bhealach simplí, so-aitheanta agus soiléir, gur eisíodh Tiachóg na Céannachta Digití i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(50) ciallaíonn ‘fíordheimhniú láidir úsáideora’ fíordheimhniú bunaithe ar úsáid a bhaint as ***dhá thoisc fíordheimhniúcháin ar a laghad*** a thagann ó na catagóirí ‘eolas’, ‘seilbh’ agus ‘oidhreacht’ an úsáideora, agus iad neamhspleách ar a chéile, ar bhealach nach gcuireann sárú ar cheann

amháin díobh as d'iontaofacht na gceann eile agus atá deartha ar bhealach a chosnaíonn rúndacht na sonraí fíordheimhniúcháin;

(51) ciallaíonn 'cuntas úsáideora' sásra trínar féidir le húsáideoir seirbhísí poiblí nó príobhháideacha a rochtain ar na téarmaí agus ar na coinníollacha arna mbunú ag an soláthraí seirbhíse;

▌

(54) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679***;***

(55) ciallaíonn '***meaitseáil chéannachta***' próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine nó modhanna sainaitheantais duine a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana a bhaineann leis an duine céanna nó ina ndéantar iad a nascadh leis an duine sin;

***(55a) ciallaíonn 'seirbhís as líne' seirbhís a chuireann ar chumas an úsáideora sainaithint agus fíordheimhniú a dhéanamh go leictreonach do thríú páirtí a bhfuil teicneolaíochtaí dlúthghaireachta aige, is cuma cé acu atá an gléas nasctha leis an idirlíon nó nach bhfuil chun rochtain a fháil ar raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha.***";

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'Airteagal 5

Cosaint sonraí pearsanta, agus úsáid ainmneacha bréige in idirbheart leictreonach.

***1. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus, i gcás inarb ábhartha, Treoir 2002/58/CE, trí phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, an teorannaithe de réir cuspóra, agus na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil leis na bearta teicniúla chun an Rialachán seo agus an creat idir-inoibritheachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 12 de.***

***2.*** Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d'ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta ***agus mura rud é go gcuirtear de cheangal ar úsáideoirí le rialacha sonracha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta iad féin a shainaithint chun críoch***

***dlíthiúil***, ***ceadófar i gcónaí*** ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha***, arna roghnú faoi shaoirse ag an úsáideoir, agus*** ní chuirfear cosc ar an úsáid sin ***ná ní chuirfear srian léi trí bhíthin conradh ná trí bhíthin na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme maidir le húsáid na seirbhíse***.

***3. Mura rud é go gcuireann rialacha sonracha de chuid an Aontais nó an dlí náisiúnta de cheangal ar úsáideoirí iad féin a shainaithint chun críoch dlíthiúil, déanfaidh na páirtithe is úsáideoirí iarrachtaí réasúnta chun úsáid a seirbhísí a chumasú gan ríomh-shainaitheantas ná ríomh-fhíordheimhniú***.';

(5) i gCaibidil II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'ROINN I

RÍOMH-SHAINAITHEANTAS';

(6) Scriostar Airteagal 6;

(7) Cuirtear isteach na hAirteagail ▌ seo a leanas:

'Airteagal 6a

Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. Chun a áirithiú go mbeidh rochtain shlán***, iontaofa,*** inmhuiníne agus rianúil ag gach duine nádúrtha agus dlítheanach san Aontas ar sheirbhísí trasteorann poiblí agus príobháideacha, agus ***smacht iomlán acu ar a gcuid sonraí,*** eiseoidh gach Ballstát Tiachóg ***amháin*** de chuid na Céannachta Digití Eorpaí ***ar a laghad faoin... [18*** mí tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***.

2. Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint ***agus a bhainistiú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas***:

(a) ***go díreach*** ag Ballstát;

(b) eiseofar iad faoi shainordú ó Bhallstát;

(c) go neamhspleách ***ar Bhallstát*** ach aitheanta ag an mBallstát ***sin***.

***2a. Is foinse oscailte a bheidh sa chód foinseach a úsáidfear chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar agus foilseofar é le haghaidh iniúchóireachta agus athbhreithniú.***

3. Cuirfidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***, ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir,*** ar chumas an úsáideora an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na sonraí sainaitheantais ▌ is gá a iarraidh agus a fháil, a stóráil, a roghnú, a chomhcheangal agus a chomhroinnt go slán, ar bhealach atá trédhearcach don úsáideoir, inrianaithe ag an úsáideoir ***agus faoina rialú amháin***, ***chun an t-úsáideoir a shainaithint agus a fhíordheimhniú*** ar líne agus as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne a úsáid;

***(aa) ríomhdhearbhú tréithe a stóráil, a roghnú, a chomhcheangal agus a chomhroinnt go slán;***

***(ab) ríomhdhearbhú tréithe arna n-eisiúint go díreach ag an úsáideoir a eisiúint agus a chúlghairm ar bhealach slán;***

***(ac) ainmneacha bréige a ghiniúint agus iad a stóráil criptithe agus go háitiúil laistigh de;***

***(ad) Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó páirtí nasctha is úsáideoir de chuid tríú duine a fhíordheimhniú go slán, agus sonraí céannachta tríú páirtí agus ríomhdhearbhú tréithe ar líne agus as líne a fháil agus a fhíordheimhniú ar bhealach trédhearcach inrianaithe;***

***(ae) rochtain a fháil ar bhunachar sonraí na n-idirbheart uile a dhéantar trí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí trí dheais choiteann lenar féidir leis an úsáideoir an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(i) amharc ar liosta cothrom le dáta de na páirtithe is úsáideoirí a bhfuil nasc bunaithe ag an úsáideoir leo agus, i gcás inarb infheidhme, na sonraí uile a chomhroinntear;***

***(ii) iarraidh go héasca ar pháirtí is úsáideoir go scriosfaí sonraí pearsanta de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/679);***

***(iii) tuairisc a thabhairt go héasca don údarás inniúil náisiúnta ina bhfuil páirtí is úsáideoir bunaithe má fhaightear iarraidh neamhdhleathach nó iarraidh mhíchuí ar shonraí gan Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a fhágáil;***

***(iv)*** ***aon ríomhdhearbhú tréithe arna eisiúint ag an úsáideoir a chúlghairm;***

(b) sínigh trí bhíthin ríomhshínithe cáilithe.

***(ba)*** ***sonraí, ríomhdhearbhú tréithe agus cumraíochtaí uile na n-úsáideoirí a íoslódáil;***

***(bb)*** ***cearta na n-úsáideoirí maidir le hiniomparthacht sonraí a fheidhmiú trí aistriú chuig Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí eile ar leis an úsáideoir céanna iad.***

4. Maidir le Tiachóga na Céannachta Digití ***Eorpaí***, déanfar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) ***prótacail agus comhéadain*** ▌ choiteanna a sholáthar:

***(i)*** ***idirghníomhú go slán leis na modhanna ríomh-shainaitheantais a luaitear de bhun Airteagal 7(2), chun an t-úsáideoir a shainaithint agus a fhíordheimhniú;***

***(ii)*** ***eisitheoirí ríomhdhearbhaithe tréithe chun ríomhdhearbhú tréithe a eisiúint i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí de chuid an úsáideora;***

***(iii)*** ***naisc uathúla, phríobháideacha agus shlána idir piaraí a bhunú idir dhá Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí nó idir Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus páirtí is úsáideoir;***

***(iv)*** ***d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus do pháirtithe is úsáideoirí ríomhdhearbhuithe tréithe, sonraí sainaitheantais duine, sainaithint na bpáirtithe is úsáideoirí, sainaithint na bpáirtithe is úsáideoirí, ríomhshínithe agus ríomhshéalaí a iarraidh, a fháil, a roghnú, a sheoladh, a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú;***

***(v)*** ***d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus do pháirtithe is úsáideoirí chun Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí***

***agus na páirtithe is úsáideoirí formheasta a fhíordheimhniú agus a bhailíochtú;***

***(vi) d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó do pháirtithe is úsáideoirí, nuair atá siad ar fáil, cruthúnas eolais nialasaigh a dhéanamh atá bunaithe ar shonraí sainaitheantais duine nó ar ríomhdhearbhú tréithe;***

***(vii) d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a ríomhdhearbhú tréithe agus cumraíochtaí féin a aistriú agus atheisiúint air a iarraidh chuig Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí eile a bhaineann leis an úsáideoir céanna nó le feiste arna rialú ag an úsáideoir céanna;***

(b) lena áirithiú ▌***go gcuirfear cosc teicneolaíoch*** ar sholáthraithe ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe ***agus neamhcháilithe*** aon fhaisnéis ***a fháil*** faoi úsáid na dtréithe sin;

(c) chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le leibhéal dearbhaithe 'ard', go háirithe mar a chuirtear i bhfeidhm iad ar na ceanglais maidir le céannacht a phromhadh agus a fhíorú, agus le modhanna ríomh-shainaitheantais a bhainistiú agus a fhíordheimhniú;

***(ca) i gcás ríomhdhearbhú tréithe ag a bhfuil beartais nochta leabaithe, sásra a sholáthar chun a áirithiú nach mbeidh cead ach ag an bpáirtí is úsáideoir nó ag úsáideoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhfuil an ríomhdhearbhú tréithe is gá aige rochtain a fháil air;***

***(cb) sásra a sholáthar chun iarrataí digiteacha a fhaightear agus idirbhearta digiteacha a thaifeadadh ar bhealach cripteagrafach lena n-áirithítear nach féidir a mbarántúlacht a shéanadh;***

***(cc) sásra a chur ar fáil chun úsáideoirí a chur ar an eolas, gan mhoill, faoi aon sárú slándála a d'fhéadfadh a bheith tar éis a dTiachóg Céannachta Digití Eorpaí nó a hábhar a chur i mbaol go hiomlán nó go páirteach agus go háirithe má rinneadh a dTiachóg Céannachta Digití Eorpaí a chur ar fionraí nó a chúlghairm de bhun Airteagal 10a.***

▌

(e) chun a áirithiú go mbeidh baint leis ag na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in ***Airteagal***12(4)(d), ***a dhéanann ionadaíocht*** ar an duine nádúrtha nó dlítheanach;

***(ea) sásra a sholáthar lenar féidir le húsáideoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí gníomhú thar ceann duine nádúrtha nó dlítheanach eile;***

***(eb) 'Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití de chuid an Aontais' a thaispeáint chun ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe a aithint;***

***(ec) sínithe leictreonacha cáilithe a thairiscint do gach úsáideoir mar réamhshocrú agus saor in aisce.';***

5. Cuirfidh na Ballstáit ***sásraí bailíochtaithe saor in aisce chun an méid seo a leanas dhéanamh***:

(a) ▌ a áirithiú ***gur*** féidir barántúlacht agus bailíocht ***Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** a fhíorú;

(b) ▌ Ceadóidh sé do pháirtithe is ***úsáideoirí agus d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** a fhíorú go bhfuil ***ríomhdhearbhuithe*** tréithe ***barántúil agus*** bailí;

(c) chun ligean do pháirtithe is úsáideoirí***, d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** agus do na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe barántúlacht agus bailíocht na sonraí sainaitheantais duine a luadh a fhíorú.

***(ca) lamhálfaidh siad d'úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí barántúlacht agus bailíocht chéannacht na bpáirtithe deimhniúcháin arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 6b(1) a fhíorú.***

***5a. Cuirfidh na Ballstáit modhanna ar fáil chun bailíocht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a chúlghairm:***

***(a) arna iarraidh sin go sainráite don úsáideoir;***

***(b) nuair a chuirtear a shlándáil i mbaol;***

***(c) ar bhás an úsáideora nó ar scor de ghníomhaíocht an duine dhlítheanaigh.***

5b. ***Déanfaidh na Ballstáit feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí trí fheachtais chumarsáide. Áiritheoidh siad go mbeidh dea-oiliúint ar a gcuid saoránach maidir lena úsáid.***

5c. ***Áiritheoidh eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí gur féidir le húsáideoirí tacaíocht theicniúil a iarraidh go héasca agus fadhbanna teicniúla nó aon teagmhais eile a bhfuil tionchar diúltach acu ar sholáthar sheirbhísí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a thuairisciú.***

6. ▌ Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais leibhéal 'ard' dearbhaithe, scéim ar tugadh fógra ina leith. ▌

6a. ***Áiritheoidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí an tslándáil trí dhearadh. Soláthróidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí na feidhmiúlachtaí slándála úrscothacha is gá, amhail sásraí chun sonraí a chriptiú agus a stóráil ar bhealach nach mbeidh inrochtana ach ag an úsáideoir agus a bheidh inchriptithe aige agus a bhunóidh malartuithe criptithe ó cheann go ceann le páirtithe is úsáideoirí agus Tiachóga eile na Céannachta Digití Eorpaí. Tairgfidh siad frithsheasmhacht d'ionsaitheoirí oilte, áiritheoidh siad rúndacht, sláine agus infhaighteacht a n-ábhair, lena n-áirítear sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhú tréithe agus iarrfaidh siad deimhniú an úsáideora atá slán, sainráite agus gníomhach maidir lena oibriú.***

6b. ***Beidh eisiúint agus úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do gach duine nádúrtha agus dlítheanach.***

7. ***Beidh an creat teicniúil le haghaidh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na bprionsabal seo a leanas:***

***(a)*** Beidh smacht iomlán ag an úsáideoir ar Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ***agus ar shonraí an úsáideora, lena n-áirítear féindeimhniúchán***.

***(b) Úsáidfidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí gnéithe díláraithe le haghaidh ailtireacht na céannachta.***

***(c) Déanfar an tacar de mhodhanna ríomh-shainaitheantais, tréithe agus deimhnithe atá i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a stóráil go slán agus go heisiach ar ghléasanna a rialaíonn an t-úsáideoir, ach amháin***

***má thugann an t-úsáideoir toiliú gan bhac do stóráil ar fheistí tríú páirtí nó do rogha néalbhunaithe.***

***(e)*** ***Ceadóidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí naisc shlána idir an t-úsáideoir agus na páirtithe is úsáideoirí.***

***(f)*** ***le hailtireacht theicniúil Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, cuirfear cosc ar*** eisitheoir ▌ ***Thiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí***, ar an mBallstát nó ar aon pháirtithe eile modhanna ríomh-shainaitheantais, tréithe, doiciméid leictreonacha atá i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bhailiú nó a fháil agus*** faisnéis maidir le húsáid ***Thiachóg*** na ***Céannachta Digití Eorpaí ag an úsáideoir, ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir agus úsáid á baint as gléasanna atá faoi rialú an úsáideora agus ní lamhálfaidh malartú faisnéise trí*** Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ***do sholáthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe rianú, nascadh, comhghaolú nó eolas a fháil ar shlí eile faoi idirbhearta nó faoi iompar an úsáideora;***

***(g)*** ***Ní bheidh rochtain ag páirtithe is úsáideoirí ar aitheantóirí uathúla marthanacha i gcásanna*** seachas ***nuair a cheanglaítear*** an t-úsáideoir ***a shainaithint le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta***.

***(h)*** ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh faisnéis ábhartha maidir le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil go poiblí.***

***(i)*** sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, coinneofar iad ar leithligh go fisiciúil agus go loighciúil ó shonraí ar bith eile a choinnítear.

***(j)*** Má chuireann páirtithe príobháideacha Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil i gcomhréir le mír 1 (b) agus (c), beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha ***Airteagal*** 45(***4***);

***(k)*** ***i gcás nach n-éilíonn dearbhú tréithe sainaithint an úsáideora, déanfar cruthúnas eolais nialasaigh.***

***(l)*** ***is é eisitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bheidh ina rialaitheoir chun críocha Rialachán (AE) 2016/679 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí;***

***(m) Le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, cuirfear sásra gearáin ar fáil lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí an comhlacht maoirseachta faoin Rialachán seo agus na húdaráis mhaoirseachta arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2016/679 a chur ar an eolas go díreach i gcás ina n-iarrfaidh páirtí is úsáideoir méid díréireach sonraí nach bhfuil i gcomhréir leis an úsáid chláraithe atá beartaithe do na sonraí sin.***

***7a. Is go deonach a úsáidfear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, rochtain ar mhargadh an tsaothair agus saoirse chun gnó a dhéanamh, ní chuirfear srian ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nach n-úsáideann Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ná ní chuirfear faoi mhíbhuntáiste iad ar bhealach ar bith i leith na rochtana sin.***

***Beifear fós in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha trí mhodhanna sainaitheantais agus fíordheimhnithe eile atá ann cheana.***

▌

9. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 24(2), pointí (b), ***(d), (e), (f), (fa), (fb),*** (g) agus (h) maidir leis na Ballstáit a eisíonn ***agus a bhainistíonn*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***go díreach***.

10. Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***(AE)*** 2019/882 ***agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[8], chomh maith le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíochtaí digiteacha nó nach bhfuil litearthacht dhigiteach leordhóthanach acu***.

11. ***Faoin...*** [6 mhí ***tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], déanfaidh an Coimisiún ▌caighdeáin tagartha maidir leis na ceanglais dá dtagraítear san ***Airteagal seo*** trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur

[8] ***Arna formheas ag Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch.35).***

chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Déanfar an gníomh cur chun feidhme ***sin*** a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

***11a. Faoin... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí shonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a bhunú le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear san Airteagal seo.***

Airteagal 6b

Páirtithe is Úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ***ina bhfuil sé beartaithe ag páirtí*** is úsáideoir brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***chun seirbhísí poiblí nó príobháideacha a sholáthar, cláróidh sé sa*** Bhallstát ina bhfuil an páirtí is úsáideoir bunaithe. ***Áireofar i gclárú an pháirtí is úsáideoir faisnéis faoi na sonraí a bhfuil sé ar intinn aige a iarraidh maidir le gach seirbhís éagsúil a sholáthraítear, maidir leis an úsáid atá beartaithe do na sonraí a iarradh agus maidir leis na cúiseanna atá leis an iarraidh.*** Tabharfaidh ***an páirtí is úsáideoir fógra don Bhallstát*** faoi ***aon athrú ar an bhfaisnéis ar tugadh fógra fúithi gan moill mhíchuí***.

***1a. Na páirtithe is úsáideoirí a bhfuil sé beartaithe acu catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, amhail sonraí sláinte nó sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679, beidh gá acu le formheas roimh ré ó na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe acu a seirbhísí a sholáthar. Áiritheoidh na páirtithe is úsáideoirí a ndeonófar an formheas dóibh go ndéanfar faisnéis phearsanta a phróiseáil i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679.***

***1b. Beidh mír 1 agus mír 1a gan dochar do cheanglais formheasa ex-ante a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar.***

***1c. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go poiblí ar líne, mar aon le céannacht gach páirtí is úsáideoir agus a sonraí teagmhála.***

*1d.* ***Bunóidh na Ballstáit rialuithe ex post chun a fhíorú go bhfuil iarrataí ar shonraí comhréireach agus i gcomhréir leis an intinn dhearbhaithe agus go n-urramaítear prionsabal an íoslaghdaithe sonraí.***

*1e.* ***Cúlghairfidh Bord an Chreata Eorpaigh um Chéannacht Dhigiteach arna bhunú de bhun Airteagal 46c nó aon Bhallstát údarú na bpáirtithe is úsáideoirí i gcás úsáid neamhdhleathach nó chalaoiseach Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, nó cuirfidh sé an t-údarú sin ar fionraí go dtí go leigheasfar na neamhrialtachtaí a sainaithníodh.***

2. Cuirfidh na Ballstáit sásra comhchoiteann chun feidhme chun páirtithe is úsáideoirí is úsáideoirí a ***shainaithint agus*** a fhíordheimhniú ***agus chun na tacair sonraí ar tugadh fógra ina leith dá dtagraítear in Airteagal 6ú(4), pointí (ca) agus (cb) a fhíorú.***

*2a.* ***I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag na páirtithe is úsáideoirí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad iad féin a fhíordheimhniú agus a shainaithint d'úsáideoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, sula bhféadfar aon chineál eile idirbhirt a dhéanamh.***

3. Beidh na páirtithe is úsáideoirí freagrach as cur i gcrích an nós imeachta maidir le fíordheimhniú ***agus bailíochtú*** a dhéanamh ar shonraí sainaitheantais duine agus ar ríomhdhearbhú tréithe de thionscnamh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. ***Glacfaidh na páirtithe is úsáideoirí le húsáid ainmneacha bréige, mura rud é go gceanglaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta an t-úsáideoir a shainaithint.***

*3a.* ***Measfar gur páirtithe is úsáideoirí iad idirghabhálaithe atá ag gníomhú thar ceann na bpáirtithe is úsáideoirí agus ní bhfaighidh siad sonraí faoi inneachar an idirbhirt.***

4. ***Faoin...*** [6 mhí ***tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], ***glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** shonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla ***a bhunú*** do na ceanglais dá dtagraítear ***san Airteagal seo, i gcomhréir le*** hAirteagal ***6a(11d)***.

Airteagal 6c

Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a dheimhniú

1. Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bheidh deimhnithe nó ar eisíodh ráiteas comhréireachta ina leith faoi scéim cibearshlándála de bhun Rialachán (AE) 2019/881 agus ar foilsíodh a dtagairtí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha i ndáil le cibearshlándáil a leagtar amach in Airteagal 6a ***den Rialachán seo*** a mhéid a chumhdófar na ceanglais sin leis an deimhniú nó leis an ráiteas comhréireachta nó le codanna díobh. ***Nuair a bheidh scéimeanna ábhartha Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála ar fáil, déanfar Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, nó codanna díobh, a dheimhniú i gcomhréir leis na scéimeanna sin.***

2. Deimhneofar de bhun Rialachán (AE) 2016/679 go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in ▌ Airteagal ***6a(3), (4) agus (5)*** a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta a rinne eisitheoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.

***2a. I gcás ina mbeidh scéimeanna feidhmiúlachta agus deimhniúcháin idir-inoibritheachta ábhartha ar fáil, déanfar Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, nó codanna di, a dheimhniú i gcomhréir leis na scéimeanna sin. Cuirfidh na scéimeanna deimhniúcháin sin toimhde comhréireachta ar fáil do na ceanglais feidhmiúlachta agus idir-inoibritheachta a leagtar amach in Airteagal 6a. In éagmais scéimeanna deimhniúcháin le haghaidh feidhmiúlachta agus idir-inoibritheachta, beidh feidhm ag na caighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 6a(11).***

3. Deimhneoidh comhlachtaí um ***measúnú comhréireachta i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) 2019/881 maidir le ceanglais chibearshlándála agus comhlachtaí deimhniúcháin i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2016/679 le haghaidh oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta comhréireacht*** Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 6a ***den Rialachán*** seo.

***3a. Chun críocha an Airteagail seo, ní bheidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 9.***

4. ***Faoin ... [***6 mhí ***tar éis dháta theacht i bhfeidhm an*** Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta caighdeán,***sonraíochtaí teicniúla, nósanna imeachta agus scéimeanna an Aontais agus scéimeanna náisiúnta um dheimhniú cibearshlándála atá ar fáil de bhun Rialachán (AE) 2019/881 agus atá riachtanach*** chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear i ***míreanna 2a agus 3*** den Airteagal seo a dheimhniú. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2) den Rialachán seo***.

5. Cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na ***gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus na*** gcomhlachtaí ***deimhniúcháin*** dá dtagraítear i mír 3 in iúl don Choimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit ***uile***.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47***, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí na*** ▌ critéir shonracha dá dtagraítear i mír 3 ***den Airteagal seo*** a bhunú.

Airteagal 6d

Foilsiú liosta de Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas gan aon mhoill mhíchuí maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 6a agus arna ndeimhniú ag na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal ***6c(3).*** Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas freisin, gan aon mhoill ***mhíchuí, i gcás ina gcuirtear an*** deimhniúchán ar ceal ***agus na cúiseanna leis an gcealú sin***.

2. Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, déanfaidh an Coimisiún liosta ***meaisín-inléite cothrom le dáta*** deimhnithe de Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú, a fhoilsiú agus a chothabháil.

3. ***Faoin ... [***6 mhí ***tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], bunóidh an Coimisiún na formáidí agus na nósanna imeachta is infheidhme, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, chun críocha mhír 1 ***den Airteagal seo*** maidir

le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6***a(11)***. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).';***

(8) déantar an ceannteideal seo a leanas a chur isteach roimh Airteagal 7:

'ROINN II

SCÉIMEANNA RÍOMH-SHAINAITHEANTAIS';

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'Airteagal 7:

'De bhun Airteagal 9(1), tabharfaidh na Ballstáit fógra, ***faoin***... ***[***12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***]*** scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad lena n-áirítear modh ríomh- ***shainaitheantais*** amháin ar a laghad ***ag a bhfuil leibhéal dearbhaithe 'ard' a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar fad***:';

(10) in Airteagal 9 cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Foilseoidh an Coimisiún***, gan moill mhíchuí,*** liosta de na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar aon leis an mbunfhaisnéis ina dtaobh.

3. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 laistigh d'aon mhí amháin tar éis dó an fógra sin a fháil.';

***(10a) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:***

'Sárú slándála ***ar scéimeanna ríomh-shainaitheantais le haghaidh fíordheimhniú trasteorann'***;

(11) cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

'Airteagal 10a

Sárú slándála ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ina sárófar Tiachóga ***Céannachta*** Digití Eorpaí a eisítear de bhun Airteagal 6a nó na sásraí bailíochtaithe dá dtagraítear in Airteagal 6a(5) pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) nó go gcuirfear as dóibh i bpáirt ar bhealach a

dhéanfaidh difear dá n-iontaofacht agus do ***rúndacht, do shláine nó d'infhaighteacht na sonraí de chuid úsáideora, nó*** d'iontaofacht Thiachóg eile na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Ballstát eisiúna, gan mhoill, eisiúint Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a chur ar fionraí agus a bailíocht a chúlghairm agus cuirfidh sé ***na húsáideoirí a ndéanfar difear dóibh, an pointe teagmhála aonair arna ainmniú de bhun Airteagal 46a, na páirtithe is úsáideoirí,*** na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

***1a. Tar éis dó fógra faoin sárú slándála ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a thabhairt, rachaidh an pointe teagmhála aonair arna ainmniú de bhun Airteagal 46a i mbun idirchaidrimh leis na húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha agus, i gcás inar gá, le Bord Creata na Céannachta Digití Eorpaí arna bhunú de bhun Airteagal 46c, leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, leis an gCoimisiún agus le ENISA.***

2. I gcás ina leigheasfar an sárú nó an cur as dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Ballstát eisiúna eisiúint agus úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a athbhunú agus cuirfidh sé ***údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát eile, na húsáideoirí agus na páirtithe is úsáideoirí lena mbaineann, an pointe teagmhála aonair arna ainmniú de bhun Airteagal 46a*** agus an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí.

3. Mura ndéanfar ***aon iarracht nó mura ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach chun*** an sárú nó an cur as dá dtagraítear i mír 1 ▌ ***a leigheas*** laistigh de thrí mhí ón bhfionraí nó ón gcúlghairm, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann Tiachóg na ***Céannachta*** Digití Eorpaí lena mbaineann a tharraingt siar agus cuirfidh sé ***na húsáideoirí dá ndéanfar difear, an pointe teagmhála aonair arna ainmniú de bhun Airteagal 46a, na páirtithe*** is úsáideoirí, na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoin tarraingt siar dá réir sin. I gcás bonn cirt a bheith leis de bharr a thromchúisí atá an sárú, déanfar an Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí lena mbaineann a tharraingt siar gan mhoill ***agus ba cheart an cinneadh ábhartha a bheith réasúnaithe agus ba cheart é a chur in iúl don Choimisiún***.

4. Déanfaidh an Coimisiún na leasuithe a chomhfhreagraíonn don liosta dá dtagraítear in Airteagal 6d a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* gan aon mhoill mhíchuí.

5. ***Faoin ... [6 mhí tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo], ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 ***den Airteagal seo a shonrú*** tuilleadh. ';

(12) cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

'Airteagal 11a

Sainaithint ***trasteorann úsáideora***

1. Agus ***rochtain á fáil acu ar sheirbhísí poiblí trasteorann a éilíonn sainaithint an úsáideora le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit meaitseáil aitheantais dhobhréagnaithe do dhaoine nádúrtha trí úsáid a bhaint as*** modhanna ríomh-shainaitheantais ***nó*** as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar tugadh fógra ina leith***. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun cosaint sonraí pearsanta a*** áirithiú ***agus chun próifíliú úsáideoirí a chosc***.

2. ***Chun daoine nádúrtha a shainaithint arna iarraidh sin dóibh ar mhaithe le rochtain a fháil ar sheirbhísí mar a thuairiscítear i mír 1, soláthróidh na Ballstáit*** tacar íosta sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12.4.(d)***. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil aitheantóir uathúil amháin ar a laghad acu, arna iarraidh sin don úsáideoir, aitheantóirí*** uathúla seasmhacha ***a eisiúint le haghaidh úsáid trasteorann. Féadfaidh na haitheantóirí sin a bheith sonrach d'earnálacha ar leith nó do pháirtithe ar leith is úsáideoirí, ar choinníoll go sainaithnítear*** an t-úsáideoir ***go huathúil leo ar fud an Aontais***.

***2a. Soláthróidh na Ballstáit aitheantóir uathúil seasmhach aonair do dhaoine dlítheanacha a úsáideann modhanna ríomh-shainaitheantais nó Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.***

3. ***Faoin... [***6 mhí ***tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, ***glacfaidh an*** Coimisiún gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6***a(11)***, ***lena leagtar síos tuilleadh sonraíochtaí teicniúla lena bhfeabhsaítear an príobháideachas agus lena n-áiritheofar fíordheimhniú agus sainaithint trasteorann úsáideoirí a dhéanfar ar bhealach iontaofa, slán agus idir-***

***inoibritheach*. *Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).';***

(13) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

***(-a) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:***

'▌ Idir-inoibritheacht';

(a) i mír 3, ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointí (c) agus (d):

***'(c) éascaítear leis cur chun feidhme na cosanta sonraí agus na slándála trí dhearadh;***

***(d) áirithítear leis go bpróiseáiltear sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.';***

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tagairt do thacar íosta sonraí sainaitheantais duine is gá chun duine nádúrtha nó dlítheanach a léiriú ***ar bhealach dobhréagnaithe***, ***atá ar fáil ó scéimeanna ríomhaitheantais. Go ginearálta, a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta, déanfar na rioscaí do chearta daoine aonair a mheasúnú bunaithe ar Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2016/679***;';

***(ba) scriostar mír 5;***

(c) ***scriostar mír 6;***

***(ca) scriostar mír 7;***

***(cb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:***

'9. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i ***mír*** 8 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).';

(14) cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

'Airteagal 12a

Deimhniú scéimeanna ríomh-shainaitheantais

1. Maidir le scéimeanna leictreonacha ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith, is féidir le comhlachtaí ***comhréireachta*** arna n-ainmniú ag na Ballstáit a gcomhréireacht leis na ceanglais a leagtar síos in ***Airteagail*** ▌ 8 agus ▌ 10 a dheimhniú.

2. Ní bheidh feidhm ag athbhreithniú piaraí na scéimeanna ríomh-shainaitheantais dá dtagraítear in Airteagal ***46b(5)***, pointe (c) ***den Rialachán seo*** maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ná le cuid de na scéimeanna a deimhníodh i gcomhréir le mír 1. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as deimhniú nó as ráiteas comhréireachta ón Aontas arna eisiúint i gcomhréir le scéim Eorpach ábhartha um dheimhniú cibearshlándála arna bunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881 chun a léiriú go gcomhlíonann na scéimeanna sin ***nó codanna de na scéimeanna sin go hiomlán nó go páirteach*** na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8(2) ***den Rialachán seo*** maidir le leibhéil dearbhaithe scéimeanna ríomh-shainaitheantais.

***2a. Áireofar sa scéim deimhniúcháin a úsáidfear chun comhréireacht a léiriú de bhun mhír 1 measúnú leochaileachta dhá bhliain ar an táirge deimhnithe agus faireachán leanúnach ar bhagairtí, ach amháin más rud é gur bunaíodh an scéim deimhniúcháin sin de bhun Rialachán (AE) 2019/881.***

3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí na ***gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta*** dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil do na Ballstáit ***uile***.';

(15) cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 12a:

'ROINN III

SPLEÁCHAS TRASTEORANN AR MHODHANNA RÍOMH-SHAINAITHEANTAIS';

(16) Cuirtear isteach na hAirteagail ▌ seo a leanas:

'Airteagal 12b

Spleáchas trasteorann ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí

1. I gcás ina mbeidh ríomh-shainaitheantas ag teastáil ó na Ballstáit trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú faoin dlí náisiúnta nó trí

chleachtas riaracháin chun seirbhís ar líne arna soláthar ag comhlacht poiblí, glacfaidh siad freisin le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint ***i gcomhréir*** leis an Rialachán seo ***chun críche sainaithint leictreonach agus fíordheimhniú leictreonach agus cuirfidh siad an glacadh sin in iúl go soiléir d'úsáideoirí ionchasacha na seirbhíse***.

2. I gcás ina gceanglaítear ar pháirtithe príobháideacha is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí***,*** le dlí an ***Aontais nó*** leis an dlí náisiúnta, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid chun sainaithint ar líne a dhéanamh,▌ lena n-áirítear i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, ***na teileachumarsáide nó*** an oideachais***, go háirithe maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí oideachais agus gairmiúla***, ***tairgfidh*** páirtithe príobháideacha is úsáideoirí freisin úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***agus modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena ngabhann an leibhéal dearbhaithe 'ard'***, arna n-eisiúint i gcomhréir ***leis an Rialachán seo le haghaidh sainaithint agus fíordheimhniú***, ***agus glacfaidh siad lena n-úsáid*** freisin.

3. I gcás ina gceanglaítear ar úsáideoirí le hardáin an-mhór ar líne mar a shainmhínítear in ***Airteagal 25(1)*** de ***Rialachán (AE) 2022/2065*** fíordheimhniú a dhéanamh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne, glacfaidh siad freisin,***ach ní go heisiach,*** le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a***, agus éascóidh siad an úsáid sin***, ar choinníoll docht gur iarr an t-úsáideoir sin go deonach, agus urraim á tabhairt don ***cheart chun ainm bréige a úsáid dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Sa chás sin, úsáidfear ainmneacha bréige a ghinfidh an t-úsáideoir i ndáil le Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí. Cuirfidh ardáin an-mhór*** ar líne ***an fhéidearthacht sin in iúl go soiléir d'úsáideoirí na*** seirbhíse***. Toirmisctear sonraí sainaitheantais duine agus aon sonraí pearsanta agus aitheantóirí eile atá nasctha le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a chomhcheangal le sonraí pearsanta nó neamhphearsanta ó aon seirbhísí eile*** nach ***bhfuil riachtanach chun*** an fíordheimhniú ***a sholáthar nó croísheirbhísí a úsáid, mura rud é go n-iarrann an t-úsáideoir sin go sainráite***.

4. Spreagfaidh agus éascóidh an Coimisiún***, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an tionscal agus leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta,*** cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun rannchuidiú le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair sin, áiritheofar go mbeidh glacadh le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití na Eorpa laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo go háirithe ag soláthraithe seirbhíse a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí. Déanfaidh an Coimisiún forbairt na gcód iompair sin a éascú i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí go léir agus spreagfaidh sé soláthraithe seirbhíse le forbairt na gcód iompair a chur i gcrích laistigh de 12 mhí ón dáta a nglacfar an Rialachán seo agus iad a chur chun feidhme go héifeachtach laistigh de 18 mí ón dáta a ghlacfar an Rialachán.

▌

Airteagal 12c

Aitheantas frithpháirteach modhanna ríomh-shainaitheantais eile

1. I gcás ina gceanglófar faoin dlí náisiúnta nó i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta riaracháin ríomh-shainaitheantas a úsáid trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhnithe a úsáid le rochtain a fháil ar sheirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí i mBallstát amháin, aithneofar sa chéad Bhallstát an modh ríomh-shainaitheantais a eisítear i mBallstát eile chun an tseirbhís sin ar líne a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann ***agus chun aitheantas frithpháirteach a áirithiú*** ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas:

(a) go n-eisítear an modh ríomh-shainaitheantais faoi scéim ríomh-shainaitheantais a áirítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 9;

(b) go bhfreagraíonn leibhéal dearbhaithe an mhodha ríomh-shainaitheantais do leibhéal dearbhaithe atá comhionann le nó níos airde ná an leibhéal dearbhaithe a éilíonn an comhlacht poiblí ábhartha le rochtain a fháil ar an tseirbhís sin ar líne sa Bhallstát lena mbaineann, agus in aon chás, leibhéal dearbhaithe nach lú ná leibhéal dearbhaithe 'suntasach';

(c) i gcás ina n-úsáideann an comhlacht poiblí sa Bhallstát lena mbaineann an leibhéal dearbhaithe 'suntasach' nó 'ard' maidir leis an tseirbhís ar líne sin a rochtain.

Tabharfar an t-aitheantas sin tráth nach déanaí ná 6 mhí ón dáta a fhoilseoidh an Coimisiún an liosta dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír.

2. Féadfaidh comhlachtaí poiblí aitheantas a thabhairt do mhodh ríomh-shainaitheantais a eiseofar laistigh de raon feidhme scéim ríomh-shainaitheantas a áireofar ar an liosta a fhoilseoidh an Coimisiún de bhun Airteagal 9 agus a fhreagróidh do leibhéal dearbhaithe 'íseal', chun an tseirbhís a chuireann na comhlachtaí ar líne sin ar fáil a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann.

(17) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. D'ainneoin mhír 2 den Airteagal seo, beidh soláthraithe seirbhíse iontaoibhe faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanfar d'aonghnó nó le faillí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach más rud é nach gcomhlíonann siad na hoibleagáidí faoin Rialachán seo agus na hoibleagáidí bainistíochta riosca cibearshlándáil faoi Airteagal 18 de Threoir XXXX/XXXX [NIS2].';

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'Airteagal 14

Gnéithe idirnáisiúnta

1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tairmligthe*** a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal ***47***, ***lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** choinníollacha a leagan amach faoinar féidir a mheas i dtaca le ceanglais tríú tír is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe ar a chríoch, agus i dtaca leis na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad, go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe atá bunaithe san Aontas agus leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad.

2. I gcás inar ghlac an Coimisiún gníomh ***tarmligthe*** de bhun mhír 1 nó i gcás inar thug sé comhaontú idirnáisiúnta i gcrích maidir le haitheantas frithpháirteach seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh, measfar i dtaca le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar soláthraithe atá bunaithe sa tríú tír lena

mbaineann go bhfuil siad coibhéiseach le seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthair soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe atá bunaithe san Aontas.’;

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

‘Airteagal 15

Rochtain ***do*** dhaoine faoi mhíchumas ***agus do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu***

Déanfar soláthar seirbhísí iontaoibhe agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar a chur ***ar fáil i bhfriotal soiléir sothuigthe agus*** beidh rochtain orthu ag daoine faoi mhíchumas ***nó ag daoine le teorannú cumais, amhail daoine scothaosta agus daoine a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíochtaí digiteacha,*** i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***(AE)*** 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí ***agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas***[9].’;

***(19a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16:***

‘Airteagal 16

Pionóis

***1.*** ***Gan dochar d’Airteagal 31 de Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2],*** leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha do na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach***, go háirithe i gcás inar FBM é an páirtí a rinne an sárú***.

***2.*** ***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sáruithe arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo faoi réir fíneálacha riaracháin uasta nach lú ná EUR 10 000 000 nó 2 % de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais lena mbaineann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe cáilithe sa bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.***

[9] ***Arna formheas le Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 lena bhformheastar go dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach i gcrích Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch.35).***

***3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sárú arna dhéanamh ag soláthraithe seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo faoi réir fíneálacha riaracháin nach lú ná EUR 7 000 000 nó 1.4 % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil iomlán domhanda an ghnóthais lena mbaineann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe neamhcháilithe sa bhliain airgeadais roimhe sin, cibé acu is airde.***';

(20) ***Scriostar Airteagail 17, 18 agus 19.***

▌

(22) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

'1. Déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta iniúchadh ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, ar a laghad gach 24 mhí agus ar a gcostas féin. Dearbhófar leis an iniúchadh go gcomhlíonann na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus in Airteagal 18 de Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2]. ***I gcás inar ndearnadh comhpháirteanna de sheirbhísí iontaoibhe a dheimhniú ar leithligh i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní dhéanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta atá freagrach as an tseirbhís iontaoibhe a dheimhniú iniúchtaí breise ar na comhpháirteanna sin. Ina ionad sin, áiritheoidh na comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach gcuirfidh na hidirghníomhaíochtaí idir na comhpháirteanna éagsúla bac ar an tseirbhís iontaoibhe na ceanglais a leagtar síos sa mhír seo a chomhlíonadh.*** Déanfaidh soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe an tuarascáil ar mheasúnú comhréireachta a thagann as sin a chur faoi bhráid an chomhlachta maoirseachta laistigh de thrí lá oibre tar éis dóibh í a fháil.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deiridh

***Gan dochar d'aon oibleagáidí breise ar rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679,*** i gcás ***ina bhfuil aon chúis lena chreidiúint go bhféadfadh*** sárú a bheith déanta ar rialacha

cosanta sonraí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679***, eisitheoir agus rialaitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí*** ar an eolas ***gan moill mhíchuí agus soláthróidh sé*** torthaí a iniúchtaí ***a luaithe a bheidh siad ar fáil***.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. I gcás nach gcomhlíonann soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe aon cheann de na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ceanglóidh an comhlacht maoirseachta air leigheas a chur ar fáil laistigh de theorainn ama socraithe, más infheidhme.

I gcás mainneachtain an tsoláthraí sin i dtaca le leigheas a chur ar fáil agus, i gcás inarb infheidhme laistigh den teorainn ama a leagfaidh an comhlacht maoirseachta síos, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, agus aird á tabhairt go háirithe aige ar mhéid, ar fhad agus ar iarmhairtí na mainneachtana sin, ***déanfaidh*** sé stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse lena mbaineann a tharraingt siar agus, i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainn ama shocraithe, féadfaidh an comhlacht maoirseachta a iarraidh air ceanglais Threoir XXXX/XXXX[NIS2] a chomhlíonadh. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas chun na liostaí iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta.

Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe ar an eolas faoi aistarraingt a stádais cháilithe nó faoi aistarraingt stádas cáilithe na seirbhíse lena mbaineann.

4. ***Faoin ... [***12 mhí ***tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm an ***Rialacháin leasaithigh*** seo***]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhir thagartha do na caighdeáin seo a leanas:

(a) na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a chreidiúnú agus don tuarascáil measúnaithe creidiúnachta dá dtagraítear i mír 1;

(b) na ceanglais iniúchta lena ndéanfaidh na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a measúnú comhréireachta ar na soláthraithe

seirbhíse iontaoibhe cáilithe dá dtagraítear i mír 1, arna gcomhlíonadh ag na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta;

(c) na scéimeanna um measúnú comhréireachta le measúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe ag na comhlachtaí measúnaithe comhréireachta agus leis an tuarascáil ar an measúnú comhréireachta dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(23) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Fíoróidh an comhlacht maoirseachta cibé an bhfuil an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé ag comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, agus go háirithe, na ceanglais i gcomhair soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus i gcomhair na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad.

Chun a fhíorú go gcomhlíonann an soláthraí seirbhíse iontaoibhe na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 18 de Dir XXXX [NIS2], iarrfaidh an comhlacht maoirseachta ar na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Dir XXXX [NIS2] gníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanamh ina leith sin agus faisnéis a sholáthar faoin toradh laistigh de thrí lá tar éis a gcur i gcrích.

I gcás ina dtagann an comhlacht maoirseachta ar an gconclúid go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, deonóidh an comhlacht maoirseachta an stádas cáilithe don soláthraí seirbhíse iontaoibhe agus do na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé, agus cuirfidh sí an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas faoin méid sin chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an fógra i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

I gcás nach gcuirfear an fíorú i gcrích laistigh de thrí mhí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na cúiseanna leis an moill in iúl don soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe agus luafaidh sé an tréimhse a thógfaidh sé an fíorú a chur i gcrích.';

(b) ***cuirtear*** an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. ***Faoin ... [12 mhí tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, saineoidh an Coimisiún, formáidí agus nósanna imeachta an fhógra agus an fhíoraithe chun críocha mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

***(23a) Leasaítear Airteagal 22 mar a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

'1. Déanfaidh gach Ballstát liostaí iontaofa a bhunú, a chothabháil***, a uasdátú go rialta*** agus a fhoilsiú ina n-áireofar faisnéis a bhaineann le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe a bhfuil sé freagrach ina leith, chomh maith le faisnéis a bhaineann leis na seirbhísí cáilithe iontaoibhe a sholáthraíonn siad.';

***(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***'3a. Forbróidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, ENISA, sásra tuairiscithe comhchuibhithe do sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe chomh maith le tríú páirtithe leasmhara eile chun achomharc a dhéanamh ar bhealach trédhearcach agus cuí-réasúnaithe maidir le cinneadh a rinne Ballstáit faoi sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a chur ar an liosta iontaoibhe agus faoina bhaint de.';***

***(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***'5a. Faoin ... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraí breise a leagan síos maidir leis an bpróiseas dá dtagraítear i mír 3a den Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';***

(24) in Airteagal 23, cuirtear mír 2a isteach:

‘2a. Beidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 freisin maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe i dtríú tíortha agus maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad, ar choinníoll go mbeidh aitheantas arna thabhairt dóibh san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 14.’;

(25) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Agus deimhniú cáilithe nó ríomhdhearbhú cáilithe tréithe á eisiúint ag soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe do sheirbhís iontaoibhe, fíoróidh soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe céannacht agus, más infheidhme, aon tréithe shonrach de chuid an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a n-eisítear an deimhniú cáilithe nó an ríomhdhearbhú tréithe cáilithe dó.

Déanfaidh an soláthraí cáilithe seirbhíse iontaoibhe an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fhíorú go díreach nó trí bhrath ar thríú páirtí, ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) trí mhodh ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 8 maidir leis an ***leibhéal*** dearbhaithe ‘ard’;

(b) trí ▌ dhearbhú ríomhshínithe cháilithe nó dearbhú ríomhshéala cháilithe a eiseofar i ***gcomhréir*** le pointe (a), (c) nó (d);

(c) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid lena n-áiritheofar sainaithint an duine nádúrtha le leibhéal ard muiníne, ar modhanna iad a ndearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta a gcomhréireacht;

(d) trí láithreacht fhisiciúil an duine nádúrtha nó ionadaí údaraithe an duine dhlítheanaigh trí na nósanna imeachta iomchuí agus i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta mura bhfuil modhanna eile ar fáil.’;

(b) cuirtear an mhír ▌ seo a leanas isteach:

‘1a. ***By ... [***12 mhí tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***]***, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí shonraíochtaí,***

***caighdeáin agus nósanna imeachta teicniúla íosta a leagan amach*** i ndáil le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c ***den Airteagal seo***.';

(c) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) roimh dhul isteach i gcaidreamh conarthach, aon duine ar mian leis seirbhís iontaoibhe incháilithe a úsáid, a chur ar an eolas, ar bhealach soiléir, cuimsitheach agus sothuigthe, i spás poiblí ar furasta teacht air agus go leithleach, faoi na téarmaí beachta agus na coinníollacha beachta a bhaineann le húsáid na seirbhíse sin, lena n-áirítear aon teorannú maidir lena húsáid;';

(2) cuirtear isteach na pointí nua (fa) agus (fb) seo a leanas:

'(fa) beartais iomchuí a bheith acu agus bearta comhfhreagracha a dhéanamh chun bainistiú a dhéanamh ar rioscaí dlíthiúla, gnó, oibríochtúla agus rioscaí díreacha nó indíreacha eile do sholáthar na seirbhíse iontaoibhe cáilithe. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 18 de Threoir AE XXXX/XXX [NIS2], áireofar ar na bearta sin an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) bearta a bhaineann le nósanna imeachta clárúcháin agus bordála maidir le seirbhís;

(ii) bearta a bhaineann le seiceálacha nós imeachta nó riaracháin;

(iii) bearta a bhaineann le seirbhísí a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

(fb) fógra a thabhairt don chomhlacht maoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, do chomhlachtaí ábhartha eile maidir le haon sárú nó briseadh atá nasctha ar chur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i mír (fa), pointí (i), (ii) agus, (iii), ar sárú nó briseadh é a bhfuil tionchar suntasach aige ar an tseirbhís iontaoibhe a sholáthraítear nó ar na sonraí pearsanta a choimeádtar inti.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g) agus (h):

‘(g) bearta iomchuí a dhéanamh in aghaidh sonraí a bhrionnú, a ghoid nó a mhíleithreasú nó, gan cheart, sonraí a scriosadh, a athrú nó a dhéanamh dorochtana;

(h) déanfaidh sé taifead ar an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann le sonraí a eisíonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus a fhaigheann sé agus coinneoidh sé ar fáil é cibé fad is gá tar éis dheireadh ghníomhaíochtaí uile an tsoláthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe chun fianaise a sholáthar in imeachtaí dlíthiúla agus chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú. Féadfar an taifeadadh sin a dhéanamh go leictreonach;’;

(4) scriostar pointe (j);

(d) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

‘4a. Beidh feidhm dá réir sin ag mír 3 agus mír 4 maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe a chúlghairm.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. ***Faoin ... [12 mhí tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i mír 2 ***den Airteagal seo***. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh córais agus táirgí iontaofa na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(f) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

‘6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 47, lena bhforlíontar an Rialachán seo maidir leis*** na bearta breise dá dtagraítear i mír 2(fa) ***den Airteagal seo***.’;

(26) In Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh deimhnithe cáilithe na ríomhshínithe: Toimhdeofar go bhfuiltear ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Iarscríbhinn I, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshínithe na caighdeáin sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(27) In Airteagal 29, cuirtear an mhír nua 1 a seo a leanas leis:

‘1a. Maidir le sonraí um chruthú ríomhshínithe ***cháilithe*** a ghiniúint, a bhainistiú nó a dhúbláil thar ceann an tsínitheora, ní fhéadfaidh ach soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chuireann seirbhís iontaoibhe cháilithe ar fáil le haghaidh bhainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda.’;

(28) cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 29a

Ceanglais maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cianda a bhainistiú

1. Is iad seo a amháin a fhéadfaidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú mar sheirbhís cháilithe:

(a) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a ghineann nó a bhainistíonn sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe thar ceann an tsínitheora;

(b) d’ainneoin phointe (1)(d) d’Iarscríbhinn II, soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe nach ndéanann dúbláil ar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe ach amháin chun cúltaca a dhéanamh ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

***(i)*** ní mór na tacair shonraí macasamhlaithe bheith ar aon leibhéal slándála leis an tacar sonraí bunaidh;

***(ii)*** ní rachaidh líon na dtacar sonraí macasamhlaithe thar an líon is lú a bheidh riachtanach chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú.

(c) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chomhlíonann aon cheanglas arna sainaithint sa tuarascáil deimhniúcháin a bhaineann leis an sainghléas cruthaithe sínithe cianda arna eisiúint de bhun Airteagal 30.

2. ***Faoin ... [12 mhí tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán chun críoch mhír 1.';

(29) In Airteagal 30, cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

'3a. Beidh an deimhniú dá dtagraítear i mír 1 bailí go ceann 5 bliana, ar choinníoll go ndéanfar measúnú rialta leochaileachtaí gach ré bliain. I gcás ina sainaithnítear leochaileachtaí agus nach leigheastar iad, déanfar an deimhniú a tharraingt siar.';

(30) In Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. ***Faoin ... [12 mhí tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún formáidí agus nósanna imeachta a shainiú is infheidhme chun críche mhír 1. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(31) Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos sa chéad fhomhír á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3 sin trí na ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. ***Faoin .... [12 mhí tar éis dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh ríomhshínithe cáilithe a bhailíochtú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 34:

‘Airteagal 34

Seirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe

1. Is soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraí den chineál sin amháin a fhéadfaidh seirbhís chaomhnaithe cháilithe le haghaidh ríomhshínithe cáilithe a sholáthar, ar soláthraí é a úsáidfidh nósanna imeachta agus teicneolaíochtaí a mbeidh sé ar a gcumas iontaofacht an ríomhshínithe cháilithe a shíneadh amach thar an tréimhse bhailíochta theicniúil.

2. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh na socruithe maidir leis an tseirbhís chaomhnaithe cháilithe do ríomhshínithe cáilithe na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.

3. ***Faoin .... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an*** Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh na seirbhíse caomhnaithe do ríomhshínithe cáilithe. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(33) Leasaítear Airteagal 37 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais maidir le ríomhshéalaí ardleibhéil dá dtagraítear in Airteagal 36 agus i mír 5 den Airteagal seo á gcomhlíonadh i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin sin dá dtagraítear i mír 4 le ríomhshéala ardleibhéil.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an*** Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha caighdeán le haghaidh ríomhshéalaí ardleibhéil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(34) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh deimhniú cáilithe le haghaidh ríomhshéala na caighdeáin dá dtagraítear i mír 6.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an*** Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh deimhnithe cáilithe do ríomhshéalaí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(35) cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 39a

Ceanglais maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshéala cianda a bhainistiú

Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 29a maidir le seirbhís cháilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhséala cianda a bhainistiú.’;

(36) Leasaítear Airteagal 42 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a nua seo a leanas isteach:

‘1a. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin dá dtagraítear i mír 2 tríd an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus tríd an bhfoinse chruinn ama.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2

‘2. ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh an dáta agus an t-am a nascadh le sonraí agus le haghaidh foinsí cruinne ama. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(37) Leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin dá dtagraítear i mír 2 leis an bpróiseas seolta agus glactha sonraí.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an*** Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún uimhreacha tagartha na gcaighdeán na gcaighdeán le haghaidh próisis chun sonraí a sheoladh agus a fháil. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).’;

(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:

‘Airteagal 45

Ceanglais maidir le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin

1. Le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin, ***beifear in ann an duine nádúrtha nó dlítheanach ar eisíodh an deimhniú dó nó di a fhíordheimhniú agus a shainaithint le hardleibhéal dearbhaithe. Comhlíonfaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin*** na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV ***freisin***. Measfar go mbeidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin i gcomhréir ***leis an mír seo agus*** leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.

2. Tabharfaidh brabhsálaithe gréasáin aitheantas do dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1. ***Ní chuirfear cosc ar bhrabhsálaithe gréasáin bearta a dhéanamh atá riachtanach agus comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhfuil bunús léirithe ina leith maidir le sáruithe slándála, príobháideachas an úsáideora agus cailleadh sláine na ndeimhnithe ar choinníoll go bhfuil na bearta sin cuí-réasúnaithe. I gcás den sórt sin, tabharfaidh an brabhsálaí gréasáin fógra gan mhoill don***

***Choimisiún, do ENISA agus don soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a d'eisigh an deimhniú nó an tacar deimhnithe sin faoi aon bheart a rinneadh. Ciallaíonn an t-aitheantas sin go*** n-áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin go ndéanfar na sonraí céannachta ***ábhartha agus an ríomhdhearbhú tréithe a soláthraíodh*** a thaispeáint ar bhealach atá éasca don úsáideoir a léamh***, i gcás inar féidir, ar bhealach comhsheasmhach, ar léiriú úrscothachta é maidir le hinrochtaineacht, feasacht na n-úsáideoirí agus cibearshlándáil de réir na gcaighdeán is fearr sa tionscal***. Áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d'fhiontair a mheastar a bheith ina micreafhiontair agus ina bhfiontair bheaga, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, sna chéad 5 bliana dá bhfeidhm mar sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin.

3. ***Faoin ... [12 mhí tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh seo]***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, soláthróidh an Coimisiún na sonraíochtaí agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán le haghaidh deimhnithe cáilithe don fhíordheimhniú suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 ***agus mír 2***. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear In Airteagal 48(2).';

(39) cuirtear na ranna 9, 10 agus 11 seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 45:

'ROINN 9

RÍOMHFHIANÚ TRÉITHE

Airteagal 45a

Éifeachtaí dlíthiúla ríomhdhearbhaithe tréithe

1. Ní dhiúltófar éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise do ríomhdhearbhú tréithe in imeachtaí dlíthiúla ar na forais sin amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach ***nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, nó gur soláthraí seirbhísí iontaoibhe a bhunaítear i mBallstát eile a d'eisigh é***.

2. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe agus atá le ***dearbhú*** arna eisiúint go dleathach i bhformáid pháipéir. ***Leanfaidh na páirtithe***

***is úsáideoirí de ghlacadh leis na dearbhuithe sin i bhfoirm páipéir mar rogha mhalartach ar ríomhdhearbhú tréithe***.

3. Maidir le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a eisíodh i mBallstát amháin, sainaithneofar é mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe in aon Bhallstát eile.

Airteagal 45b

Ríomhdhearbhú tréithe i seirbhísí poiblí

I gcás ina n-éilítear ríomh-shainaitheantas faoin dlí náisiúnta trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú, chun seirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí a rochtain, ní chuirfear sonraí sainaitheantais duine i ríomhdhearbhú tréithe in ionad ríomh-shainaitheantais trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhniú le haghaidh ríomh-shainaitheantais, mura bhfuil siad ceadaithe go sonrach ag an mBallstát nó ag an gcomhlacht poiblí. I gcás den sórt sin, glacfar freisin le ríomhdhearbhú cáilithe tréithe ó Bhallstáit eile.

Airteagal 45c

Ceanglais maidir le dearbhú tréithe cáilithe

1. Comhlíonfaidh ríomhdhearbhú tréithe cáilithe na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V. Measfar go mbeidh ríomhdhearbhú tréithe cáilithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V i gcás ina gcomhlíonfaidh sé na caighdeáin dá dtagraítear i mír 4.

2. ***Gan dochar dá n-inneachar,*** ní bheidh ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe faoi réir aon cheanglas ***teicniúil*** sainordaitheach sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V.

3. Má chúlghairtear ríomhdhearbhú tréithe cáilithe tar éis a chéadeisiúna, caillfidh sé a bhailíocht ón nóiméad a chúlghairfear é, agus ní dhéanfar a stádas a athshlánú in aon imthosca ar bith. ***Ní bheidh ach páirtithe is úsáideoirí ar roinn an t-úsáideoir an tréith sin leo in ann an chúlghairm a nascadh leis na tréithe sin.***

4. ***Faoin [***6 mhí ***tar éis theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin ***leasaithigh*** seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, uimhreacha tagartha na

gcaighdeán le haghaidh ríomhdhearbhú tréithe cáilithe, i ndáil le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6***a(11)***.

Airteagal 45d

Fianú tréithe de réir na bhfoinsí barántúla

1. Áiritheoidh na Ballstáit, maidir leis na tréithe a liostaítear in Iarscríbhinn VI ar a laghad, i gcás ina mbraitheann na tréithe sin ar fhoinsí barántúla laistigh den earnáil phoiblí, go ndéanfar bearta lenar féidir le soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, trí mhodhanna leictreonacha arna iarraidh sin don úsáideoir, barántúlacht na tréithe a fhíorú ***saor in aisce*** go díreach de réir na bhfoinsí barántúla ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó trí idirghabhálaithe ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta i gcomhréir le dlí an ***Aontais nó*** ▌ leis an dlí náisiúnta.

***1a. Féadfaidh foinsí barántúla fianú leictreonach neamhcháilithe a eisiúint i dtaobh tréithe arna iarraidh sin don úsáideoir.***

2. ***Faoin [***6 mhí tar éis ***theacht i bhfeidhm*** an Rialacháin ***leasaithigh*** seo***]***, agus na caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh, leagfaidh an Coimisiún amach***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme,*** na sonraíochtaí, na caighdeáin agus na nósanna imeachta teicniúla íosta a bhaineann le catalóg na dtréithe agus le scéimeanna ríomhdhearbhaithe tréithe agus le nósanna imeachta fíoraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in Airteagal 6a(***11***). ***Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).***

Airteagal 45e

Ríomhdhearbhú tréithe Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint

***1.*** Soláthróidh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe comhéadan le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a.

***1a. Soláthróidh cláir phoiblí ríomhdhearbhú tréithe cáilithe d'úsáideoir Tiachóige Céannachta Digití Eorpaí arna iarraidh sin don úsáideoir.***

***1b.*** ***Féadfaidh aon soláthraí seirbhísí iontaoibhe nó foinse bharántúil ríomhdhearbhú tréithe neamhcháilithe a eisiúint maidir le tréithe nó féadfar é a eisiúint go díreach trí Thiachóg Céannachta Digití Eorpaí.***

***1c.*** ***Soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe arna mbunú i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí an úsáideora, tabharfaidh siad an deis don úsáideoir sin ríomhdhearbhú tréithe a iarraidh, a fháil, a stóráil agus a bhainistiú ar bhealach éasca, gan aon cheanglais theicniúla, riaracháin ná nós imeachta bhreise le haghaidh Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí arna heisiúint agus arna bainistiú ag an mBallstát tionscnaimh.***

Airteagal 45f

Rialacha breise maidir le seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe a sholáthar

1. Ní dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe ná neamhcháilithe sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin a chomhcheangal le sonraí pearsanta ó aon seirbhís eile a thairgeann siad.

2. Déanfar sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe a choimeád ar leithligh go loighciúil ó shonraí eile atá á gcoinneáil.

3. Sonraí pearsanta a bhaineann le seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe, coinneofar iad ar leithligh go fisiciúil agus go loighciúil ó shonraí ar bith eile arna gcoinneáil.

4. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe na seirbhísí sin faoi eintiteas dlíthiúil ar leith.

ROINN 10

SEIRBHÍSÍ CARTLANNAITHE DHIGITIGH CÁILITHE

***Airteagal 45fa***

***Éifeachtaí dlíthiúla seirbhíse cartlannaithe dhigitigh***

***1.*** ***Ní dhiúltófar éifeacht dhlíthiúil agus inghlacthacht sonraí agus doiciméad a chuirtear i gcartlann trí úsáid a bhaint as seirbhís cartlannaithe dhigitigh mar fhianaise dhlíthiúil ar na forais go bhfuil an tseirbhís sin i bhfoirm***

***leictreonach nó nach gcomhlíontar léi ceanglais seirbhíse cartlannaithe dhigitigh cháilithe.***

***2.*** ***Maidir leis na sonraí agus na doiciméid a chuirtear i gcartlann trí úsáid a bhaint as seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe, bainfidh siad tairbhe as toimhde maidir le sláine, infhaighteacht, inrianaitheacht, cruinneas agus tionscnamh na sonraí agus na ndoiciméad a chuirtear i gcartlann, chomh maith le sainaithint úsáideoirí.***

Airteagal 45g

Seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe

Is soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe agus soláthraí den chineál sin amháin a fhéadfaidh ***seirbhís*** cartlannaithe dhigitigh ***cháilithe*** le haghaidh ríomhdhoiciméad a sholáthar, ar soláthraí é ***a chuireann*** nósanna imeachta ***chun feidhme*** agus ***a úsáideann*** teicneolaíochtaí ***lena n-áirithítear go gcomhlíontar na ceanglais uile a bhaineann le seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe***.

Laistigh de ***24*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha ▌caighdeán maidir le seirbhísí cartlannaithe dhigitigh. ***Déanfar na gníomhartha*** cur chun feidhme sin ***a ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).

***Airteagal 45ga***

***Ceanglais maidir le seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe***

***1.*** ***Comhlíonfaidh seirbhísí cartlannaithe dhigitigh cáilithe na ceanglais seo a leanas:***

***(a)*** ***déanfaidh soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe iad a chruthú nó a chothabháil;***

***(b)*** ***áiritheofar leo sláine agus cruinneas a dtionscnaimh agus a ngnéithe dlíthiúla le linn na tréimhse caomhnaithe;***

***(c)*** ***áiritheofar leo cruinneas dháta agus am an phróisis cartlannaithe;***

***2. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos i mír 1 á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíontar seirbhís cartlannaithe dhigitigh na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.***

***3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha caighdeán a bhunú maidir leis na próisis chun sonraí leictreonacha nó doiciméid leictreonacha a ghlacadh, a stóráil, a scriosadh agus a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).***

▌

***(39a) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:***

'***Airteagal 46a***

***Údaráis inniúla náisiúnta agus pointe teagmhála aonair***

***1. Bunóidh gach Ballstát údarás inniúil náisiúnta nua amháin nó níos mó chun na cúraimí a shanntar dóibh faoi Airteagal 46b a dhéanamh nó déanfaidh siad comhlacht atá ann cheana a ainmniú chun na críche sin.***

***2. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála aonair náisiúnta amháin maidir leis an gcreat Eorpach um chéannacht dhigiteach (pointe teagmhála aonair). I gcás nach n-ainmníonn Ballstát ach údarás inniúil amháin, beidh an t-údarás inniúil sin mar an pointe teagmhála aonair freisin le haghaidh an Bhallstáit sin.***

***3. Feidhmeoidh gach pointe teagmhála aonair feidhm idirchaidrimh chun comhar trasteorann údaráis inniúla a Bhallstáit leis na húdaráis ábhartha sna Ballstáit eile a áirithiú, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gCoimisiún agus le ENISA, agus chun comhar trasearnála a áirithiú le húdaráis inniúla náisiúnta eile laistigh dá Bhallstát.***

***4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá agus na hacmhainní leormhaithe ag na húdaráis inniúla arna mbunú nó arna n-ainmniú de bhun mhír 1 chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh, ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, agus ar an gcaoi sin cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Áiritheoidh na Ballstáit comhar éifeachtach, éifeachtúil***

***agus slán idir na hionadaithe ainmnithe ar Bhord an Chreata Eorpaigh um Chéannacht Dhigiteach arna bhunú de bhun Airteagal 46c.***

***5. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún, gan moill mhíchuí, faoi bhunú nó ainmniú an údaráis inniúil de bhun mhír 1. Cuirfidh siad céannacht agus cúraimí an phointe teagmhála aonair arna ainmniú de bhun mhír 2 agus aon athrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin ar fáil don phobal freisin agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina leith. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na pointí teagmhála aonair sin.***

***Airteagal 46b***

***Cúraimí na n-údarás inniúil náisiúnta***

***1. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta na cúraimí seo a leanas:***

***(a) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus é a fhorfheidhmiú;***

***(b) maoirseacht a dhéanamh ar eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí atá bunaithe ar a chríoch trí ghníomhaíochtaí maoirseachta ex ante agus ex post, á áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh nuair a theipeann orthu sin a dhéanamh;***

***(c) maoirseacht a dhéanamh ar iompraíochtaí a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach nó míchuí de chuid páirtithe is úsáideoirí atá bunaithe ar a chríoch, go háirithe i gcás inar tuairiscíodh an iompraíocht sin trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm más gá;***

***(d) maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin trí ghníomhaíochtaí maoirseachta ex ante agus ex post, go gcomhlíonann na soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe sin agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;***

***(e) beart a dhéanamh más gá maidir le soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin trí ghníomhaíochtaí maoirseachta ex post, nuair a chuirtear in iúl go***

*líomhnaítear nach gcomhlíonann na soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe sin nó na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;*

(f) *anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha ar mheasúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagail 20(1) agus 21(1);*

(g) *maidir le húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha na mBallstát lena mbaineann, ar údaráis iad arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX [NIS2], chun iad a chur ar an eolas faoi aon sárú suntasach ar shlándáil nó teip ó thaobh sláine de a dtagann siad ar an eolas fúthu agus a gcuid cúraimí á gcomhlíonadh acu agus, i gcás sárú suntasach ar shlándáil nó teip ó thaobh sláine de a bhaineann le Ballstáit eile, pointe teagmhála aonair an Bhallstáit lena mbaineann arna n-ainmniú de bhun Threoir (AE) XXXX/XXXX (NIS2) a chur ar an eolas;*

(h) *tuarascáil maidir lena bpríomhghníomhaíochtaí a chur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 2;*

(i) *iniúchtaí a dhéanamh nó iarraidh ar chomhlacht measúnaithe comhréireachta measúnú comhréireachta a dhéanamh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 20(2);*

(j) *comhoibriú le húdaráis mhaoirseachta arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe, trína gcur ar an eolas gan moill mhíchuí, faoi thorthaí na n-iniúchtaí ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe, i gcás ina bhfuil fianaise ann gur sáraíodh rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, agus faoi sháruithe slándála ar dócha gur sáruithe maidir le sonraí pearsanta iad, nó faoi amhras faoi na sáruithe sin ar tháinig siad ar an eolas fúthu agus a gcuid cúraimí á gcomhlíonadh acu, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679;*

(k) *an stádas cáilithe a dheonú do na soláthraithe seirbhísí iontaoibhe agus do na seirbhísí a sholáthraíonn siad agus an stádas sin a asbhaint i gcomhréir le hAirteagail 20 agus 21;*

*(l) an comhlacht atá freagrach as an liosta iontaofa náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 22(3) a chur ar an eolas faoina chinntí an stádas cáilithe a dheonú nó a asbhaint, murab é an comhlacht sin an t-údarás inniúil náisiúnta freisin;*

*(m) a fhíorú gurb ann d'fhorálacha maidir le pleananna foirceanta agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme mar is ceart i gcásanna ina gcuireann an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe deireadh lena chuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an chaoi a n-áirítear inrochtaineacht ar fhaisnéis, i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 24(2);*

*(n) a chur de cheangal ar sholáthraithe seirbhísí iontaoibhe agus eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí go réiteoidh siad aon mhainneachtain a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialacháin seo a chomhlíonadh;*

*(o) comhoibriú leis na húdaráis inniúla náisiúnta eile agus tacú leo i gcomhréir le hAirteagal 46c.*

*2. Faoin 31 Márta gach bliain, cuirfidh gach údarás inniúil náisiúnta tuarascáil ar a phríomhghníomhaíochtaí le linn na bliana féilire roimhe sin faoi bhráid an Choimisiúin.*

*3. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear i mír 2 ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus cuirfidh sé ar fáil don phobal iad.*

*4. Faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na formáidí agus na nósanna imeachta don tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (h) den Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).*

*5. Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí chúraimí na n-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a shonrú tuilleadh.*

***Airteagal 46c***

***Bord an Chreata Eorpaigh um Chéannacht Dhigiteach***

***1.*** ***Bunófar Bord an Chreata Eorpaigh um Chéannacht Dhigiteach ('EDIFB').***

***2.*** ***Beidh EDIFB comhdhéanta d'ionadaithe ó údaráis inniúla náisiúnta agus ón gCoimisiún.***

***3.*** ***Féadfar cuireadh a thabhairt do gheallsealbhóirí agus do thríú páirtithe ábhartha uile freastal ar chruinnithe de EDIFB agus páirt a ghlacadh ina chuid oibre.***

***4.*** ***Tabharfar cuireadh do ENISA freastal ar chruinnithe nuair a bheidh saincheisteanna a bhaineann le cibearbhagairtí, fógra a thabhairt i leith sáruithe, deimhnithe nó caighdeáin chibearshlándála nó saincheisteanna eile a bhaineann leis an tslándáil á bplé.***

***5.*** ***Beidh na cúraimí seo a leanas ar EDIFB:***

***(a)*** ***cúnamh a thabhairt don Choimisiún tograí reachtacha agus tionscnaimh bheartais a ullmhú i réimse na dtiachóg digiteach, na modhanna ríomh-shainaitheantais agus na seirbhísí iontaoibhe;***

***(b)*** ***cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus comhoibriú leis maidir le gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ullmhú de bhun an Rialacháin seo;***

***(c)*** ***tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo, inter alia, chun na gcríoch seo a leanas:***

***(i)*** ***dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo;***

***(ii)*** ***scrúdú a dhéanamh ar na forbairtí ábhartha sna hearnálacha a bhaineann le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe;***

***(iii)*** ***cruinnithe comhpháirteacha a eagrú go rialta le páirtithe leasmhara ábhartha as gach cearn den Aontas chun gníomhaíochtaí a dhéanann EDIFB a phlé agus chun ionchur a bhailiú maidir le dúshláin bheartais atá ag teacht chun cinn;***

*(iv)* ***treoirlínte comhchoiteanna a eisiúint maidir le cur chun feidhme an Rialacháin;***

*(v)* ***le tacaíocht ó ENISA, faisnéis, taithí agus dea-chleachtas a mhalartú maidir le gnéithe cibearshlándála uile Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, na scéimeanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe;***

*(vi)* ***oibreoidh na húdaráis inniúla náisiúnta faoin Rialachán seo agus na húdaráis inniúla náisiúnta faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2] i gcomhar le chéile chun a áirithiú go leanfar leis na cleachtais reatha agus chun cur leis an eolas agus leis an taithí a fuarthas agus Rialachán eIDAS á chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, comhoibreoidh siad chun a áirithiú go gcuirfear Treoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2] chun feidhme go comhleanúnach;***

*(vii)* ***treoir a thabhairt i leith forbairt agus cur chun feidhme beartas maidir le fógra a thabhairt i leith sáruithe, nochtadh comhordaithe na leochaileachtaí agus bearta comhchoiteanna dá dtagraítear in Airteagal 10 agus 10a;***

*(viii)* ***dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú maidir le bearta cibearshlándála an Rialacháin seo agus maidir le Treoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2] a mhéid a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe, i ndáil le cibearbhagairtí, teagmhais, leochaileachtaí, tionscnaimh múscailte feasachta, oiliúint, cleachtaí agus scileanna, fothú acmhainneachta, caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla agus cumais ghaolmhara;***

*(ix)* ***measúnuithe comhordaithe ar rioscaí slándála a dhéanamh i gcomhar le ENISA;***

*(x)* ***athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith a thagann faoin Rialachán seo.***

6. ***Faoi chuimsiú EDIFB, féadfaidh na Ballstáit cúnamh frithpháirteach a lorg:***

   (a) ***tar éis do EDIFB iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás inniúil náisiúnta, tabharfaidh sé cúnamh don údarás inniúil náisiúnta sin ionas gur féidir é a dhéanamh ar bhealach comhsheasmhach, lena bhféadfar, go háirithe, iarrataí ar fhaisnéis agus bearta maoirseachta a chumhdach, amhail iarrataí ar chigireachtaí a dhéanamh a bhaineann leis na tuarascálacha ar mheasúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 21 maidir le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar;***

   (b) ***i gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Ballstáit údarú a thabhairt dá n-údaráis inniúla náisiúnta faoi seach imscrúduithe comhpháirteacha a dhéanamh a mbeidh baill foirne ó údarás inniúil náisiúnta na mBallstát eile bainteach leo. Comhaontóidh agus bunóidh na Ballstáit lena mbaineann na socruithe agus na nósanna imeachta do ghníomhaíochtaí comhpháirteacha den chineál sin i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta.***

7. ***Faoin ... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, bunóidh EDIFB clár oibre maidir le gníomhaíochtaí atá le déanamh chun a chuspóirí agus a chúraimí a chur chun feidhme.***

8. ***Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe nós imeachta is gá d'fheidhmiú EDIFB. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).***';

***(39b) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:***

'2. Tugtar an chumhacht don Choimisiún na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in ***Airteagal 6a(11a), Airteagal 6c(6), Airteagal 24(1a) agus (6),*** Airteagal 30(4) ***agus Airteagal 46b(5)*** a ghlacadh ar feadh tréimhse éiginnte amhail ón 17 Meán Fómhair 2014.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 6a(11a), Airteagal 6c(6), Airteagal 24(1a) agus (6),*** Airteagal 30(4) ***agus Airteagal 46b(5)*** a

chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.’;

***(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:***

‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun ***Airteagal 6a(11a), Airteagal 6c(6), Airteagal 24(1a) nó (6),*** Airteagal 30(4) ***nó Airteagal 46b(5)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

(40) Cuirtear an tAirteagal ▌ seo a leanas isteach:

‘Airteagal 48a

Ceanglais tuairiscithe

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar staitisticí i ndáil le feidhmiú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe.

2. Áireofar sna staitisticí a bhaileofar i gcomhréir le mír 1 an méid seo a leanas:

(a) líon na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil ***Tiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí ***bailí*** acu;

(b) cineál agus líon na seirbhísí lena nglactar le húsáid ***Thiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí; ***agus líon na ndiúltuithe d’iarrataí ó sholáthraithe seirbhísí, arb é is aidhm dóibh a bheith ina bpáirtí is úsáideoir, agus na cúiseanna atá leis na diúltuithe sin***;

(ba) ***líon na ngearán ó úsáideoirí agus na dteagmhas cosanta tomhaltóirí nó cosanta sonraí a bhaineann le páirtithe is úsáideoirí agus seirbhísí iontaoibhe cáilithe;***

(c) ***cineál agus líon na dteagmhas*** agus aga neamhfhónaimh an bhonneagair ar an leibhéal náisiúnta lena bhfuil cosc á chur le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí;

***(ca) cineál agus líon na dteagmhas slándála, na sáruithe amhrasta ar shonraí agus úsáideoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a ndearnadh difear dóibh;***

3. Na staitisticí dá dtagraítear i mír 2, déanfar iad a chur ar fáil don phobal i bhformáid oscailte, formáid a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín.

4. Faoi mhí an Mhárta gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na staitisticí arna mbailiú i gcomhréir le mír 2.';

(41) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 49:

'Airteagal 49

Athbhreithniú

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus cuirfear tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ***faoin ... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]***. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht go háirithe an iomchuí ▌ go ndéanfaí raon feidhme an Rialacháin seo nó na forálacha sonracha a ghabhann leis a ***mhodhnú***, agus aird á tabhairt ar an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, mar aon lena bhfuil ag titim amach ó thaobh na teicneolaíochta, an mhargaidh agus an dlí de. I gcás inar gá, beidh togra le haghaidh ***leasú*** ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin.

2. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta measúnú ar infhaighteacht***, ar shlándáil*** agus ar inúsáidteacht na modhanna sainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus déanfar a mheasúnú an dtabharfar sainordú do gach soláthraí seirbhíse príobháideach ar líne a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí, ▌ glacadh le húsáid ***modhanna***

ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus ***le húsáid Thiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí.

3. De bhreis air sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 4 bliana tar éis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad mhír ar an dul chun cinn chun maidir le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

(42) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:

‘Airteagal 51

Bearta idirthréimhseacha

1. Gléasanna cruthaithe sínithe slána ar cinneadh a gcomhréireacht i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Threoir 1999/93/CE, measfar go fóill gur gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe iad faoin Rialachán seo ***go dtí*** [dáta – IO ***cuir*** isteach tréimhse ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Deimhnithe cáilithe a eisítear do dhaoine nádúrtha faoi Threoir 1999/93/CE, measfar gur deimhnithe cáilithe go fóill iad le haghaidh ríomhshínithe faoin Rialachán seo go dtí [dáta – ***Oifig na bhFoilseachán cuir*** isteach tréimhse ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].’;

(43) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(44) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(45) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(46) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(47) ***Cuirtear*** Iarscríbhinn V nua isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(48) ***Cuirtear*** Iarscríbhinn VI nua leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

Iarscríbhinn I

In Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí ▌ is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;

***(ia) léiriú, i bhformáid atá inléite ag meaisín, lena léirítear cén modh fíoraithe céannachta a liostaítear in Airteagal 24(1) a úsáideadh le linn eisiúint an deimhnithe;’.***

## Iarscríbhinn II

# CEANGLAIS MAIDIR LE GLÉASANNA CRUTHAITHE RÍOMHSHÍNITHE CÁILITHE

1. Áiritheoidh gléasanna ***cruthaithe*** ríomhshínithe cáilithe, trí bhíthin modhanna iomchuí teicniúla agus nós imeachta, an méid seo a leanas:

Áiritheoidh gléasanna ***cruthaithe*** ríomhshínithe cáilithe, trí bhíthin modhanna iomchuí teicniúla agus nós imeachta, an méid seo a leanas:

(a) go ndéantar caomhnú réasúnta ar rúndacht na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe;

(b) nach n-úsáidtear sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe ach aon uair amháin go praiticiúil;

(c) nach féidir na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe, le cinnteacht réasúnta, a dhéanamh amach agus go bhfuil an síniú á chosaint go hiontaofa ar bhrionnú le teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair;

(d) gur féidir leis an sínitheoir dlisteanach cosaint a dhéanamh le hiontaoibh ó úsáid pháirtithe eile ar na sonraí maidir le cruthú ríomhshínithe a úsáidtear i gcruthú ríomhshínithe.

2. Ní athróidh gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe na sonraí a bheidh le síniú ná ní chuirfidh siad cosc leis na sonraí sin a chur i láthair an tsínitheora roimh an síniú.

## Iarscríbhinn III

In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

‘(i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí ▌ is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe;

***(ia) léiriú, i bhformáid atá inléite ag meaisín, lena léirítear cén modh fíoraithe céannachta a liostaítear i mír 1 d’Airteagal 24 a úsáideadh le linn eisiúint an tséala;’.***

## Iarscríbhinn IV

***Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:***

***(1)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):***

‘(c) i gcás daoine nádúrtha: ar a laghad ainm an duine ar eisíodh an deimhniú dó ***le leibhéal ard dearbhaithe***, nó ainm bréige. Má úsáidtear ainm bréige, sonrófar an méid a leanas go soiléir; ▌

***(ca) i gcás daoine dlítheanacha: ar a laghad ainm an duine dhlítheanaigh ar eisíodh an deimhniú dó agus, i gcás inarb infheidhme, an cláruimhir mar atá sonraithe sna taifid oifigiúla le leibhéal ard dearbhaithe;’;***

***(2)*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

‘(j) an fhaisnéis, nó ***an*** láthair ina bhfuil na seirbhísí stádais ***bailíochta*** deimhnithe is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh faoi stádas bailíochta an deimhnithe cháilithe.’.

## Iarscríbhinn V

## CEANGLAIS MAIDIR LE RÍOMHDHEARHBÚ TRÉITHE CÁILITHE

Beidh an méid seo a leanas i ríomhdhearbhú tréithe cáilithe:

(a) léiriú, i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe ar a laghad, gur eisíodh an dearbhú mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe;

(b) tacar sonraí ***lena léirítear*** gan ***débhrí*** an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn ***an*** ríomhdhearbhú tréithe cáilithe lena n-áirítear ar a laghad, an ***Ballstát*** ina ***bhfuil*** an soláthraí bunaithe agus:

– i gcás duine ***dlítheanach***: ***an t-ainm*** agus, ***i gcás inarb*** infheidhme, an chláruimhir mar a shonraítear sna taifid oifigiúla,

– i gcás duine nádúrtha: ainm an duine;

(c) tacar sonraí lena léirítear gan débhrí an t-eintiteas lena mbaineann na tréithe ***dearbhaithe***; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir;

(d) an tréith ***dhearbhaithe*** nó na tréithe ***dearbhaithe***, lena n-áirítear, ***i gcás inarb*** infheidhme, an fhaisnéis is gá chun raon feidhme na dtréithe sin a shainaithint;

(e) sonraí maidir le tús agus le deireadh thréimhse bhailíochta an ***dearbhaithe***;

(f) cód céannachta an ***dearbhaithe***, nach mór dó a bheith uathúil le haghaidh an tsoláthraí cháilithe seirbhísí iontaoibhe agus más infheidhme, an léiriú ar scéim na ndearbhuithe ar cuid de é an dearbhú tréithe;

(g) ríomhshíniú ***cáilithe*** nó ríomhshéala ***cáilithe an tsoláthraí*** cháilithe seirbhísí iontaoibhe ***a eisíonn***;

(h) an láthair ina bhfuil an ***deimhniú*** lena dtacaítear leis an ríomhshíniú ardleibhéil nó ***leis an*** ríomhshéala ardleibhéil dá dtagraítear i bpointe (h) ar fáil saor in aisce;

(i) an fhaisnéis, nó an láthair ina bhfuil na seirbhísí [redacted] is féidir a úsáid chun fiosruithe a dhéanamh ***faoi stádas bailíochta an dearbhaithe cháilithe***.

## Iarscríbhinn VI

## ÍOSLIOSTA TRÉITHE

De bhreis ar Airteagal 45d, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta a ligfidh do sholáthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe fíorú a dhéanamh, trí mhodhanna leictreonacha, agus arna iarraidh sin don úsáideoir, ar bharántúlacht na dtréithe seo a leanas de réir na foinse barántúla ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó trí idirghabhálaithe ainmnithe atá aitheanta ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir ***le dlí an Aontais nó*** leis an dlí náisiúnta ▌ agus i gcásanna ina mbraitheann na tréithe sin ar fhoinsí barántúla laistigh den earnáil phoiblí:

1. Seoladh;

2. ***Dáta breithe***;

3. Inscne;

4. Stádas sibhialta;

5. Comhdhéanamh an teaghlaigh;

6. Náisiúntacht ***nó náisiúntachtaí***;

6a. ***Saoránacht nó saoránachtaí;***

7. Cáilíochtaí, teidil agus ceadúnais ***oideachais***;

8. Cáilíochtaí, teidil agus ceadúnais ***ghairmiúla***;

8a. ***Doiciméid lena gcruthaítear gníomhachtú córais cosanta agus ainm an pháirtí údaraithe atá ainmnithe chun gníomhú thar ceann an duine nádúrtha;***

9. Ceadanna agus ceadúnais ***phoiblí***;

10. Sonraí ***na*** cuideachta.

14.9.2022

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

**TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA**

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí
(COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Andrus Ansip

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

I mí an Mheithimh 2021, mar chuid den phacáiste 'Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach', mhol an Coimisiún Eorpach Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (Rialachán eIDAS). Céim thábhachtach i dtreo comhtháthú Eorpach agus rannchuidiú an-suntasach le rathúnas agus forbairt Mhargadh Aonair Digiteach AE is ea an togra nua seo le haghaidh Rialachán leasaitheach maidir le creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach. Trína chur ar chumas ár saoránach a gcéannacht a chruthú ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar riaracháin phoiblí ar líne, ar sheirbhísí príobháideacha nó díreach chun saintréith céannachta pearsanta a fhianú, amhail teastais leighis, cáilíochtaí gairmiúla nó ceadúnais tiomána, tá an bhearna dhigiteach idir na Ballstáit á dúnadh againn agus táimid ag fáil réidh, ar deireadh, le 'teorainn' na céannachta digití. Mar sin féin, is é is aidhm don dréacht-tuairim ábhar an togra seo a fheabhsú i bhfianaise an aistrithe dhigitigh.

Bhí tionchar uathúil spreagthach ag paindéim COVID-19 ar an aistriú digiteach. Mar thoradh air sin, tá méadú tagtha ar fud na hEorpa ar an éileamh ar mhodhanna le haghaidh sainaitheantais agus fíordheimhniú, agus chun faisnéis a mhalartú go digiteach a bhaineann lenár gcéannacht, agus féidhm á baint as ardchaighdeáin slándála agus príobháideachais. Is é eIDAS an t-aon chreat trasteorann amháin atá ag an Aontas le haghaidh ríomh-shainaitheantas iontaofa (eID) daoine nádúrtha agus dlítheanacha, agus seirbhísí iontaoibhe. Cuirfidh Tiachóga nua na Céannachta Digití Eorpaí, ar príomhghné den togra iad, ar chumas shaoránaigh, thomhaltóirí agus ghnólachtaí uile na hEorpa rochtain shlán a fháil ar sheirbhísí ar líne gan iallach a bheith orthu úsáid a bhaint as modhanna sainaitheantais atá á dtairiscint

ag ardáin mhóra faoi láthair, mar shampla, nó sonraí pearsanta a chomhroinnt gan ghá. Leis an réiteach sin, beidh smacht iomlán ag úsáideoirí ar na sonraí a chomhroinneann siad, rud lena n-áiritheofar ardleibhéal cosanta tomhaltóirí. Ina theannta sin, tá mian ag gabháil leis an Rialachán atá beartaithe freisin rochtain éifeachtach ar réitigh iontaofa shlána céannachta digití a sholáthar, agus inoibritheacht trasteorann ag gabháil leo chun freastal ar éilimh na saoránach agus ar éilimh an mhargaidh ar bhonn níos leithne. Beidh seirbhísí poiblí agus príobháideacha araon in ann brath go sábháilte ar réitigh chéannachta digití, rud eile atá ríthábhachtach thar theorainneacha laistigh den Aontas.

Mar rapóirtéir don Choiste IMCO, measaim cur chun feidhme creata dhlíthiúil trasteorann le haghaidh céannachtaí digiteacha iontaofa a bheith ina uirlis bhunriachtanach chun an Margadh Aonair Eorpach agus cosaint tomhaltóirí a neartú, i ngeilleagar domhanda atá ag éirí níos digití. Is ionann an staid reatha ina bhfuil fíorú digiteach lag, nó nach ann dó ar chor ar bith, agus ualach suntasach ó thaobh costais agus maorlathais de – ar an meán, caitheann gnólachtaí san Eoraip idir sé agus seacht seachtaine ag fíorú chéannacht na gcomhpháirtithe nó na gcliant féideartha gnó sula dtosaíonn siad ar ghnó a dhéanamh. Is measa fós atá an scéal mar gheall ar na héagsúlachtaí ceanglais oibríochtúla agus rialála atá ann idir na mBallstát.

Is deis atá san athbhreithniú seo chun staid a chruthú inar féidir le saoránaigh agus tomhaltóirí Eorpacha, ar minic obair trasteorann á déanamh acu ar bhonn laethúil cheana féin, oidis leighis a úsáid i dtíortha comharsanachta chun cógais a cheannach nó carr a fháil ar cíos gan stró; bogadh ó áit go háit mar gheall ar an obair agus clárú go héasca i dtír nua gan ualach riaracháin nach bhfuil gá leis; agus, go háirithe i gcás ár saoránach scothaosta, a bheith ar a suaimhneas agus a fhios acu gur féidir leo a gcéannacht a chruthú in ospidéal ar bith san Eorpach. Mar rapóirtéir, creidim go daingean gur féidir na spriocanna sin a éascú le eID trasteorann, a chomhlíonfadh go héifeachtach ról an phas don saol digiteach. Tá sé in am dúinn leanúint de bheith an-uaillmhianach, agus a chinntiú go ndéanfar seirbhís sholáimhsithe don úsáideoir a chur chun feidhme go pras agus go héifeachtach, seirbhís lena gcuirfear ar chumas ár saoránach smacht iomlán a bheith acu ar na sonraí a chomhroinneann siad, agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne san Aontas.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[16], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú, na sochair a bhaineann leis ***a leathnú*** chuig an earnáil phríobháideach, agus céannachtaí digiteacha iontaofa ***do gach Eorpach a chur chun cinn***. | (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[16], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú***, agus freagairt ar fhorbairtí teicneolaíocha ó glacadh é in 2014 agus, ag an am céanna,*** na sochair a bhaineann leis a leathnú chuig an earnáil phríobháideach, agus céannachtaí digiteacha iontaofa ***a chur chun cinn***. |
| [16] COM/2020/0067 | [16] COM/2020/0067 |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le cur chuige níos comhchuibhithe maidir le sainaithinteas digiteach, ba cheart go laghdófaí na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair mar gheall gur réitigh éagsúla atá in úsáid go náisiúnta agus neartófar an Margadh Aonair trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a | (4) Le cur chuige níos comhchuibhithe maidir le sainaithinteas digiteach, ba cheart go laghdófaí na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair mar gheall gur réitigh éagsúla atá in úsáid go náisiúnta agus neartófar an Margadh Aonair trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a |

| | |
|---|---|
| shainítear sa dlí náisiúnta agus do ghnólachtaí sainaithint a dhéanamh ar líne ar bhealach saoráideach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha a bhraitheann ar éiceachóras feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais chéannachta fhíoraithe agus dearbhuithe tréithe, amhail ***céim ollscoile*** a bhfuil aitheantas dlíthiúil aici agus a nglactar léi i ngach áit san Aontas. Is é is aidhm don chreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ***ar an leibhéal Eorpach***. Ba cheart go dtairbheodh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe de shraith rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart córais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar dhoiciméid leictreonacha i bhformáid ar leith. | shainítear sa dlí náisiúnta agus do ghnólachtaí sainaithint a dhéanamh ar líne ar bhealach saoráideach, ***iontaofa,*** aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha a bhraitheann ar éiceachóras feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais chéannachta fhíoraithe agus dearbhuithe tréithe, amhail ***cáilíocht acadúil*** a bhfuil aitheantas dlíthiúil aici agus a nglactar léi i ngach áit san Aontas, ***cáilíocht ghairmiúil, teideal, ceadúnas nó sainordú chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann cuideachta*** Is é is aidhm don chreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ***agus a mbeidh aitheantas dlíthiúil acu ar fud an Aontais***. Ba cheart go dtairbheodh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe de shraith rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart córais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar ríomhdhoiciméid i bhformáid ar leith lena mbaineann ***ardslándáil***. ***Maidir le ríomh-shainaitheantas le haghaidh seirbhísí poiblí a bhfuil ceanglais an-ard slándála ag baint leo, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar rialuithe céannachta breise, arna leagan amach i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach creat chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú lena n-eisiúint ag na Ballstáit, creat | (7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach creat chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú lena n-eisiúint ag ***údarás inniúil*** |

| | |
|---|---|
| lenar cheart a chur ar chumas shaoránaigh uile an Aontais agus ar chumas cónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta sonraí a bhaineann lena gcéannacht a chomhroinnt ar bhealach atá soláimhsithe saoráideach agus faoi smacht an úsáideora amháin. Na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart iad a fhorbairt d'fhonn an leibhéal is airde slándáil, áisiúlacht don úsáideoir ***agus*** inúsáidteacht fhairsing a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit rochtain chothrom ar shainaitheantas digiteach a áirithiú dá náisiúnaigh agus cónaitheoirí uile. | ***arna ainmniú ag*** Ballstát, ***faoi shainordú ó Bhallstát nó arna aithint ag Ballstát***, creat lenar cheart a chur ar chumas shaoránaigh uile an Aontais agus ar chumas cónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta ***smacht iomlán a choinneáil ar a rogha an Tiachóg a úsáid, chun sonraí a stóráil agus chun*** sonraí a bhaineann lena gcéannacht a chomhroinnt ar bhealach atá soláimhsithe saoráideach agus faoi smacht an úsáideora amháin. Na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart iad a fhorbairt d'fhonn an leibhéal is airde slándáil, ***cosaint sonraí,*** áisiúlacht don úsáideoir, inúsáidteacht fhairsing ***agus inoibritheacht rianúil*** a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit rochtain chomhionann ar chéannacht dhigiteach a áirithiú dá náisiúnaigh agus dá gcónaitheoirí uile***, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu nó daoine le teorannú cumais, amhail daoine scothaosta agus daoine a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíochtaí digiteacha nó nach bhfuil litearthacht dhigiteach leordhóthanach acu. Ba cheart Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bheith ar fáil saor in aisce do dhaoine nádúrtha agus trí ghléasanna nó teicneolaíochtaí a úsáidtear go coitianta. I gcás daoine dlítheanacha, ba cheart úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bheith saor in aisce nó ar fáil ar tháille ainmniúil.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach mbeidh daoine aonair nach n-úsáideann Tiachóg na Céannachta Digití*** |

***Eorpaí faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí nó príobháideacha, go háirithe seirbhísí nó seirbhísí fíor-riachtanacha lena gceadaítear dóibh gníomhaíocht ghairmiúil a dhéanamh. Níor cheart úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bheith éigeantach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí nó príobháideacha. Go háirithe, níor cheart do na Ballstáit rochtain ar sheirbhísí poiblí a theorannú go díreach ná go hindíreach do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha nach n-úsáideann Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus ba cheart dóibh réitigh mhalartacha neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú. Ba cheart é a bheith indéanta fós modhanna ríomh-shainaitheantais eile a úsáid seachas Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, amhail feidhmchláir um eochracha digiteacha a chruthú, léitheoirí cárta aitheantais nó cártaí cliste.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart do gach Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ligean d'úsáideoirí fíordheimhniú agus ríomh-shainaithint ar líne agus as líne thar theorainneacha d'fhonn raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha a rochtain. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil | (9) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí uile ba cheart go lamhálfaí d'úsáideoirí***, ar bhealach atá trédhearcach agus inrianaithe, sonraí céannachta, dintiúir agus ríomhdhearbhú tréithe an duine dhlítheanaigh a bhfuil gá leo a iarraidh agus a fháil, a stóráil, a roghnú, a chomhcheangal agus a chomhroinnt go slán, agus á áirithiú go bhfuil nochtadh roghnaitheach indéanta,*** chun sainaithint agus fíordheimhniú a dhéanamh go leictreonach ar líne agus as líne thar theorainneacha ***san Aontas*** chun rochtain a fháil ar raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a |

sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. Agus é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe ‘ard’, ba cheart go dtairbheodh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an Aontais a chruthú agus a úsáid. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint, tiachóga a bheidh ag brath ar chomhchaighdeáin chun idir-inoibritheacht rianúil ***agus*** leibhéal ard slándála a áirithiú. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a shuíomh agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. ***Ba cheart freisin, le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, go lamhálfaí don úsáideoir féachaint ar stair na n-idirbheart, sonraí na tiachóige a aistriú, an rochtain a aischur ar ghléas difriúil agus rochtain ar an tiachóg a bhlocáil i gcás sárú slándála, rud atá ina shiocair lena cur ar fionraí, lena cúlghairm nó lena tarraingt siar, agus an deis a thabhairt dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta eisitheoir na tiachóige. Ba cheart feidhmiúlacht a áireamh i dTiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun ainmneacha bréige in-chúlghairthe a ghiniúint, mar chineál fíordheimhnithe chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne a sholáthraíonn ardáin an-mhór ar líne mar a shainmhínítear i Rialachán [tagairt do DSA]. Ba cheart dó a cheadú freisin tréithe a fhíorú gan na sonraí foinseacha a nochtadh, agus gan sealbhóir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a shainaithint go hiomlán, mar shampla nuair is gá cruthúnas aoise chun rochtain a fháil ar sheirbhísí áirithe.*** Agus iad ag brath ar an leibhéal dearbhaithe ‘ard’, ba cheart go dtairbheodh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána ***chomh maith le teicneolaíochtaí atá bunaithe ar bogearraí agus a bhfuil ardchaighdeáin slándála agus príobháideachta*** ag gabháil leo, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a

chomhlíonadh. Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an Aontais a chruthú agus a úsáid. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint, tiachóga a bheidh ag brath ar chomhchaighdeáin chun idir-inoibritheacht rianúil**,** leibhéal ard slándála a áirithiú ***agus a saintréithe a chinneadh, lena n-áirítear i ndáil le gnéithe díláraithe na Tiachóige***. ***Nuair a bhunóidh an Coimisiún na caighdeáin sin, ba cheart dó caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a chur san áireamh freisin, i gcás inar féidir, agus dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta***. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a shuíomh agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Ba cheart d'eisitheoirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí pointe teagmhála aonair a bhunú lenar féidir le húsáideoirí sárú ar cheanglais an Rialacháin seo nó sárú slándála a thuairisciú, chun a iarraidh go ndéanfaí sonraí míchruinne sa Tiachóg a cheartú nó a chúlghairm. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sé de cheart ag úsáideoirí cúiteamh a lorg as damáistí a fulaingíodh mar gheall ar shárú ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaineann le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbeidh acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha ag a n-údaráis inniúla chun na cúraimí a shanntar dóibh i leith fheidhmiú Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a dhéanamh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Le cuíchóiriú na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le fógra a thabhairt agus le hathbhreithniú piaraí, cuirfear cosc le cuir chuige ilchineálacha maidir le measúnú a dhéanamh ar scéimeanna éagsúla ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus lena n-éascófar cothú muiníne idir na Ballstáit. Le sásraí nua simplithe, ba chóir comhar idir na Ballstát a chothú maidir le slándáil agus le hidir-inoibritheacht a scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith. | (15) Le cuíchóiriú na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le fógra a thabhairt agus le hathbhreithniú piaraí***, agus measúnaithe rialta ón gCoimisiún,*** cuirfear cosc le cuir chuige ilchineálacha maidir le measúnú a dhéanamh ar scéimeanna éagsúla ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus lena n-éascófar cothú muiníne idir na Ballstáit. Le sásraí nua simplithe, ba chóir comhar idir na Ballstát a chothú maidir le slándáil agus le hidir-inoibritheacht a scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta uathúla sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta. Chun na críche céanna, leis an Rialachán seo ba cheart an tacar sonraí éigeantacha íosta a leathnú agus ba cheart úsáid sainaitheantóir leictreonach atá uathúil agus leanúnach a cheangal i gcomhréir le dlí an Aontais sna cásanna sin inar gá an t-úsáideoir a shainaithint go dlíthiúil arna iarraidh sin dó nó di ar bhealach uathúil leanúnach. | (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta uathúla sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d’inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta. Chun na críche céanna, ***agus i gcás inarb ábhartha de réir earnála,*** leis an Rialachán seo ba cheart an tacar sonraí éigeantacha íosta a leathnú agus ba cheart úsáid sainaitheantóir leictreonach atá uathúil agus leanúnach a cheangal i gcomhréir le dlí an Aontais sna cásanna sin inar gá an t-úsáideoir a shainaithint go dlíthiúil arna iarraidh sin dó nó di ar bhealach uathúil leanúnach. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I gcomhréir le Treoir (AE) 2019/882[22], ***ba cheart*** daoine faoi | (18) I gcomhréir le Treoir (AE) 2019/22[22], ***Treoir (AE) 2016/2102[22a] agus*** |

mhíchumas ***a bheith in ann úsáid a bhaint as*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile.

***Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[22b],*** ba cheart ***úsáid*** Thiachóga na céannachta digití Eorpaí, seirbhísí iontaoibhe agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar ***a chur ar fáil i dteanga shoiléir shothuigthe agus a bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine le teorannú cumais amhail daoine scothaosta, ionas go mbeidh siad in ann iad sin a úsáid*** ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile ***rud a áiritheoidh go mbeidh cáilíocht eispéireas an úsáideora ar aon dul le cáilíocht úsáideoirí eile***.

---

[22] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

[22] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

***[22a] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1-15).***

***[22b] Arna formheas ag Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a | (20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a |

| | |
|---|---|
| sholáthar agus a úsáid sa trádáil agus sa chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le ***reachtaíocht cur chun feidhme*** féadfar na coinníollacha a shocrú faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh. | sholáthar agus a úsáid sa trádáil agus sa chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le ***gníomhartha tarmligthe*** féadfar na coinníollacha a shocrú faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Leis an Rialachán seo ba cheart forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha an Aontais lena n-áirithítear margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach. Go sonrach, cuireann sé le Rialachán XXX/XXXX [an Ionstraim um Margaí Digiteacha], lena dtugtar isteach rialacha le haghaidh soláthraithe ardán croísheirbhísí a ainmnítear mar mhaoir gheata ***agus*** Rialachán***, i measc nithe eile, lena gcuirtear cosc ar mhaoir gheata ceangal a chur ar*** úsáideoirí gnó seirbhís sainaitheanta ***a úsáid, a thairiscint nó idiroibriú léi i gcomhthéacs seirbhísí arna dtairiscint ag úsáideoirí gnó a úsáideann ardán croísheirbhísí an mhaoir geata sin. Le hAirteagal 6(1)(f) de Rialachán XXX/XXXX [an Ionstraim um Margaí Digiteacha], ceanglaítear ar mhaoir gheata ligean d'úsáideoirí gnó agus do*** | (21) Leis an Rialachán seo ba cheart forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha an Aontais lena n-áirithítear margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach. Go sonrach, cuireann sé le Rialachán XXX/XXXX [Gníomh um na Margaí Digiteacha], lena dtugtar isteach rialacha le haghaidh soláthraithe ardán croísheirbhísí a ainmnítear mar mhaoir gheata ***chun cead a thabhairt dá*** n-úsáideoirí gnó an tseirbhís aitheantais ***ar mian leo a úsáid nó ar mian leo idiroibriú léi a roghnú gan bhac***. ***Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do Thiachóg na Céannachta*** Digití ***Eorpaí nó modhanna*** ríomh-shainaitheantais ***na mBallstát ar tugadh fógra ina leith.*** Ba cheart, dá bhrí sin, úsáideoirí gnó agus soláthraithe seirbhísí ***sainaitheantais*** a bheith in ann rochtain a fháil ar na gnéithe crua-earraí nó |

***sholáthraithe seirbhísí coimhdeacha rochtain ar an gcóras oibriúcháin céanna, agus ar na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna atá ar fáil nó atá in úsáid ag maor geata i soláthar aon seirbhíse coimhdí agus idir-inoibritheacht a bheith acu ina leith. De réir Airteagal 2(15) de [an Ionstraim um Margaí Digiteacha] is cineál seirbhísí coimhdeacha iad seirbhísí*** sainaitheanta. Ba cheart***, dá bhrí sin,*** úsáideoirí gnó agus soláthraithe seirbhísí ***coimhdeacha*** a bheith in ann rochtain a fháil ar na gnéithe crua-earraí nó bogearraí sin, ***amhail*** gnéithe slána i bhfóin chliste, agus ba cheart go mbeidís in ann idiroibriú i gcomhar leo trí bhíthin Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí nó trí bhíthin modhanna ríomh-shainaitheanta na mBallstát ar tugadh fógra ina leith.

bogearraí sin***, a chuireann na maoir gheata ar fáil nó a úsáideann na maoir gheata,*** amhail gnéithe slána i bhfóin chliste, agus ba cheart dóibh a bheith in ann idiroibriú i gcomhar leo trí bhíthin Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí nó trí bhíthin modhanna ríomh-shainaitheantais na mBallstát ar tugadh fógra ina leith.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Ní mór do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inúsáidte go forleathan. Maidir le páirtithe is úsáideoirí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, ba cheart dóibh glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun seirbhísí a sholáthar i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir le haghaidh sainaithint ar líne leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais nó le hoibleagáid chonarthach. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in ***Airteagal 25.1*** de

*Leasú*

(28) Ní mór ***d'úsáideoirí agus*** do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***agus muinín a bheith acu astu*** chun go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inúsáidte go forleathan. Maidir le páirtithe is úsáideoirí príobháideacha a sholáthraíonn seirbhísí i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, ba cheart dóibh glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun seirbhísí a sholáthar i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir le haghaidh sainaithint ar líne leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais nó le hoibleagáid

Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna hiarraidh sin don úsáideoir. Níor cheart aon oibleagáid a bheith ar úsáideoirí an tiachóg a úsáid chun seirbhísí príobháideacha a rochtain***, ach dá mba mhian leis na húsáideoirí a dhéanamh amhlaidh,*** ba cheart d'ardáin mhóra ar líne glacadh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun na críche sin agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí á urramú ag an am céanna. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú. Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht Thiachóga Chéannacht Dhigiteach Eorpach 18 mhí tar éis a gcur chun feidhme agus i bhfianaise an mheasúnaithe sin, ba cheart dó

chonarthach. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear i Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna hiarraidh sin don úsáideoir. Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar úsáideoirí úsáid a bhaint as an tiachóg chun rochtain a fháil ar sheirbhísí príobháideacha ***agus níor cheart idirdhealú a dhéanamh ina n-aghaidh toisc nach bhfuil úsáid á baint acu as an tiachóg***. Ba cheart d'ardáin ***an-***mhór ar líne glacadh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun na críche sin agus prionsabal an íoslaghdaithe sonraí á urramú ag an am céanna ***agus go háirithe níor cheart dóibh níos mó sonraí a phróiseáil ná mar atá acu cheana féin chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, chomh maith le coimircí dlíthiúla eile***. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú. Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí

athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha lena áirithiú go nglacfar leis na forálacha sin trí bhíthin Gníomhartha Tarmligthe. | tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht d'úsáideoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí 18 mí tar éis a gcur chun feidhme***, agus ar bhonn rialta,*** agus i bhfianaise an mheasúnaithe sin, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha lena áirithiú go nglacfar leis na forálacha sin trí bhíthin Gníomhartha Tarmligthe.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart don sainaitheantas leictreonach slán agus don soláthar ríomhdhearbhaithe tréithe solúbthacht agus réitigh bhreise a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí airgeadais lenar féidir custaiméirí ***a shainaithint*** agus tréithe sonracha a mhalartú, chun ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a chomhlíonadh, mar shampla, faoin Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid [tagairt le cur isteach tar éis ghlacadh an togra]***, nó chun ceanglais oiriúnachta a eascraíonn as reachtaíocht cosanta infheisteoirí a chomhlíonadh, nó chun tacú le comhlíonadh ceanglas maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara le haghaidh logáil isteach i gcuntas agus tús a chur le hidirbhearta i réimse na seirbhísí íocaíochta***. | (31) Ba cheart don ríomh-shainaitheantas slán agus don soláthar ríomhdhearbhaithe tréithe solúbthacht agus réitigh bhreise a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí airgeadais lenar féidir ***fíorú céannachta custaiméirí slán*** agus tréithe sonracha a mhalartú, chun ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara a chomhlíonadh, mar shampla, faoin Rialachán maidir le Frithsciúradh Airgid [tagairt le cur isteach tar éis ghlacadh an togra], ***go háirithe i gcás ina ndéantar ionduchtú custaiméirí cianda,*** le comhlíonadh ceanglais oiriúnachta a eascraíonn as an reachtaíocht maidir le cosaint infheisteoirí. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Le fíordheimhniú láidir úsáideora cumhdaítear cásanna úsáide earnála lena dtugtar sainordú fíordheimhniú láidir a dhéanamh agus dhá fhachtóir á n-úsáid. Mar shampla, tacaíonn fíordheimhniú láidir úsáideora le riachtanais fíordheimhniú láidir custaiméara le haghaidh logáil isteach i gcuntas agus tús a chur le hidirbhearta i réimse na seirbhísí íocaíochta.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear dearbhú ar fáil d'úsáideoirí go bhfuil eintiteas fíor agus dlisteanach taobh thiar den láithreán gréasáin. Cabhraítear leis na seirbhísí sin iontaoibh agus muinín a chothú maidir le gnó a sheoladh ar líne, mar go mbeidh tomhaltóirí muiníneach as láithreán gréasáin atá fíordheimhnithe. Is ar bhonn deonach a bhaineann suíomhanna gréasáin úsáid as seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a mhéadú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, leagtar síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe seirbhísí fíordheimhnithe láithreáin gréasáin agus dá seirbhísí. Chuige sin, do bhrabhsálaithe gréasáin, ba cheart tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe Cáilithe a áirithiú le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart go n-aithneofaí | (32) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear dearbhú ar fáil d'úsáideoirí go bhfuil eintiteas fíor agus dlisteanach taobh thiar den láithreán gréasáin. Cabhraítear leis na seirbhísí sin iontaoibh agus muinín a chothú maidir le gnó a sheoladh ar líne, mar go mbeidh tomhaltóirí muiníneach as láithreán gréasáin atá fíordheimhnithe. Is ar bhonn deonach a bhaineann suíomhanna gréasáin úsáid as seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a mhéadú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, leagtar síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe seirbhísí fíordheimhnithe láithreáin gréasáin agus dá seirbhísí. Chuige sin, do bhrabhsálaithe gréasáin, ba cheart tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe Cáilithe a áirithiú le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart go n-aithneofaí |

| | |
|---|---|
| agus go dtaispeánfaí dearbhuithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhniithe láithreán gréasáin d'fhonn leibhéal ard dearbhaithe a chur ar fáil, rud lena gcuirfí ar a gcumas d'úinéirí láithreán gréasáin a gcéannacht a dhearbhú mar úinéirí láithreáin ghréasáin agus lena gcuirfí ar a gcumas d'úsáideoirí úinéirí an láithreáin gréasáin a shainaithint le leibhéal ard cinnteachta. Chun a n-úsáid a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart d'údaráis phoiblí sna Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a chur san áireamh ina láithreáin ghréasáin. | agus go dtaispeánfaí dearbhuithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin***, mura rud é gur féidir leo a léiriú go ndéanfadh sé sin dochar suntasach do shlándáil an úsáideora,*** d'fhonn leibhéal ard dearbhaithe a chur ar fáil, rud lena gcuirfí ar a gcumas d'úinéirí láithreán gréasáin a gcéannacht a dhearbhú mar úinéirí láithreáin ghréasáin agus lena gcuirfí ar a gcumas d'úsáideoirí úinéirí an láithreáin gréasáin a shainaithint le leibhéal ard cinnteachta. ***Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú nach mbainfear an bonn de shlándáil úsáideoirí trí na deimhnithe sin a úsáid.*** Chun a n-úsáid a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart d'údaráis phoiblí sna Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a chur san áireamh ina láithreáin ghréasáin. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú lena chéile laistigh den chreat a leagtar amach i Moladh XXX/XXXX ón gCoimisiún [An bosca uirlisí le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach][26] chun Bosca Uirlisí | (36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit***, an tsochaí shibhialta, lucht acadúil*** agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú lena chéile laistigh den chreat a leagtar amach i Moladh XXX/XXXX ón gCoimisiún [An bosca uirlisí le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith an chreata um Chéannacht |

le haghaidh an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a shainaithint. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú sa Bhosca Uirlisí; ailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha, sraith comhchaighdeán agus tagairtí teicniúla agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d'fheidhmiúlachtaí, agus d'idir-inoibritheacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí lena n-áirítear ríomhshíniú, agus den tseirbhís iontaoibhe cháilithe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de struchtúr na dtáillí a bhaineann le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, gnéithe lena n-éascófar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. Maidir le hinneachar an bhosca uirlisí, ba cheart é a fhorbairt i gcomhthráth le toradh an phlé agus an phróisis maidir le glacadh an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach, toradh ar cheart a léiriú ann.

[26] [cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an rialachán seo]

Dhigiteach Eorpach][26] chun Bosca Uirlisí le haghaidh an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a shainaithint. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú sa Bhosca Uirlisí; ailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha, sraith comhchaighdeán agus tagairtí teicniúla agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d'fheidhmiúlachtaí, agus d'idir-inoibritheacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí lena n-áirítear ríomhshíniú, agus den tseirbhís iontaoibhe cháilithe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de struchtúr na dtáillí a bhaineann le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, gnéithe lena n-éascófar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. Maidir le hinneachar an bhosca uirlisí, ba cheart é a fhorbairt i gcomhthráth le toradh an phlé agus an phróisis maidir le glacadh an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach, toradh ar cheart a léiriú ann. ***Ba cheart ionadaíocht a dhéanamh ar gheallsealbhóirí ábhartha, amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí tomhaltóirí nó lucht acadúil, agus an earnáil phríobháideach, agus ba cheart dul i gcomhairle leo i bpróiseas an Bhosca Uirlisí. Tá sé tábhachtach comhar éifeachtach a bhunú idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha chun comhordú agus cur chun feidhme leanúnach agus éifeachtach a áirithiú maidir le gnéithe coiteanna an Bhosca Uirlisí, ionas go ndéanfar ilroinnt agus bacainní a íoslaghdú go rialta, agus chun úsáid trasteorann modhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe a spreagadh.***

[26] [cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an rialachán seo]

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an ***Rialachán*** seo, féachtar lena áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is ceart, agus le leibhéal ***leordhóthanach*** slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus i gcás seirbhísí iontaoibhe. Chun na gcríoch seo, déantar é seo a leanas leis an Rialachán: | Leis an ***Rialachán*** seo, féachtar lena áirithiú go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach ***trí ard***leibhéal slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-aitheantais agus i gcás seirbhísí iontaoibhe ***atá inrochtana go héasca agus soláimhsithe don úsáideoir agus trí úsáid trasteorann agus nuálaíocht a éascú***. Chun na gcríoch seo, déantar é seo a leanas leis an Rialachán: |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leagtar síos ann na coinníollacha faoina soláthróidh agus faoina ***n-aithneoidh*** na Ballstáit modhanna ríomh-shainaitheantais do shainaithint daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thagann faoi scéim ríomh-shainaitheantais Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith, | (a) leagtar síos ann na coinníollacha faoina ndéanann na Ballstáit modhanna ríomh-shainaitheantais a sholáthar agus a aithint le haghaidh sainaithint daoine nádúrtha agus dlítheanacha a thagann faoi scéim ríomh-shainaitheantais Ballstáit eile ar tugadh fógra ina leith, |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 1 – mír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) leagtar síos ann na coinníollacha ***faoina n-eiseoidh na Ballstáit*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.; | (d) leagtar síos ann na coinníollacha ***faoina ndéanfaidh na Ballstáit*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***a sholáthar agus a aithint***; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***a d'eisigh*** na Ballstáit agus maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas. | 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***a chuir*** Ballstát ***ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 6a(2)*** agus maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.***'***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe d**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'seirbhís iontaoibhe' ríomhsheirbhís a chuirtear ar fáil de ghnáth in aghaidh ***íocaíochta*** agus a bhfuil na nithe seo leanas inti: | (16) ciallaíonn 'seirbhís iontaoibhe' ríomhsheirbhís a chuirtear ar fáil de ghnáth in aghaidh ***luach saothair*** agus a bhfuil na nithe seo leanas inti: |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 42

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Is éard is 'Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí' ann táirge agus seirbhís lenar féidir leis an úsáideoir sonraí, dintiúir agus tréithe atá nasctha lena chéannacht a stóráil, iad a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí arna n-iarraidh sin dóibh, agus iad a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; | (42) Is éard is 'Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí' ann táirge agus seirbhís lenar féidir leis an úsáideoir ***sonraí céannachta, lena n-áiritear toiliú gaolmhar,*** sonraí céannachta, dintiúir agus tréithe atá nasctha lena chéannacht a stóráil ***agus a bhainistiú***, iad a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí arna n-iarraidh sin dóibh, agus iad a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 48

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) ciallaíonn 'seirbhís chartlannaithe dhigitigh cháilithe' seirbhís lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45g; | (48) ciallaíonn 'seirbhís cartlannaithe dhigitigh cháilithe' seirbhís ***cartlannaithe dhigitigh a chuireann soláthraithe seirbhíse iontaoibhe ar fáil agus*** a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 45g; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun a áirithiú go mbeidh rochtain shlán, iontaofa agus rianúil ag gach duine | 1. ***Chun an margadh aonair digiteach a neartú agus*** chun a áirithiú go |

nádúrtha agus dlítheanach san Aontas ar sheirbhísí trasteorann poiblí agus príobháideacha, ***eiseoidh*** gach Ballstát Tiachóg na Céannachta Digití laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

mbeidh rochtain shlán, iontaofa agus rianúil ag gach duine nádúrtha agus dlítheanach san Aontas ar sheirbhísí trasteorann poiblí agus príobháideacha, agus rogha, iontaoibh ***agus smacht an tomhaltóra i leith na seirbhísí sin á neartú,*** eiseoidh gach Ballstát Tiachóg na Céannachta Digití ***amháin ar a laghad*** laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) eiseoidh Ballstát iad; | (a) ***eiseoidh údarás inniúil, arna ainmniú*** ag Ballstát, iad; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) eiseofar iad go neamhspleách ach arna n-aithint ag Ballstát. | (c) eiseofar iad go neamhspleách ***ar Bhallstát ag soláthraí seirbhíse ach*** arna n-aithint ag Ballstát. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpach, cuirfear ar a chumas don úsáideoir na nithe seo a leanas a dhéanamh: | 3. Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpach, cuirfear ar a chumas don úsáideoir na nithe seo a leanas a dhéanamh ar bhealach atá***intuigthe, soláimhsithe, trédhearcach agus inrianaithe:*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) maidir leis na sonraí aitheantais de chuid an duine dhlítheanaigh agus an ríomhdhearbhú tréithe is gá le fíordheimhniú a dhéanamh ar líne agus as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne a úsáid, iad a iarraidh agus a fháil, iad a stóráil, a roghnú, a chomhthiomsú agus a roinnt ***ar bhealach atá trédhearcach don úsáideoir agus inrianaithe aige***; | (a) maidir leis na sonraí aitheantais de chuid an duine dhlítheanaigh***, dintiúir*** agus an ríomhdhearbhú tréithe is gá le fíordheimhniú a dhéanamh ar líne agus as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne a úsáid ***ar fud an Aontais agus ar fud earnálacha***, iad a iarraidh agus a fháil, iad a stóráil, a roghnú, a chomhthiomsú agus a roinnt***, faoi rialú an*** úsáideora; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) na sonraí a chuireann siad ar fáil do pháirtithe is úsáideoirí a bhainistiú trí chomhéadan simplí, lena n-áirítear na páirtithe is úsáideoirí a shainaithint, iarrataí ar fhaisnéis ó pháirtithe is úsáideoirí a dhiúltú go hiomlán nó go páirteach, stair iomlán na n-idirbheart agus faisnéis maidir le feidhmiú a gceart,*** |

***chun go mbeidh siad in ann cinneadh eolasach a dhéanamh faoi chomhroinnt sonraí le páirtithe is úsáideoirí agus a rogha a athrú;***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sínigh trí bhíthin ríomhshínithe cáilithe. | (b) sínigh trí bhíthin ríomhshínithe cáilithe ***agus ríomhshéalaí***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a – pointe 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ionas gur féidir leis an úsáideoir idirghníomhaíocht le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a cheadú agus chun 'Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití de chuid an Aontais' a thaispeáint; | (4) ionas gur féidir leis an úsáideoir idirghníomhaíocht ***shimplí thrédhearcach*** le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a cheadú agus chun 'Marc Iontaoibhe Thiachóg na Céannachta Digití de chuid an Aontais' a thaispeáint; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) áirithítear go sainaithneofar na páirtithe is úsáideoirí agus go ndéanfar a gcéannacht a bhailíochtú le sásra*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***fíordheimhniúcháin;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***(ab) áirithítear go mbeidh úsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ag na páirtithe is úsáideoirí, go háirithe a mhéid a bhaineann lena n-iarrataí ar fhaisnéis, comhsheasmhach leis an úsáid atá beartaithe don Tiachóg i gcomhréir le hAirteagal 6b, mír 1;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) lena áirithiú nach mbeidh fáil ag soláthraithe ***seirbhíse iontaoibhe*** na bhfndearbhuithe tréithe cáilithe ar aon fhaisnéis faoi úsáid na dtréithe sin; | (b) lena áirithiú nach mbeidh fáil ag soláthraithe na ndearbhuithe tréithe cáilithe ***nó neamhcháilithe*** ar aon fhaisnéis faoi úsáid na dtréithe sin; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***(ea) an t-úsáideoir a chumasú cóip a iarraidh agus a rochtain, i bhformáid meaisín-inléite, de liosta na*** |

***ngníomhaíochtaí, na n-idirbheart nó na n-úsáidí a bhaintear as ríomhdhearbhuithe tréithe nó as sonraí céannachta duine, atá údaraithe ag an úsáideoir;***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) áirithítear go mbeidh an t-úsáideoir in ann dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar leibhéal an Bhallstáit, rud a chuirfidh ar chumas an úsáideora freisin cúlghairm nó ceartú sonraí atá as dáta nó mícheart sa Tiachóg a iarraidh go héifeachtúil.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 5 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) fíordheimhniú na bpáirtithe is úsáideoirí a chúlghairm i gcás nach gcomhlíonann siad a thuilleadh na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***a eisiúint*** faoi scéim ríomh-shainaitheantais leibhéal 'ard' dearbhaithe, scéim ar tugadh fógra ina leith. ***Beidh úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do dhaoine nádúrtha***. | 6. Cuirfear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***ar fáil*** faoi scéim ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith go bhfuil leibhéal dearbhaithe 'ard' ann ***agus i gcomhréir leis na ceanglais faisnéise a leagtar amach in Airteagal 24(1)***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6 a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Áiritheoidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí dearbhú úsáideora atá slán, iontaofa, sainráite, comhfhiosach agus gníomhach maidir lena oibriú, lena n-áirítear i gcás ina ndáilfear na sonraí nó na gnéithe i roinnt suíomhanna.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 6b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. Beidh cur ar fáil agus úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do gach duine nádúrtha. Beidh sé saor in aisce nó ar fáil ar tháille ainmniúil do dhaoine dlítheanacha.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2019/882. | 10. Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***(AE)*** 2019/882 ***agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas[1a], chomh maith le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíochtaí digiteacha nó nach bhfuil litearthacht dhigiteach leordhóthanach acu.*** |

***[1a] Arna formheas ag Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 10a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Beifear in ann Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid, ach ní bheidh siad éigeantach chun rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí nó príobháideacha. Cuirfidh na Ballstáit réitigh mhalartacha agus neamh-idirdhealaitheacha ar fáil chun rochtain a*** |

***fháil ar sheirbhísí poiblí.***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6 a – mír 11

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla agus caighdeáin thagartha le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). | 11. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla agus caighdeáin thagartha***, chomh maith le saintréithe Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, a bhaineann lena n-eilimintí díláraithe agus le hidir-inoibritheacht na dtiachóg sin, agus na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha á gcur san áireamh, i gcás inar féidir,*** le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). ***Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 11a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. Cuirfear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil ar bhealach a bheidh inrochtana agus ní bheidh gá le húsáid a bhaint as córais oibriúcháin ná as teicneolaíochtaí nach nglactar go*** |

| | |
|---|---|
| | ***forleathan leo.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina mbeartaíonn na páirtithe is úsáideoirí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, déanfaidh siad an méid sin ***a chur in iúl don*** Bhallstát ina bhfuil an páirtí is úsáideoir bunaithe d'fhonn a áirithiú go comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar. Nuair ***a chuirfidh na páirtithe is úsáideoirí a rún in iúl maidir le brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***, cuirfidh siad an Ballstát ar an eolas freisin faoin úsáid atá beartaithe a bhaint as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. | 1. I gcás ina mbeartaíonn na páirtithe is úsáideoirí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, ***cláróidh siad leis*** an mBallstát ina bhfuil an páirtí is úsáideoir bunaithe d'fhonn a áirithiú go comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar. Agus iad ***ag clárú,*** cuirfidh siad an Ballstát ar an eolas freisin faoin úsáid atá beartaithe a bhaint as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhun Airteagal 9(1), laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad lena n-áirítear modh ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad:; | **'**De bhun Airteagal 9(1), laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoi scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad**,** lena n-áirítear modh ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad, ***lena gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas***:**'**; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 9 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar aon leis an mbunfhaisnéis ina dtaobh. | 2. Foilseoidh an Coimisiún***, gan moill mhíchuí tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 1 a fháil***, liosta de na scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith de bhun mhír 1 den Airteagal seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an mbunfhaisnéis ina dtaobh. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 10b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) cuirtear an tAirteagal 10b seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 10b*** |
| | ***Pointí Teagmhála Aonair*** |
| | ***Bunóidh an t-eintiteas a d'eisigh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, Pointe Teagmhála Aonair de bhun Airteagal 6a, lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí na dTiachóg sin sárú ar cheanglais an Rialacháin seo nó sárú slándála ar an Tiachóg a thuairisciú. Ina theannta sin, cuirfidh sé ar chumas úsáideoirí iarraidh a dhéanamh sonraí míchruinne sa Tiachóg a chúlghairm nó a cheartú.'.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh fíordheimhniúcháin, áiritheoidh na Ballstáit sainaithint uathúil. | 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh fíordheimhniúcháin, áiritheoidh na Ballstáit sainaithint uathúil. ***I gcás inarb ábhartha, féadfar an tsainaithint uathúil sin a úsáid ar bhonn earnála.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina mbeidh ríomh-shainaitheantas ag teastáil ó na Ballstáit trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú faoin dlí náisiúnta nó trí chleachtas riaracháin chun seirbhís ar líne arna soláthar ag comhlacht poiblí, glacfaidh siad freisin le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisítear i gcomhréir leis an Rialachán seo. | 1. I gcás ina mbeidh ríomh-shainaitheantas ag teastáil ó na Ballstáit trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú faoin dlí náisiúnta nó trí chleachtas riaracháin chun seirbhís ar líne arna soláthar ag comhlacht poiblí, glacfaidh siad freisin le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo ***agus cuirfidh siad an glacadh sin in iúl go soiléir d'úsáideoirí ionchasacha na seirbhíse***. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le páirtithe príobháideacha is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí, i gcás ina gceanglaítear orthu, leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid chun sainaithint ar líne a dhéanamh, nó i gcás ina gceanglaítear fíordheimhniú láidir úsáideora le hoibleagáid chonarthach, lena n-áirítear i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, glacfaidh páirtithe príobháideacha is úsáideoirí freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a. | 2. Maidir le páirtithe príobháideacha is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí, i gcás ina gceanglaítear orthu, leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid chun sainaithint ar líne a dhéanamh, nó i gcás ina gceanglaítear fíordheimhniú láidir úsáideora le hoibleagáid chonarthach, lena n-áirítear i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais ***agus cáilíochtaí gairmiúla*** nó na teileachumarsáide, déanfaidh siad úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a ***a thairiscint agus*** a ghlacadh ***ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus ar bhealach atá inrochtana go héasca agus cuirfidh siad an glacadh sin in iúl go soiléir d'úsáideoirí ionchasacha na seirbhíse***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in ***Airteagal 25.1*** Rialachán [tagairt do Rialachán DSA), i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, glacfaidh siad freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpacha arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a, ar iarraidh deonach amháin ag an úsáideoir agus i ndáil leis na tréithe íosta is gá le haghaidh na seirbhís sonraí ar | 3. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in ***Airteagal 33(1) de*** Rialachán [tagairt do Rialachán DSA), i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, glacfaidh siad freisin***, ach ní go heisiach,*** le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***agus éascóidh siad*** úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a, ar iarraidh deonach amháin |

| | |
|---|---|
| líne a bhfuil fíordheimhniú á iarraidh ina leith, amhail cruthúnas aoise. | ag an úsáideoir agus i ndáil leis na tréithe íosta is gá le haghaidh na seirbhís sonraí ar líne a bhfuil fíordheimhniú á iarraidh ina leith, amhail cruthúnas aoise. ***Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne an fhéidearthacht sin in iúl go soiléir d'úsáideoirí na seirbhíse.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir leis an oibleagáid, dá dtagraítear i mír 3, chun glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, ní bheidh sé mar thoradh ar an oibleagáid sin go ndéanfaidh soláthraí ardán an-mhór ar líne níos mó sonraí a choinneáil, a fháil nó a phróiseáil ná mar atá aige cheana féin chun a oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de 18 mí tar éis chur in úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn fianaise lena léirítear infhaighteacht agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, measúnú an dtabharfar sainordú do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha ar líne breise glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar iarraidh | 5. Laistigh de 18 mí tar éis chur in úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn fianaise lena léirítear infhaighteacht***, slándáil*** agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, measúnú an dtabharfar sainordú do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha ar líne breise glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar iarraidh |

| | |
|---|---|
| dheonach ón úsáideoir. Ar na critéir mheasúnaithe is féidir a áireamh, tá raon an bhoinn úsáideoirí, láithreacht trasteorann soláthraithe seirbhíse, forbairt theicneolaíoch, forbairt ar phatrúin úsáide. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh bunaithe ar an measúnú sin, ***maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar*** na ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt do Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***faoi*** phointí 1 go 4 den Airteagal seo. | dheonach ón úsáideoir. ***Déanfaidh an Coimisiún an measúnú sin ar bhonn rialt***a. Ar na critéir mheasúnaithe is féidir a áireamh, tá raon an bhoinn úsáideoirí, láithreacht trasteorann soláthraithe seirbhíse, forbairt theicneolaíoch, forbairt ar phatrúin úsáide. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh bunaithe ar an measúnú sin, ***lena bhforlíontar*** na ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ***atá i*** bpointí 1 go 4 den Airteagal seo. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12c – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gceanglófar faoin dlí náisiúnta nó i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta riaracháin ríomh-shainaitheantas a úsáid trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhnithe a úsáid le rochtain a fháil ar sheirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí i mBallstát amháin, aithneofar sa chéad Bhallstát an modh ríomh-shainaitheantais a eisítear i mBallstát eile chun an tseirbhís sin ar líne a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas: | I gcás ina gceanglófar faoin dlí náisiúnta nó i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta riaracháin ríomh-shainaitheantas a úsáid trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhnithe a úsáid le rochtain a fháil ar sheirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí i mBallstát amháin, aithneofar sa chéad Bhallstát an modh ríomh-shainaitheantais a eisítear i mBallstát eile chun an tseirbhís sin ar líne a fhíordheimhniú ar bhonn trasteorann ***agus chun aitheantas frithpháirteach a áirithiú,*** ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leanas: |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 14 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 48(2), lena leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir a mheas i dtaca le ceanglais tríú tír is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe ar a chríoch, agus i dtaca leis na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad, go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe atá bunaithe san Aontas agus leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad. | 1. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tairmligthe*** a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal ***47, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí*** choinníollacha a leagan amach faoinar féidir a mheas i dtaca le ceanglais tríú tír is infheidhme maidir leis na soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe ar a chríoch, agus i dtaca leis na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn siad, go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe atá bunaithe san Aontas agus leis na seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthraíonn siad. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 14 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás inar ghlac an Coimisiún gníomh ***cur chun feidhme*** de bhun mhír 1 nó i gcás inar thug sé comhaontú idirnáisiúnta i gcrích maidir le haitheantas frithpháirteach seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh, measfar i dtaca le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar soláthraithe atá bunaithe sa tríú tír lena mbaineann go bhfuil siad coibhéiseach le seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthair soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.; | 2. I gcás inar ghlac an Coimisiún gníomh ***tairmligthe*** de bhun mhír 1 nó i gcás inar thug sé comhaontú idirnáisiúnta i gcrích maidir le haitheantas frithpháirteach seirbhísí iontaoibhe i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh, measfar i dtaca le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar soláthraithe atá bunaithe sa tríú tír lena mbaineann go bhfuil siad coibhéiseach le seirbhísí iontaoibhe cáilithe a sholáthair soláthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.***’***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 15 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas | Rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ***agus a bhfuil riachtanais speisialta acu*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 15 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féachfar chuige go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sholáthar seirbhíse Iontaobhais agus ar tháirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta in Iarscríbhinn I de Threoir 2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.; | ***Déanfar*** soláthar seirbhísí iontaoibhe agus táirgí úsáideora deiridh a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar a chur ar fáil ***i bhfriotal soiléir sothuigthe agus*** a bheidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ***nó ag daoine le teorannú cumais, amhail daoine scothaosta agus daoine a bhfuil rochtain theoranta acu ar theicneolaíochtaí digiteacha,*** i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir ***(AE)***2019/882 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí ***agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas***[1a]; <br>_________________ <br>[1a] ***Arna formheas ag Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe b**

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 18 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Comhoibreoidh comhlachtaí maoirseachta d'fhonn dea-chleachtas agus faisnéis maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe a mhalartú.; | 1. Comhoibreoidh comhlachtaí maoirseachta d'fhonn dea-chleachtas agus faisnéis a mhalartú ***agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt*** maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe***, glacadh Thiachóg na Céannachta Digití a éascú agus ilroinnt agus bacainní a sheachaint'***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid lena n-áiritheofar sainaithint an duine nádúrtha le leibhéal ard muiníne, modhanna a ndearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta a gcomhréireacht; | (c) trí mhodhanna sainaitheantais eile a úsáid lena n-áiritheofar sainaithint an duine nádúrtha le leibhéal ard muiníne ***agus slándála atá coibhéiseach ó thaobh iontaofachta de,*** modhanna a ndearbhóidh comhlacht um measúnú comhréireachta a gcomhréireacht ***agus ina gcuirfear caighdeáin Eorpacha maidir le promhadh aitheantais san áireamh***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún amach, sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta | 1a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leagfaidh an Coimisiún amach, sonraíochtaí, caighdeáin agus nósanna imeachta |

| | |
|---|---|
| teicniúla íosta i ndáil le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). | teicniúla íosta i ndáil le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). ***Ina theannta sin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir***'; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Comhlíonfaidh*** dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Measfar go mbeidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3. | 1. ***Cloífidh*** dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin ***leis*** na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Measfar go mbeidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh brabhsálaithe gréasáin aitheantas do dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1. Chun na gcríoch sin, áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin go ndéanfar na sonraí céannachta a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aon cheann de na modhanna a thaispeáint ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir. Áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin | 2. Tabharfaidh brabhsálaithe gréasáin aitheantas do dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1***, ach amháin i gcás inar féidir leo a léiriú go mbainfeadh sé sin an bonn ó shlándáil an úsáideora***. Chun na gcríoch sin, áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin go ndéanfar na sonraí céannachta a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aon cheann de na modhanna a |

| | |
|---|---|
| tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d'fhiontair a mheastar a bheith ina micreafhiontair agus ina bhfiontair bheaga, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, sna chéad 5 bliana dá bhfeidhm mar sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin. | thaispeáint ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir. Áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d'fhiontair a mheastar a bheith ina micreafhiontair agus ina bhfiontair bheaga, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, sna chéad 5 bliana dá bhfeidhm mar sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin. ***Bunóidh siad nósanna imeachta chun a áirithiú nach mbainfear an bonn de shlándáil an úsáideora trí na deimhnithe sin a úsáid.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-éilítear ríomh-shainaitheantas faoin dlí náisiúnta trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú, chun seirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí a rochtain, ní chuirfear sonraí sainaitheantais duine i bhdearbhú tréithe in ionad ríomh-shainaitheantais trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhniú le haghaidh ríomh-shainaitheantais, mura bhfuil siad ceadaithe go sonrach ag an mBallstát ***nó ag an gcomhlacht poiblí***. I gcás den sórt sin, glacfar freisin le ríomhdhearbhú cáilithe tréithe ó Bhallstáit eile. | I gcás ina n-éilítear ríomh-shainaitheantas faoin dlí náisiúnta trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus trí fhíordheimhniú, chun seirbhís ar líne a sholáthraíonn comhlacht poiblí a rochtain, ní chuirfear sonraí sainaitheantais duine i ríomhdhearbhú tréithe in ionad ríomh-shainaitheantais trí mhodh ríomh-shainaitheantais agus fíordheimhniú le haghaidh ríomh-shainaitheantais, mura bhfuil siad ceadaithe go sonrach ag an mBallstát. I gcás den sórt sin, glacfar freisin le ríomhdhearbhú cáilithe tréithe ó Bhallstáit eile. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45i – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe amháin nó níos mó a chruthóidh iad; | (a) soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe amháin nó níos mó a dhéanfaidh iad a chruthú ***nó a bhainistiú***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go mbaileofar*** staitisticí i ndáil le feidhmiú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe. | 1. Déanfaidh na Ballstáit staitisticí ***a bhailiú*** agus a chur ar fáil don Choimisiún i ndáil le feidhmiú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus na seirbhísí iontaoibhe cáilithe ***i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta maidir le cosaint sonraí***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cineál agus líon na seirbhísí lena nglactar le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí; | (b) cineál agus líon na seirbhísí lena nglactar le húsáid Thiachóga ***na Céannachta*** Digití Eorpaí; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) teagmhais agus aga neamhfhónaimh an bhonneagair ar an leibhéal náisiúnta lena bhfuil cosc á chur le húsáid ***Thiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí. | (c) teagmhais agus aga neamhfhónaimh an bhonneagair ar an leibhéal náisiúnta lena bhfuil cosc á chur le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití ***Eorpaí***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 2 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) líon na dteagmhas slándála a tuairiscíodh, arna gcatagóiriú de réir cineáil;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 2 – pointe c b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) líon na ngearán ó úsáideoirí, arna gcatagóiriú de réir cineáil.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 48a – mír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a*** |

***ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí mhodheolaíocht chomhchoiteann a bhunú chun na sonraí a bhailiú.***

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 41**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 49 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta measúnú ar infhaighteacht agus ar inúsáidteacht na modhanna sainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus déanfar a mheasúnú an dtabharfar sainordú do gach soláthraí seirbhíse príobháideach ar líne a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí, sainordú glacadh le húsáid mhodhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. | 2. Áireofar sa tuarascáil mheastóireachta measúnú ar infhaighteacht***, ar shlándáil*** agus ar inúsáidteacht na modhanna sainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo agus déanfar a mheasúnú an dtabharfar sainordú do gach soláthraí seirbhíse príobháideach ar líne a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideoirí, sainordú glacadh le húsáid mhodhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus ***Thiachóga na Céannachta Digití*** Eorpaí. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Náisiúntacht; | 6. Náisiúntacht ***nó náisiúntachtaí***: |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cáilíochtaí oideachais, teidil agus ceadúnais; | 7. Cáilíochtaí ***acadúla***, teidil agus ceadúnais; |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Deutsche Telekom |
| Bundesdruckerei GmbH |
| Cybernetica |
| BSA / The Software Alliance |
| United Internet |
| Eurosmart |
| European Telecommunication Standards Institute |
| THALES |
| Norton LifeLock |
| EUROCHAMBRES |
| DigiCert |
| Onfido |
| Mozilla |
| Electronic IDentification |
| Foundation for Internet Domain Registration in the Netherlands |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.7.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>8.7.2021 |
| **Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 16.12.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Andrus Ansip<br>15.7.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 28.10.2021 28.2.2022 15.6.2022 8.9.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 12.9.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 3<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Anna Cavazzini, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Christel Schaldemose, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Angel, Vlad-Marius Botoş, Marco Campomenosi, Maria da Graça Carvalho, Antonio Maria Rinaldi, Marc Tarabella, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Moritz Körner, Massimiliano Salini, Loránt Vincze, Carlos Zorrinho |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek, Kosma Złotowski |
| NI | Miroslav Radačovský |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Massimiliano Salini, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Loránt Vincze, Marion Walsmann |
| RENEW | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Sandro Gozi, Moritz Körner, Morten Løkkegaard, Marco Zullo |
| S&D | Marc Angel, Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Adriana Maldonado López, René Repasi, Christel Schaldemose, Marc Tarabella, Carlos Zorrinho |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| THE LEFT | Anne-Sophie Pelletier |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso, Marco Campomenosi, Antonio Maria Rinaldi |
| VERTS/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

Eochair do na siombailí a úsáidtear::
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

07.11.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM GHNÓTHAÍ DLÍTHIÚLA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí
(COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Pascal Arimont

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***Sa Teachtaireacht*** ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[16], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú, na sochair a bhaineann leis a leathnú chuig an earnáil phríobháideach, agus céannachtaí digiteacha iontaofa do gach Eorpach a chur chun cinn. | (1) ***I dteachtaireacht*** ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal 'Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú'[16], fógraítear athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, athbhreithniú arb é is aidhm dó éifeachtacht an Rialacháin a fheabhsú, na sochair a bhaineann leis a leathnú chuig an earnáil phríobháideach ***agus chuig an uile shaoránach***, agus céannachtaí digiteacha iontaofa do gach Eorpach a chur chun cinn***, i gcomhréir le luachanna an Aontais***. |
| [16] ***COM/2020/67 críochnaitheach.*** | [16] ***COM(2020) 67 final*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le cur chuige níos comhchuibhithe maidir le ***sainaithinteas*** digiteach, ba cheart go laghdófaí na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair mar gheall gur réitigh éagsúla atá in úsáid go náisiúnta agus neartófar an Margadh Aonair trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a shainítear sa dlí náisiúnta agus do ghnólachtaí sainaithint a dhéanamh ar líne ar bhealach saoráideach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha a bhraitheann ar éiceachóras feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais chéannachta fhíoraithe agus dearbhuithe tréithe, amhail céim ollscoile a bhfuil aitheantas dlíthiúil aici agus a nglactar léi i ngach áit san Aontas. Is é is aidhm don chreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart go dtairbheodh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe de shraith rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart córais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar dhoiciméid leictreonacha i bhformáid ar leith. | (4) Le cur chuige níos comhchuibhithe maidir le ***sainaitheantas*** digiteach, ba cheart go laghdófaí na rioscaí agus na costais a bhaineann leis an ilroinnt atá ann faoi láthair mar gheall gur réitigh éagsúla atá in úsáid go náisiúnta agus neartófar an Margadh Aonair trí ligean do shaoránaigh, do chónaitheoirí eile de réir mar a shainítear sa dlí náisiúnta agus do ghnólachtaí sainaithint a dhéanamh ar líne ar bhealach saoráideach aonfhoirmeach ar fud an Aontais. Ba cheart rochtain a bheith ag gach duine ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha a bhraitheann ar éiceachóras ***comhchuibhithe agus*** feabhsaithe le haghaidh seirbhísí iontaoibhe agus ar chruthúnais chéannachta fhíoraithe agus dearbhuithe tréithe, amhail céim ollscoile a bhfuil aitheantas dlíthiúil aici agus a nglactar léi i ngach áit san Aontas. Is é is aidhm don chreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach aistriú ón spleáchas ar na réitigh náisiúnta amháin maidir le céannacht dhigiteach chuig soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a bheidh bailí ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart go dtairbheodh soláthraithe ríomhdhearbhuithe tréithe de shraith rialacha atá ***comhchuibhithe,*** soiléir agus aonfhoirmeach agus ba cheart córais riaracháin phoiblí a bheith in ann brath ar dhoiciméid leictreonacha i bhformáid ar leith. ***Ós rud é gur féidir tionchar athraitheach a bheith ag digitiú sin na nósanna imeachta riaracháin ar an mbuiséad poiblí i mBallstáit éagsúla, ba cheart é a bheith mar aidhm le creat comhchuibhithe na gnéithe eacnamaíocha is infheidhme maidir le*** |

***soláthar ríomhdhearbhuithe tréithe a chuíchóiriú agus, ar an gcaoi sin, neamhréireachtaí idir na Ballstáit a laghdú tuilleadh.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach creat ***chun*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú lena n-eisiúint ag na Ballstáit, creat lenar cheart a chur ar chumas shaoránaigh uile an Aontais agus ar chumas cónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta sonraí a bhaineann lena gcéannacht a chomhroinnt ar bhealach atá soláimhsithe saoráideach agus faoi smacht an úsáideora amháin. Na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart iad a fhorbairt d'fhonn an leibhéal is airde ***slándáil***, áisiúlacht don úsáideoir agus inúsáidteacht fhairsing a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit ***rochtain chothrom ar shainaitheantas digiteach*** a áirithiú ***dá náisiúnaigh*** agus cónaitheoirí uile. | (7) Is gá na coinníollacha comhchuibhithe a leagan amach ***chun*** creat ***maidir le*** Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú lena n-eisiúint ag na Ballstáit, creat lenar cheart a chur ar chumas shaoránaigh uile an Aontais agus ar chumas cónaitheoirí eile mar a shainítear sa dlí náisiúnta sonraí a bhaineann lena gcéannacht a chomhroinnt ar bhealach atá soláimhsithe saoráideach agus faoi smacht an úsáideora amháin. Na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart iad a fhorbairt d'fhonn an leibhéal is airde ***slándála***, áisiúlacht don úsáideoir agus inúsáidteacht fhairsing a bhaint amach. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú ***nach mbeidh na creataí sin ina siocair leis an deighilt dhigiteach a bheith á leathnú*** agus***, chuige sin, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfaidh a gcuid náisiúnach agus*** cónaitheoirí uile***, lena n-áirítear daoine leochaileacha, amhail daoine atá faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais, amhail daoine scothaosta, daoine a bhfuil teorainn lena rochtain ar theicneolaíochtaí digiteacha agus lena scileanna digiteacha, agus imircigh, leas a bhaint, ar bhonn deonach, as an gcéannacht dhigiteach, agus go mbeidh rochtain chomhionann agus saor in aisce acu uirthi***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ***Ba cheart do gach Tiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí ***ligean*** d'úsáideoirí fíordheimhniú ***agus ríomh-shainaithint*** ar líne agus as líne thar theorainneacha ***d'fhonn*** raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha a ***rochtain***. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. Agus é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe 'ard', ba cheart go dtairbheodh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. ***Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an Aontais a chruthú agus a úsáid.*** Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ***ríomh-shainordaithe*** a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint***, tiachóga a bheidh ag brath*** ar chomhchaighdeáin ***chun*** idir-inoibritheacht ***rianúil agus leibhéal ard slándála*** a áirithiú. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard | (9) ***Le Tiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí ***uile ba cheart go lamhálfaí*** d'úsáideoirí***, ar bhealach atá trédhearcach agus inrianaithe ag an úsáideoir, sonraí céannachta agus ríomhdhearbhú tréithe an duine dhlítheanaigh a bhfuil gá leo a iarraidh agus a fháil, a stóráil, a roghnú, a chomhcheangal agus a chomhroinnt go slán, agus é á áirithiú go bhfuil nochtadh roghnaitheach indéanta, chun sainaithint agus*** fíordheimhniú ***a dhéanamh go leictreonach*** ar líne agus as líne thar theorainneacha ***chun rochtain a fháil ar*** raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha***, agus chun sínithe agus séalaí leictreonacha cáilithe*** a ***bhfuil glacadh leo ar fud an Aontais a chruthú agus a úsáid***. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte***,*** ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine***,*** agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. ***Ba cheart freisin, le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, go lamhálfaí don úsáideoir féachaint ar stair na n-idirbheart, sonraí na tiachóige a aistriú, an rochtain a aischur ar ghléas difriúil*** agus ***rochtain ar an tiachóg a bhlocáil i gcás sárú slándála, rud atá ina shiocair lena cur ar fionraí, lena cúlghairm nó lena tarraingt siar, agus an deis a thabhairt dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta eisitheoir na*** |

muiníne a sholáthar agus céannacht duine a ***shuíomh*** agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

***tiachóige. Agus*** é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe ‘ard’, ba cheart go dtairbheodh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le réitigh chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ***ríomh-shainorduithe*** a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint ***lena mbraitear*** ar chomhchaighdeáin***. Ba cheart Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a fhorbairt ar bhealach lena n-áirithítear ardleibhéal slándála, lena n-áirítear criptiú inneachair. Ba cheart*** idir-inoibritheacht ***gan uaim*** a áirithiú ***leo, trí bhrath, mar shampla, ar úsáid a bheith á baint as teicneolaíocht foinse oscailte, agus ba cheart iad a chur ar fáil ar mhórchórais oibriúcháin***. ***Nuair*** is ***trí sholáthar poiblí nó ar theicneolaíochtaí a fhorbraítear trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha le heagraíochtaí neamhbhrabúis a fhorbraítear*** iad***, ba cheart don chód is toradh orthu a bheith ina fhoinse oscailte. Is iad*** údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a ***shuí*** agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán

(AE) 2016/679.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta a bhaint amach, leis an Rialachán seo bunaítear na ceanglais maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart gur chomhlachtaí creidiúnaithe de chuid na hearnála poiblí nó na hearnála príobháidí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dheimhneodh comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais sin. Dá mbainfí leas as scéim um dhearbhú bunaithe ar infhaighteacht ***chaighdeán*** comhaontaithe leis na Ballstáit, ba cheart leibhéal ard iontaoibhe agus idir-inoibritheachta a áirithiú. Ba cheart deimhniú a bheith ag brath go háirithe ar na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhnithe cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[20]. Ba cheart na deimhnithe sin a bheith gan dochar do dheimhnithe a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de bhun Rialachán (CE) 2016/679. | (10) Chun ardleibhéal slándála***, inrochtaineachta*** agus iontaofachta a bhaint amach, leis an Rialachán seo bunaítear na ceanglais maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart gur chomhlachtaí creidiúnaithe de chuid na hearnála poiblí nó na hearnála príobháidí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dheimhneodh comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais sin. Dá mbainfí leas as scéim um dhearbhú bunaithe ar infhaighteacht ***caighdeán*** comhaontaithe leis na Ballstáit, ba cheart leibhéal ard iontaoibhe***, slándála, inrochtaineachta*** agus idir-inoibritheachta a áirithiú. Ba cheart deimhniú a bheith ag brath go háirithe ar na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhnithe cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[20]. Ba cheart na deimhnithe sin a bheith gan dochar do dheimhnithe a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de bhun Rialachán (CE) 2016/679. |
| [20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil)***,*** IO L 151, 7.6.2019, lch. 15 | [20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) ***(***IO L 151, 7.6.2019, lch. 15***).*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (11) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ba cheart an leibhéal is airde ***slándáil*** a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil nó ar réitigh néalbhunaithe, agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. Úsáid na bithmhéadrachta chun fíordheimhniú a dhéanamh, tá sin ar cheann de na modhanna sainaitheanta lena ndéantar leibhéal ard muiníne a sholáthar, go háirithe nuair a úsáidtear í in éineacht le heilimintí eile fíordheimhnithe. Ós rud é gur saintréith uathúil de chuid an duine í an bhithmhéadracht, tá gá le bearta eagraíochtúla agus slándála chun an bhithmhéadracht a úsáid, bearta atá i gcomhréir leis an riosca a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an bpróiseáil sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir le Rialachán 2016/679. | (11) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ba cheart an leibhéal is airde ***slándála*** a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil nó ar réitigh néalbhunaithe, agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. Úsáid na bithmhéadrachta chun fíordheimhniú a dhéanamh, tá sin ar cheann de na modhanna sainaitheanta lena ndéantar leibhéal ard muiníne a sholáthar, go háirithe nuair a úsáidtear í in éineacht le heilimintí eile fíordheimhnithe. Ós rud é gur saintréith uathúil de chuid an duine í an bhithmhéadracht, tá gá le bearta eagraíochtúla agus slándála chun an bhithmhéadracht a úsáid, bearta atá i gcomhréir leis an riosca a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an bpróiseáil sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir le Rialachán 2016/679. ***Moltar go mór bithmhéadracht a úsáid; tá roinnt réiteach crua-earraí ann, áfach, nach féidir bithmhéadracht a úsáid leo agus, sna cásanna sin, ba cheart roghanna malartacha a sholáthar. Ba cheart go bhféadfadh úsáideoirí ionchasacha na dtiachóg digiteach sin nach mian leo a thuilleadh iad a úsáid a gcuid sonraí a scriosadh go buan.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach | (12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach |

| | |
|---|---|
| oscailte don nuálaíocht*,* don fhorbairt theicneolaíoch agus ***don todhchaí***, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh a chur ar bun i gcomhpháirt chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe shlán, go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ***ar chosaint sonraí pearsanta, ar shlándáil*** agus ***ar*** idir-inoibritheacht na réiteach agus chun nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla ***a fhorbairt*** amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart ***Gnóthais Bheaga*** agus ***Mheánmhéide*** san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe ***aonair*** agus taighdeoirí a chothú. | oscailte don nuálaíocht ***agus*** don fhorbairt theicneolaíoch*,* agus ***go sheasfaidh sé an aimsir***, ***agus go ndéanfar éascú leis, ar an gcaoi sin, ar an aistriú chuig fíormhargadh aonair digiteach,*** ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh ***rialála*** a chur ar bun i gcomhpháirt ***le chéile*** chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe shlán,***faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil,*** go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ***slándáil*** agus idir-inoibritheacht na réiteach***, chun coimircí*** agus ***bearta maolaithe riosca a bhfuil gá leo a sholáthar*** chun ***iontaoibh agus tuilleamaí ar na réitigh a thógáil agus cosaint éifeachtach sonraí pearsanta agus ceart bunúsach eile a áirithiú, agus chun bonn eolais a chur faoi*** nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart ***cuimsiú fiontraíochtaí beaga*** agus ***meánmhéide*** san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe agus taighdeoirí ***aonair*** a chothú***, gan iad a chur faoi réir ualaí riaracháin agus airgeadais gan ghá agus, san am céanna, comhlíonadh a fheabhsú agus cosc a chur ar réitigh nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus leis an gcibearshlándáil a bheith á gcur ar an margadh***. ***Má shainaithnítear aon rioscaí suntasacha le linn do réitigh nuálacha a bheith á bhforbairt agus á dtástáil, beidh maolú láithreach ann agus, ina éagmais sin, cuirfear an próiseas forbartha agus tástála ar fionraí go dtí go ndéanfar an maolú sin.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta ***uathúla*** sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta. Chun na ***críche céanna***, leis an Rialachán seo ***ba cheart an tacar sonraí éigeantacha íosta a leathnú*** agus ***ba cheart úsáid sainaitheantóir leictreonach atá uathúil agus leanúnach a cheangal i gcomhréir*** le dlí an Aontais ***sna cásanna sin inar gá an t-úsáideoir a shainaithint go dlíthiúil arna iarraidh sin dó nó di ar bhealach uathúil leanúnach***. | (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as ***an*** tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta ***trasteorann***. ***Tá sé buntábhachtach sonraí sainaitheantais duine nó teaglaim de shonraí sainaitheantais duine a úsáid, lena n-áirítear úsáid aitheantóirí uathúla agus marthanacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó arna nginiúint ag Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí*** chun ***a áirithiú gur féidir céannacht an úsáideora a fhíorú, go háirithe san earnáil phoiblí agus, i gcás ina dtugtar sainordú ina leith le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Féadfar a cheangal le dlí Ballstáit go n-úsáidfear aitheantóirí uathúla seasmhacha arna n-eisiúint ag an mBallstát sin. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfaí*** na ***haitheantóirí sin a stóráil i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus go bhféadfaí iad a nochtadh a bhuí leis agus arna iarraidh sin don úsáideoir sna cásanna sin ina gceanglaítear an t-úsáideoir a shainaithint de réir an dlí. Féadfaidh aitheantóir seasmhach uathúil a bheith comhdhéanta de shonraí sainaitheantais aonair nó de shonraí*** |

***sainaitheantais iolracha ar féidir baint a bheith acu le hearnáil shonrach nó le páirtí is úsáideoir sonrach*, *fad a fhónann sé go huathúil chun an t-úsáideoir a shainaithint ar fud an Aontais. I ngach cás, ba cheart a áirithiú*** leis an ***sásra a sholáthraítear chun meaitseáil taifid a éascú go gcosnófar an t-úsáideoir ar mhí-úsáid sonraí pearsanta, i gcomhréir leis an*** Rialachán seo agus le dlí an Aontais ***is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear ar an riosca a ghabhann le próifíliú agus le rianú a bhaineann le húsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí***.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) I gcomhréir le ***Treoir*** (AE) ***2019/882***[22], ba cheart daoine faoi ***mhíchumas*** a bheith in ann úsáid a bhaint as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh a ***úsáidtear*** chun na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile. | (18) I gcomhréir le ***Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas*** (***UNCRPD) agus leis na ceanglais inrochtaineachta faoi Threoir (***AE) ***2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[22], ba cheart daoine faoi ***mhíchumais agus daoine le teorannú cumais*** a bheith in ann úsáid a bhaint as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, as seirbhísí iontaoibhe agus as táirgí úsáideora deiridh a ***mbaintear úsáid astu*** chun na seirbhísí sin a sholáthar ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile. |
| [22] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). | [22] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70). |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Maidir le daoine faoi chaomhnóireacht, amhail leanaí agus daoine faoi mhíchumais mheabhracha, ba cheart go mbeidís in ann tríú páirtí iontaofa a chur i gceannas ar úsáid a bhaint, thar a gceann, as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá gcuid, ar a n-ainmniú ag údarás breithiúnach. Ba cheart do na Ballstáit na módúlachtaí maidir le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag tríú páirtithe iontaofa a chinneadh.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar agus a úsáid ***sa*** trádáil agus ***sa*** chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le reachtaíocht cur chun feidhme ***féadfar*** na coinníollacha ***a shocrú*** faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh. | (20) Tá ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí iontaoibhe a sholáthar agus a úsáid ***don*** trádáil***, don iomaíochas, don nuálaíocht, don tslándáil*** agus ***don*** chomhar idirnáisiúnta. Tá creataí iontaoibhe á mbunú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais faoi Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Dá bhrí sin, chun aithint na seirbhísí sin agus a soláthraithe a éascú, le reachtaíocht cur chun feidhme ***socraítear*** na coinníollacha faoina bhféadfaí a mheas go bhfuil creataí iontaoibhe tríú tíortha coibhéiseach leis an gcreat iontaoibhe le haghaidh seirbhísí agus soláthraithe iontaoibhe cáilithe sa Rialachán seo, coinníollacha a bheidh mar chomhlánú ar an bhféidearthacht go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí agus do sholáthraithe iontaoibhe arna mbunú san Aontas agus i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) ***Leis*** an Rialachán seo ***ba cheart forbairt a dhéanamh ar ghníomhartha an Aontais lena n-áirithítear margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach. Go sonrach, cuireann sé le*** Rialachán XXX/XXXX [an ***Ionstraim*** um Margaí Digiteacha], lena ***dtugtar isteach rialacha le haghaidh soláthraithe ardán croísheirbhísí a ainmnítear mar mhaoir gheata agus Rialachán***, i measc nithe eile, ***lena gcuirtear cosc ar mhaoir gheata ceangal*** a ***chur ar úsáideoirí gnó seirbhís sainaitheanta a*** úsáid***, a thairiscint*** nó idiroibriú léi ***i gcomhthéacs seirbhísí arna dtairiscint ag úsáideoirí gnó a úsáideann ardán croísheirbhísí an mhaoir geata sin***. ***Le hAirteagal 6(1)(f) de Rialachán XXX/XXXX [an Ionstraim um Margaí Digiteacha], ceanglaítear ar mhaoir gheata ligean d'úsáideoirí gnó agus do sholáthraithe seirbhísí coimhdeacha rochtain ar an gcóras oibriúcháin céanna, agus ar na gnéithe crua-earraí nó bogearraí céanna atá ar fáil nó atá in úsáid ag maor geata i soláthar aon seirbhíse coimhdí agus idir-inoibritheacht a bheith acu ina leith. De réir Airteagal 2(15) de [an Ionstraim um Margaí Digiteacha] is cineál seirbhísí coimhdeacha iad seirbhísí sainaitheanta.*** Ba cheart***, dá bhrí*** sin, ***úsáideoirí gnó agus soláthraithe seirbhísí coimhdeacha a bheith in ann rochtain a fháil ar*** na ***gnéithe crua-earraí nó bogearraí sin, amhail gnéithe slána i bhfóin chliste, agus ba cheart go mbeidís in ann idiroibriú i gcomhar leo trí bhíthin Thiachóg na*** Céannachta Digití Eorpaí nó ***trí bhíthin*** modhanna ***ríomh-*** | (21) ***Ba cheart*** an Rialachán seo ***a bheith bunaithe ar*** Rialachán XXX/XXXX [an ***Gníomh*** um ***na*** Margaí Digiteacha], lena ***gceanglaítear***, i measc nithe eile, ***ar gheatóirí lamháil dá n-úsáideoirí gnó an tseirbhís aitheantais ar mian leo*** a úsáid nó ***ar mian leo*** idiroibriú léi ***a roghnú gan bhac***. Ba cheart ***go gcumhdófaí leis*** sin,***Tiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí nó modhanna ***ríomh-shainaitheantais*** na mBallstát ar tugadh fógra ina leith. |

***shainaitheanta*** na mBallstát ar tugadh fógra ina leith.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Ba cheart go bhféadfaí tréithe digiteacha iontaofa a eisiúint agus a láimhseáil agus rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú, rud lena dtabharfaí cumhacht do shaoránaigh agus do chónaitheoirí eile na tréithe sin a úsáid ina n-idirbhearta príobháideacha agus poiblí. Úinéireacht ar cheadúnas tiomána bailí arna eisiúint ag údarás i mBallstát amháin, mar shampla, ba cheart saoránaigh agus cónaitheoirí eile a bheith in ann sin a léiriú, léiriú is féidir leis na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile a fhíorú agus ar féidir leo brath air, agus ba cheart iad a bheith in ann brath ar fhaisnéis aitheantais slándála sóisialta na saoránach nó na gcónaitheoir eile nó ar dhoiciméid taistil dhigiteacha amach anseo i gcomhthéacs trasteorann. | (26) Ba cheart go bhféadfaí tréithe digiteacha iontaofa a eisiúint agus a láimhseáil agus rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú, rud lena dtabharfaí cumhacht do shaoránaigh agus do chónaitheoirí eile na tréithe sin a úsáid ina n-idirbhearta príobháideacha agus poiblí ***faoi dhálaí na slándála optamaí***. Úinéireacht ar cheadúnas tiomána bailí arna eisiúint ag údarás i mBallstát amháin, mar shampla, ba cheart saoránaigh agus cónaitheoirí eile a bheith in ann sin a léiriú, léiriú is féidir leis na húdaráis ábhartha i mBallstáit eile a fhíorú agus ar féidir leo brath air, agus ba cheart iad a bheith in ann brath ar fhaisnéis aitheantais slándála sóisialta na saoránach nó na gcónaitheoir eile nó ar dhoiciméid taistil dhigiteacha amach anseo i gcomhthéacs trasteorann. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) ***Aon*** eintiteas ***lena mbailítear, lena gcruthaítear*** agus ***lena n-eisítear*** tréithe ***ríomhdhearbhaithe*** amhail dioplómaí, ceadúnais***,*** teastais bhreithe, ba cheart dó a bheith ***in ann teacht chun bheith ina soláthraithe ríomhdhearbhú tréithe***. Ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí úsáid a bhaint as ríomhdhearbhuithe tréithe mar dhearbhuithe atá coibhéiseach le | (27) ***Maidir le haon*** eintiteas ***a bhailíonn, a chruthaíonn*** agus ***a eisíonn*** tréithe ***dearbhaithe*** amhail dioplómaí, ceadúnais ***nó*** teastais bhreithe, ba cheart ***go bhféadfadh sé a bheith ina sholáthraí ríomhdhearbhaithe tréithe agus ba cheart*** dó a bheith ***freagrach as an dearbhú a chúlghairm i gcás falsú, goid aitheantais, nó aon eisiúint atá bunaithe ar iarraidh*** |

ríomhdhearbhuithe i bhformáid pháipéir. ***Dá bhrí*** sin, níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar ríomhdhearbhú tréithe ar an bhforas gur i bhfoirm leictreonach atá sé ná ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhdhearbhaithe tréithe. Chuige sin, ba cheart ceanglais ghinearálta a leagan síos chun a áirithiú i dtaca leis an éifeacht dhlíthiúil atá ag ríomhdhearbhú tréithe cáilithe go mbeidh sí coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe a eisítear go dleathach i bhformáid pháipéir. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta lena sainítear ceanglais bhreise a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a mhéid a bhaineann le foirm le bunéifeachtaí dlíthiúla agus, go háirithe, ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a aithint ar bhealach trasteorann, i gcás inarb iomchuí.

***mhí-úsáideach***. Ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí úsáid a bhaint as ríomhdhearbhuithe tréithe mar dhearbhuithe atá coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe i bhformáid pháipéir. ***Mar*** sin ***féin***, ***ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí glacadh i gcónaí le dearbhuithe tréithe arna n-eisiúint go dleathach i bhfoirm páipéir mar mhalairt ar ríomhdhearbhuithe tréithe.*** Níor cheart éifeacht dhlíthiúil a shéanadh ar ríomhdhearbhú tréithe ar an bhforas gur i bhfoirm leictreonach atá sé ná ar an bhforas nach gcomhlíonann sé ceanglais an ríomhdhearbhaithe tréithe***, agus ar na forais sin amháin***. Chuige sin, ba cheart ceanglais ghinearálta a leagan síos chun a áirithiú i dtaca leis an éifeacht dhlíthiúil atá ag ríomhdhearbhú tréithe cáilithe go mbeidh sí coibhéiseach le ríomhdhearbhuithe a eisítear go dleathach i bhformáid pháipéir. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ach gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta lena sainítear ceanglais bhreise a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a mhéid a bhaineann le foirm le bunéifeachtaí dlíthiúla agus, go háirithe, ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a aithint ar bhealach trasteorann, i gcás inarb iomchuí. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit páirt a thabhairt d'eagraíochtaí gairmiúla agus na tréithe a bhaineann leo á leagan síos.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Ní mór do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inúsáidte go forleathan. Maidir le páirtithe is | (28) Ní mór do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha glacadh le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun go mbeidh siad ar fáil agus go mbeidh siad inúsáidte go forleathan***, agus is gá do na saoránaigh*** |

úsáideoirí príobháideacha ***a sholáthraíonn*** seirbhísí i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, ba cheart dóibh glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun seirbhísí a sholáthar i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú láidir le haghaidh sainaithint ar líne leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais nó le hoibleagáid chonarthach. Maidir le hardáin ***an-mhóra*** ar líne mar a shainítear in Airteagal 25.1 de Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna hiarraidh sin don úsáideoir. Níor cheart ***aon*** oibleagáid a bheith ar úsáideoirí an tiachóg a úsáid chun ***seirbhísí*** príobháideacha a ***rochtain, ach dá mba mhian leis na húsáideoirí a dhéanamh*** amhlaidh, ba cheart d'ardáin mhóra ar líne glacadh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun na críche sin agus ***prionsabal*** an íoslaghdaithe sonraí á ***urramú ag an am céanna***. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú. Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh Thiachóga na ***iontaoibh a chur iontu freisin maidir le próiseáil a gcuid sonraí pearsana***. Maidir le páirtithe is úsáideoirí príobháideacha ***lena soláthraítear*** seirbhísí i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide, ba cheart dóibh glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí chun seirbhísí a sholáthar ***ar bhealach atá inrochtana go héasca agus atá neamh-idirdhealaitheach*** i gcás ina n-éilítear fíordheimhniú ***úsáideora*** láidir le haghaidh sainaithint ar líne leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais nó le hoibleagáid chonarthach. ***Mar sin féin, mura gceanglaítear le rialacha sonracha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta ar úsáideoirí iad féin a shainaithint chun críoch dlíthiúil, ba cheart cead a thabhairt i gcónaí seirbhísí a úsáid faoi ainm bréige agus níor cheart do sholáthraithe seirbhíse cosc a chur ar an úsáid sin ná teorainn a chur léi trí bhíthin conradh nó na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme*** maidir le ***húsáid na seirbhíse. Maidir le*** hardáin ***an-mhór*** ar líne mar a shainítear in Airteagal 25.1 de Rialachán [tagairt do Rialachán DSA], i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí***, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta,*** fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, ba cheart sainordú a thabhairt do na hardáin sin glacadh le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna hiarraidh sin don úsáideoir. ***Ba cheart na sonraí pearsanta arna n-iarraidh a bheith leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha ar chucu a phróiseáiltear iad.*** Níor cheart oibleagáid ***ar bith*** a bheith ar úsáideoirí an tiachóg a úsáid chun ***rochtain a fháil ar sheirbhísí*** príobháideacha***. Ós*** a ***choinne sin, níor cheart rochtain ar sheirbhísí príobháideacha a shrianadh ná***

| | |
|---|---|
| Céannachta Digití Eorpaí ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht Thiachóga Chéannacht Dhigiteach Eorpach 18 mhí tar éis a gcur chun feidhme agus i bhfianaise an mheasúnaithe sin, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha lena áirithiú go nglacfar leis na forálacha sin trí bhíthin Gníomhartha Tarmligthe. | ***bac a chur uirthi i gcás úsáideoirí nach n-úsáideann an tiachóg. Más mian leo déanamh*** amhlaidh, ba cheart d'ardáin mhóra ar líne glacadh le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun na críche sin agus ***prionsabail*** an íoslaghdaithe sonraí ***agus an teorannaithe críche*** á ***n-urramú acu***. I bhfianaise a thábhachtaí atá ardáin mhóra ar líne mar gheall ar a fhairsinge atá an rochtain atá acu, go háirithe mar a shloinntear an rochtain sin de réir líon fhaighteoirí na seirbhíse agus na n-idirbheart eacnamaíoch, is gá an méid seo chun cosaint na n-úsáideoirí ar chalaois a mhéadú agus chun ardleibhéal cosanta sonraí a chinntiú. Ba cheart cóid iompair féinrialála a fhorbairt ar leibhéal an Aontais ('cóid iompair') chun cur le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht fhorleathan maidir le modhanna ríomh-shainaitheantais lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Leis na cóid iompair, ba cheart glacadh forleathan modhanna ríomh-shainaitheantais a éascú, lena n-áirítear glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag na soláthraithe seirbhíse sin nach bhfuil incháilithe mar ardáin an-mhóra ar líne agus a bhraitheann ar sheirbhísí ríomh-shainaitheantais tríú páirtí le haghaidh fíordheimhniú úsáideora. Ba cheart iad a fhorbairt laistigh de 12 mhí tar éis an Rialachán seo a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na bhforálacha sin maidir le hinfhaighteacht agus le hinúsáidteacht Thiachóga Chéannacht Dhigiteach Eorpach 18 mhí tar éis a gcur chun feidhme agus i bhfianaise an mheasúnaithe sin, ba cheart dó athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha lena áirithiú go nglacfar leis na forálacha sin trí bhíthin Gníomhartha Tarmligthe. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(32) Le seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin, cuirtear dearbhú ar fáil d'úsáideoirí go bhfuil eintiteas fíor agus dlisteanach taobh thiar den láithreán gréasáin. Cabhraítear leis na seirbhísí sin iontaoibh agus muinín a chothú maidir le gnó a sheoladh ar líne, mar go mbeidh tomhaltóirí muiníneach as láithreán gréasáin atá fíordheimhnithe. Is ar bhonn deonach a bhaineann suíomhanna gréasáin úsáid as seirbhísí fíordheimhnithe láithreán gréasáin. Chun go mbainfí úsáid as fíordheimhniú láithreán gréasáin chun iontaoibh a mhéadú, agus taithí níos fearr a chur ar fáil don úsáideoir agus cur leis an bhfás sa mhargadh inmheánach, áfach, leagtar síos leis an Rialachán seo na hoibleagáidí íosta maidir le slándáil agus le dliteanas do sholáthraithe seirbhísí fíordheimhnithe láithreáin gréasáin agus dá seirbhísí. Chuige sin, do bhrabhsálaithe gréasáin, ba cheart tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe Cáilithe a áirithiú le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ba cheart go n-aithneofaí agus go dtaispeánfaí dearbhuithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhniithe láithreán gréasáin d'fhonn leibhéal ard dearbhaithe a chur ar fáil, rud lena gcuirfí ar a gcumas d'úinéirí láithreán gréasáin a gcéannacht a dhearbhú mar úinéirí láithreáin ghréasáin agus lena gcuirfí ar a gcumas d'úsáideoirí úinéirí an láithreáin gréasáin a shainaithint le leibhéal ard cinnteachta. Chun a n-úsáid a chur chun cinn tuilleadh, ba cheart d'údaráis phoiblí sna Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe Cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin a chur san áireamh ina láithreáin ghréasáin.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*(nasctha le scriosadh an leasaithe ar Airteagal 45) Lasmuigh den raon feidhme - níl aon bhaint ag cartlannú le sainaithint. Ní dhéanann an tAontas chomhchuibhiú ar thaisceadáin ach oiread.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú lena chéile laistigh den chreat a leagtar amach i Moladh XXX/XXXX ón gCoimisiún [An bosca uirlisí le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach][26] chun Bosca Uirlisí le haghaidh an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a shainaithint. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú sa Bhosca Uirlisí***;*** ailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha, sraith comhchaighdeán agus tagairtí teicniúla agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d'fheidhmiúlachtaí, agus d'idir-inoibritheacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí lena n-áirítear ríomhshíniú, agus den tseirbhís iontaoibhe cháilithe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de | (36) Chun ilroinnt agus bacainní a sheachaint, mar gheall ar chaighdeáin éagsúla agus ar shrianta teicniúla éagsúla, agus chun próiseas comhordaithe a áirithiú lena seachnófar baol do chur chun feidhme an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a bheidh ann amach anseo, tá gá le próiseas le haghaidh dlúthchomhar struchtúrtha idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an earnáil phríobháideach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú lena chéile laistigh den chreat a leagtar amach i Moladh XXX/XXXX ón gCoimisiún [An bosca uirlisí le haghaidh cur chuige comhordaithe i leith an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach][26] chun Bosca Uirlisí le haghaidh an chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach a shainaithint. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú sa Bhosca Uirlisí***:*** ailtireacht theicniúil chuimsitheach agus creat tagartha ***d'ailtireacht fhéincheannasach dhíláraithe Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí***, sraith comhchaighdeán***, lena n-áirítear caighdeáin aitheanta atá ann cheana,*** agus tagairtí teicniúla agus sraith treoirlínte agus cur síos ar dhea-chleachtais lena gcumhdaítear gach gné ar a laghad d'fheidhmiúlachtaí, agus d'idir-inoibritheacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí lena n-áirítear ríomhshíniú, agus den tseirbhís iontaoibhe cháilithe le haghaidh dearbhú tréithe mar a leagtar |

| | |
|---|---|
| struchtúr na dtáillí a bhaineann le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, gnéithe lena n-éascófar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. Maidir le hinneachar an bhosca uirlisí, ba cheart é a fhorbairt i gcomhthráth le toradh an phlé agus an phróisis maidir le glacadh an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach, toradh ar cheart a léiriú ann. | amach sa Rialachán seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit teacht ar chomhaontú freisin maidir le gnéithe coiteanna de shamhail ghnó agus de struchtúr na dtáillí a bhaineann le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, gnéithe lena n-éascófar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide glacadh leo i gcomhthéacs trasteorann. Maidir le hinneachar an bhosca uirlisí, ba cheart é a fhorbairt i gcomhthráth le toradh an phlé agus an phróisis maidir le glacadh an Chreata um Chéannacht Dhigiteach Eorpach, toradh ar cheart a léiriú ann. |
| [26] [cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an rialachán seo] | [26] [cuir isteach an tagairt nuair a ghlacfar an rialachán seo] |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27]. | (37) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27]***, agus thug seisean barúlacha foirmiúla uaidh an 28 Iúil 2021***. |
| [27] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). | [27] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo, ***féachtar lena áirithiú go bhfeidhmeoidh*** an margadh ***inmheánach mar is ceart,*** agus ***le*** leibhéal ***leordhóthanach*** slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus ***i gcás*** seirbhísí iontaoibhe. Chun na gcríoch seo, déantar ***é*** seo a leanas leis an Rialachán: | ***Is é is aidhm*** leis an Rialachán seo ***dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú***, an ***t-aistriú chuig*** margadh ***aonair digiteach a éascú*** agus leibhéal ***leormhaith*** slándála a sholáthar i gcás modhanna ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe. Chun na gcríoch seo, déantar ***an méid*** seo a leanas leis an Rialachán ***seo***: |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***maidir le*** scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, ***le Tiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí a d'eisigh ***na Ballstáit*** agus ***maidir le*** soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas.***;*** | 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***i leith*** scéimeanna ríomh-shainaitheantais ar thug Ballstát fógra ina leith, ***i leith Thiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí a d'eisigh ***Ballstát, faoi shainordú ó Bhallstát nó ar bhonn neamhspleách ach atá aitheanta ag Ballstát,*** agus ***i leith*** soláthraithe seirbhíse iontaoibhe atá bunaithe san Aontas. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais a bhaineann le ***conarthaí a thabhairt i gcrích ná le bailíocht na gconarthaí sin, ná le hoibleagáidí dlíthiúla eile ná le hoibleagáidí nós imeachta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith a mhéid a bhaineann le foirm, le bunéifeachtaí dlíthiúla';*** | 3. Ní dhéanann an Rialachán seo difear don dlí náisiúnta ná do dhlí an Aontais a bhaineann le***:*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – mír 3 – pointe a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(a) tabhairt i gcrích agus bailíocht conarthaí, nó oibleagáidí dlíthiúla nó oibleagáidí nós imeachta a bhaineann le foirm; nó*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – mír 3 – pointe b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(b) ceanglais earnáilsonracha i gcás ríomhdhearbhú tréithe cáilithe maidir le foirm ag a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla foluiteacha, go háirithe i gcomhthéacs aitheantas trasteorann a thugtar do ríomhdhearbhú tréithe cáilithe.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ciallaíonn **'**modh ríomh-shainaitheantais' aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha, lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó cártaí aitheantais náisiúnta ***de bhun Rialachán 2019/1157***, aonad ina bhfuil sonraí ***sainaitheantais*** duine, a mbaintear úsáid as ***chun seirbhís*** ar líne ***nó*** as líne ***a fhíordheimhniú;';*** | (2) **'**ciallaíonn modh ríomh-shainaitheantais' aonad ábhartha agus/nó neamhábhartha, lena n-áirítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó cártaí aitheantais náisiúnta ***i gcomhréir le Rialachán 2019/1157***, aonad ina bhfuil sonraí ***céannachta*** duine, a mbaintear úsáid as ***le haghaidh fíordheimhniú,*** ar líne ***agus*** as líne***, le haghaidh seirbhísí poiblí agus príobháideacha;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe g**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ciallaíonn 'deimhniú le haghaidh ríomhshéala' ríomhdhearbhú nó sraith ríomhdhearbhuithe lena ndéantar sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine ***dlítheanach*** agus lena ndearbhaítear ainm an duine sin;***';*** | (29) ciallaíonn 'deimhniú le haghaidh ríomhshéala' ríomhdhearbhú nó sraith ríomhdhearbhuithe lena ndéantar sonraí bailíochtaithe ríomhshéala a nascadh le duine ***nádúrtha*** agus lena ndearbhaítear ***ar a laghad*** ainm ***nó ainm bréige*** an duine sin; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 42

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (42) ***Is éard is 'Tiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí' ***ann*** táirge agus seirbhís lenar féidir leis an úsáideoir sonraí, dintiúir agus tréithe atá nasctha lena chéannacht a stóráil, ***iad*** a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí arna ***n-iarraidh*** sin dóibh, agus ***iad*** a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; | (42) ***ciallaíonn 'Tiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí' táirge agus seirbhís ***bogearraí*** lenar féidir leis an úsáideoir***, ar ghléas atá faoina cheannas nó faoina ceannas,*** sonraí, dintiúir agus tréithe atá nasctha lena chéannacht ***nó lena céannacht*** a stóráil, a sholáthar do pháirtithe is úsáideoirí arna ***iarraidh*** sin dóibh, agus a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 46

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) is éard is 'foinse bharántúil' ann stór nó córas a choinnítear faoi fhreagracht comhlachta phoiblí nó eintitis phríobháidigh, agus is éard atá ann tréithe maidir le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach agus a meastar faoi gurb é príomhfhoinse na faisnéise sin é nó a bhfuil aitheantas aige mar fhoinse bharántúil sa dlí náisiúnta; | (46) is éard is 'foinse bharántúil' ann stór nó córas a choinnítear faoi fhreagracht comhlachta phoiblí nó eintitis phríobháidigh, agus is éard atá ann tréithe maidir le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach agus a meastar faoi gurb é príomhfhoinse na faisnéise sin é nó a bhfuil aitheantas aige mar fhoinse bharántúil ***i ndlí an Aontais agus*** sa dlí náisiúnta; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 47

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) ciallaíonn 'cartlannú leictreonach' seirbhís lena n-áirithítear go ***bhfaightear, go stóráiltear, go scriostar agus go dtarchuirtear*** sonraí nó doiciméid | (47) ciallaíonn 'cartlannú leictreonach' seirbhís lena n-áirithítear go ***ndéantar*** sonraí nó doiciméid a ***fháil, a stóráil, a thiontú, a scriosadh agus a tharchur, nó*** |

***leictreonacha d'fhonn*** a sláine, cruinneas a dtionscnaimh agus a ngnéithe dlíthiúla a ráthú i rith na tréimhse caomhnaithe;

***lena n-áirithítear go ndéantar doiciméid fhisiciúla a dhigitiú ar mhaithe lena*** sláine, cruinneas a dtionscnaimh agus a ngnéithe dlíthiúla a ráthú i rith na tréimhse caomhnaithe;

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 55

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) ciallaíonn '***sainaithint uathúil***' próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine nó modhanna sainaitheantais duine a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana a bhaineann leis an duine céanna nó ina ndéantar iad a nascadh leis an duine sin***.'***; | (55) ciallaíonn '***meaitseáil taifid***' próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine nó modhanna sainaitheantais duine a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana ***agus*** a bhaineann leis an duine céanna nó ina ndéantar iad a nascadh leis an duine sin; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 55 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55a) ciallaíonn 'aitheantóir uathúil' aitheantóir a fhéadfaidh a bheith comhdhéanta de shonraí sainaitheantais náisiúnta nó earnála aonair nó iolracha agus a bhaineann le húsáideoir aonair laistigh de chóras ar leith;*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 55 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55b) ciallaíonn 'tríú páirtí iontaofa' duine nádúrtha arna ainmniú ag údarás breithiúnach faoi chuimsiú córas caomhnóireachta dlíthiúla, agus atá in ann Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid thar cheann a sealbhóirí.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 5 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneacha bréige ***in idirbheart leictreonach*** | ***Cosaint sonraí pearsanta agus*** ainmneacha bréige ***i ríomh-idirbhearta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 5 – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1. Déanfar próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe trí phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, an teorannaithe críche agus na cosanta sonraí a chur chun feidhme trí dhearadh agus mar réamhshocrú.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 5 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d’ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta, ***ní cheadófar*** ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha. | ***2.*** Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d’ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta ***agus mura rud é go gcuirtear de cheangal ar úsáideoirí le rialacha sonracha faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta iad féin a shainaithint chun críoch dlíthiúil***, ***ceadófar i gcónaí*** ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha ***agus ní chuirfear cosc ar an úsáid sin ná ní chuirfear srian léi trí bhíthin conradh ná trí bhíthin na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme maidir le húsáid na seirbhíse***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Le Tiachóga na Céannachta Digití ***Eorpach, cuirfear*** ar a ***chumas don úsáideoir na nithe*** seo a leanas a dhéanamh: | 3. Le Tiachóga na Céannachta Digití ***Eorpaí déanfar an t-úsáideoir a chumasú,*** ar ***bhealach*** a ***bheidh trédhearcach dó nó di, a bheidh faoina rialú agus a bheidh inrianaithe aige nó aici, an méid*** seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***maidir leis na*** sonraí ***aitheantais de chuid*** an duine dhlítheanaigh agus an ríomhdhearbhú tréithe is gá ***le fíordheimhniú*** a ***dhéanamh ar líne agus*** | (a) sonraí ***sainaitheantais*** an duine dhlítheanaigh ***is gá*** agus an ríomhdhearbhú tréithe is gá a iarraidh agus a fháil, a stóráil, a roghnú, a ***chomhcheangal*** agus a |

***as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha ar líne a úsáid, iad a*** iarraidh agus a fháil, ***iad*** a stóráil, a roghnú, a ***chomhthiomsú*** agus a ***roinnt ar bhealach atá trédhearcach don úsáideoir*** agus ***inrianaithe aige***; ***chomhroinnt,*** agus ***a áirithiú, san am céanna, go bhfuil nochtadh roghnaitheach indéanta***;

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) chun fíordheimhniú a dhéanamh ar líne agus as líne chun seirbhísí poiblí agus príobháideacha a úsáid; agus*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***sínigh*** trí bhíthin ***ríomhshínithe cáilithe***. | (b) ***síniú*** trí bhíthin ***sínithe leictreonacha agus úsáid a bhaint as séalaí leictreonacha***. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) chun sásra a ***chur ar fáil*** lena áirithiú go mbeidh an páirtí is úsáideoir in ann an t-úsáideoir a fhíordheimhniú agus | (d) chun sásra a ***sholáthar*** lena áirithiú go mbeidh an páirtí is úsáideoir in ann an t-úsáideoir a fhíordheimhniú agus |

| | |
|---|---|
| ríomhdhearbhuithe tréithe a fháil; | ríomhdhearbhuithe tréithe a fháil***, nó an dá rud***; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe d a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) chun a áirithiú nach féidir le páirtithe is úsáideoirí faisnéis a iarraidh ach bunaithe ar an bhformheas a thug Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 6b(1);*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***lena*** áirithiú go ***ndéanfar ionadaíocht ar an duine nádúrtha nó dlítheanach go huathúil agus go seasmhach leis*** na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4)***, pointe*** (d)***.*** | (e) ***chun a*** áirithiú go ***mbeidh*** na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4)(d) ***ag freagairt don duine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann siad;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) an t-úsáideoir a chumasú cóip a rochtain agus a aisghabháil, i bhformáid inléite, de liosta na ngníomhaíochtaí, na*** |

***n-idirbheart nó na n-úsáidí a bhaintear as ríomhdhearbhuithe tréithe nó as sonraí céannachta duine, atá údaraithe ag an úsáideoir;***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) an t-úsáideoir a chumasú sonraí Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a aistriú agus a aischur, agus an rochtain atá uirthi a bhlocáil i gcás sárú slándála is siocair lena cur ar fionraí, lena cúlghairm nó lena tarraingt siar de bhun Airteagal 10a;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ec) chun a áirithiú go bhfuil ar chumas an úsáideora teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta eisitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais leibhéal 'ard' dearbhaithe, scéim ar tugadh fógra ina leith. Beidh úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí saor in aisce do dhaoine nádúrtha. | 6. Déanfar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoi scéim ríomh-shainaitheantais ***ar*** leibhéal 'ard' dearbhaithe, ***ar*** scéim ***í*** ar tugadh fógra ina leith ***de bhun Airteagal 9(1), agus cuirfear ar fáil ar réimse leathan ardán iad***. Beidh úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ***deonach agus*** saor in aisce do dhaoine nádúrtha. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Ní chuirfear srian ná bac ar theachtadh ceart ná ar rochtain ar sheirbhísí, go háirithe seirbhísí rialtais, ar cheartas, ar mhargadh an tsaothair ná ar an tsaoirse chun gnó a dhéanamh do dhaoine nádúrtha nach n-úsáideann Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. I gcás ina soláthrófar seirbhísí bunriachtanacha agus ina mbeidh rochtain orthu sin ag teastáil chun Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid, déanfaidh an soláthraí seirbhíse roghanna malartacha a bhfuil rochtain éasca orthu a thairiscint.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Ar bhás an úsáideora, áiritheoidh an t-údarás atá freagrach as an gcomharbas a shocrú go ndíothófar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus go dtarchuirfear na sócmhainní chuig na hoidhrí.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 10 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla a leagan síos le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 3, 4 agus 5.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 11

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***bunóidh*** an Coimisiún ***sonraíochtaí teicniúla agus oibríochtúla agus*** caighdeáin thagartha le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i ***míreanna 3, 4 agus 5 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí***. Glacfar ***an gníomh*** cur chun | 11. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***déanfaidh*** an Coimisiún***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme,*** caighdeáin thagartha ***a leagan síos*** le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i ***míreanna 3,4 agus 5 den Airteagal seo***. Glacfar ***na gníomhartha*** cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in |

| | |
|---|---|
| feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). | Airteagal 48(2). |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina ***mbeartaíonn*** na páirtithe is úsáideoirí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, ***déanfaidh*** siad ***an méid sin a chur in iúl don Bhallstát*** ina bhfuil an páirtí is úsáideoir bunaithe d'fhonn a áirithiú go comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar. ***Nuair a chuirfidh na páirtithe is úsáideoirí a rún in iúl maidir le brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***, cuirfidh siad an Ballstát ar an eolas freisin faoin úsáid ***atá beartaithe*** a bhaint as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. | 1. I gcás ina ***mbeartóidh*** na páirtithe is úsáideoirí brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo, ***iarrfaidh*** siad ***a fhormheas ón mBallstát*** ina bhfuil an páirtí is úsáideoir bunaithe d'fhonn a áirithiú go comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta maidir le seirbhísí sonracha a sholáthar. ***Agus formheas á iarraidh acu***, cuirfidh siad an Ballstát ar an eolas freisin faoin úsáid a ***bheartaítear a*** bhaint as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit sásra comhchoiteann a chur chun feidhme d'fhonn na páirtithe is úsáideoirí a fhíordheimhniú | 2. Déanfaidh na Ballstáit sásra comhchoiteann a chur chun feidhme d'fhonn na páirtithe is úsáideoirí a fhíordheimhniú***. Féadfaidh na Ballstáit údarú na bpáirtithe is úsáideoirí a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás ina mbainfear úsáid neamhdhleathach nó*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***chalaoiseach as Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar a gcríoch féin.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6b – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***bunóidh*** an Coimisiún ***sonraíochtaí*** teicniúla agus oibríochtúla le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 2 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear 6a(10)***. | 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí*** teicniúla agus oibríochtúla ***a bhunú*** le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 2***. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***bunóidh an Coimisiún*** liosta ***na gcaighdeán*** le haghaidh dheimhniú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear i mír 3. | 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***bunóidh an Coimisiún,*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, liosta ***caighdeán*** le haghaidh dheimhniú Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear i mír 3. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6d – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, déanfaidh*** an Coimisiún formáidí agus nósanna imeachta is infheidhme ***a shainiú*** chun ***críche*** mhír 1. ***trí bhíthin gníomh*** cur chun feidhme ***maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** dá dtagraítear ***6a(10***). | 3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ***bunóidh*** an Coimisiún***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme,*** formáidí agus nósanna imeachta is infheidhme chun ***críocha*** mhír 1. ***Glacfar na gníomhartha*** cur chun feidhme ***sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear ***in Airteagal 48(2***). |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 2 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| SCÉIMEANNA RÍOMH-SHAINAITHEANTAIS | ***INCHÁILITHEACHT LE hAGHAIDH FÓGRA A THABHAIRT I LEITH*** SCÉIMEANNA RÍOMH-SHAINAITHEANTAIS |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhun Airteagal 9(1), laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***tabharfaidh na Ballstáit fógra*** faoi scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad lena n-áirítear ***modh ríomh-shainaitheantais amháin*** ar a laghad***:*** | ***1.*** De bhun Airteagal 9(1), ***tabharfaidh na Ballstáit fógra,*** laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, faoi scéim ríomh-shainaitheantais amháin ar a laghad***,*** lena n-áirítear***,*** ar a laghad***, Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí arna heisiúint*** |

| | |
|---|---|
| | ***de bhun Airteagal 6a.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt faoi scéimeanna ríomh-shainaitheantais eile, a bheidh incháilithe le haghaidh fógra a thabhairt ina leith de bhun Airteagal 9(1), ar choinníoll go ndéanfar na coinníollacha seo a leanas ar fad a chomhlíonadh:*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 9 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 laistigh ***d'aon*** mhí amháin ***tar*** éis dó ***an*** fógra ***sin*** a fháil.***;*** | 3. Foilseoidh an Coimisiún in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh na leasuithe ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 laistigh ***de*** mhí amháin éis dó fógra ***nua ó Bhallstát*** a fháil. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 10a – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i | 5. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i |

bhfeidhm an Rialacháin seo, ***sonróidh*** an Coimisiún a ***thuilleadh*** na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 3 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear 6a(10)***.

bhfeidhm an Rialacháin seo, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo*** a ***fhorlíonadh trí*** na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 3 a shonrú tuilleadh***.

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sainaithint Uathúil*** | ***Meaitseáil taifid trasteorann*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh ***fíordheimhniúcháin***, áiritheoidh na Ballstáit ***sainaithint uathúil***. | 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh ***ríomh-shainaitheantais***, áiritheoidh na Ballstáit ***meaitseáil taifid***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun ***críocha*** an ***Rialacháin seo, sa tacar íosta sonraí sainaitheantais duine*** | 2. Chun an t-úsáideoir a shainaithint arna iarraidh sin ***dó nó di*** sna cásanna sin |

***dá dtagraítear in Airteagal 12.4.(d), cuirfidh na Ballstáit aitheantóir uathúil marthanach san áireamh i gcomhréir le dlí an Aontais, chun an*** t-úsáideoir a shainaithint arna iarraidh sin ***dóibh*** sna cásanna sin ina gceanglaítear leis an dlí an t-úsáideoir an ***shainaithint***.

ina gceanglaítear ***an t-úsáideoir a shainaithint de réir an dlí, déanfar aitheantóirí uathúla seasmhacha arna n-eisiúint ag Ballstát nó arna nginiúint ag Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar in éineacht*** leis an ***tacar íosta de shonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4)(d). I gcás ina bhforáilfear amhlaidh faoin*** dlí ***náisiúnta, féadfaidh na haitheantóirí uathúla seasmhacha a bheith earnáilsonrach nó féadfaidh baint a bheith acu le páirtí sonrach is úsáideoir, fad a shainaithnítear*** an t-úsáideoir ***go huathúil ar fud*** an ***Aontais leo***.

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh na Ballstáit foráil do bhearta teicniúla agus eagraíochtúla chun ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú de bhun an Rialacháin seo agus de bhun dlíthe eile is infheidhme de chuid an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679, agus tabharfaidh siad aghaidh ar an riosca a bhaineann le rianú agus próifíliú.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***sonróidh*** an | 3. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***glacfaidh*** an |

| | |
|---|---|
| Coimisiún a ***thuilleadh*** na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 2 trí bhíthin gníomh cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear 6a(10)***. | Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo*** a ***fhorlíonadh trí*** na bearta dá dtagraítear i míreanna 1 ***agus 2 a shonrú tuilleadh***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12 – mír 4 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tagairt do thacar íosta sonraí sainaitheantais duine is gá chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach ***ar bhealach uathúil agus seasmhach***; | (d) tagairt do thacar íosta sonraí sainaitheantais duine is gá chun ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine nádúrtha nó dlítheanach; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12 – mír 6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais maidir leis na scéimeanna ríomh-shainaitheantais, go háirithe maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht, le ***sainaitheantas uathúil*** agus le leibhéil dearbhaithe;***';*** | (a) malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais maidir leis na scéimeanna ríomh-shainaitheantais, go háirithe maidir le ceanglais theicniúla a bhaineann le hidir-inoibritheacht, le ***meaitseáil taifid*** agus le leibhéil dearbhaithe; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Maidir le páirtithe*** príobháideacha is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí, ***i gcás ina gceanglaítear orthu,*** leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid chun sainaithint ar líne a dhéanamh, ***nó i gcás ina gceanglaítear fíordheimhniú láidir úsáideora le hoibleagáid chonarthach, lena n-áirítear i réimsí an iompair, an fhuinnimh, na baincéireachta agus airgeadais, na slándála sóisialta, na sláinte, an uisce óil, na seirbhísí poist, an bhonneagair dhigitigh, an oideachais nó na teileachumarsáide,*** glacfaidh páirtithe príobháideacha is úsáideoirí freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a. | 2. ***I gcás ina gceanglaítear ar pháirtithe*** príobháideacha is úsáideoirí a sholáthraíonn seirbhísí, leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais, fíordheimhniú láidir úsáideora a úsáid chun sainaithint ar líne a dhéanamh, glacfaidh páirtithe príobháideacha is úsáideoirí freisin***, ar bhealach a bheidh inrochtana go héasca agus neamh-idirdhealaitheach,*** le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in Airteagal 25.1 Rialachán [tagairt do Rialachán DSA), i gcás ina gceanglaíonn siad ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, glacfaidh siad freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpacha arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a, ar iarraidh deonach amháin ag an úsáideoir agus i ndáil leis na tréithe íosta is gá le haghaidh na ***seirbhís*** sonraí ar líne a bhfuil fíordheimhniú á iarraidh ina leith, amhail cruthúnas aoise. | 3. Maidir le hardáin an-mhóra ar líne mar a shainítear in Airteagal 25.1 Rialachán [tagairt do Rialachán DSA), i gcás ina gceanglaíonn siad***, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme,*** ar úsáideoirí fíordheimhniú a dhéanamh chun seirbhísí ar líne a rochtain, glacfaidh siad freisin le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpacha arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 6a, ar iarraidh deonach amháin ag an úsáideoir agus i ndáil leis na tréithe íosta is gá le haghaidh na ***seirbhíse*** sonraí ar líne a bhfuil fíordheimhniú á iarraidh ina leith, amhail cruthúnas aoise. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de 18 mí tar éis chur in úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn fianaise lena léirítear infhaighteacht agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, ***measúnú an dtabharfar sainordú do sholáthraithe*** seirbhíse príobháideacha ar líne breise ***glacadh*** le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar iarraidh ***dheonach ón*** úsáideoir. Ar na critéir mheasúnaithe ***is féidir a áireamh, tá*** raon an bhoinn úsáideoirí, láithreacht trasteorann soláthraithe seirbhíse, forbairt theicneolaíoch, forbairt ar phatrúin úsáide. Tabharfar de chumhacht ***don Choimisiún*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh bunaithe ar an measúnú sin, maidir le hathbhreithniú ***a dhéanamh*** ar na ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt do ***Thiachóga*** na Céannachta Digití Eorpaí faoi ***phointí 1*** go 4 den ***Airteagal seo***. | 5. Laistigh de 18 mí tar éis chur in úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú***,*** ar bhonn fianaise lena léirítear ***éileamh na dtomhaltóirí,*** infhaighteacht agus inúsáidteacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, ***an nglacfaidh soláthraithe*** seirbhíse príobháideacha ar líne breise le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar iarraidh ***atá go hiomlán deonach a bheith déanta ag an*** úsáideoir. ***Áireofar*** ar na critéir mheasúnaithe raon an bhoinn úsáideoirí, láithreacht trasteorann soláthraithe seirbhíse, forbairt theicneolaíoch, forbairt ar phatrúin úsáide ***agus éileamh na dtomhaltóirí***. ***Aon uair a chinneann an Coimisiún, ar bhonn an mheasúnaithe sin, go nglacfaidh soláthraithe seirbhíse príobháideacha ar líne breise le húsáid Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí,*** tabharfar de chumhacht ***dó*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 47*** bunaithe ar an measúnú sin, maidir le hathbhreithniú ar na ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt do ***Thiachóg*** na Céannachta Digití Eorpaí faoi ***phointí 1*** go 4 den ***Airteagal seo***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12b – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Chun críocha an Airteagail seo,*** ní bheidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 7 ***agus 9***. | 6. Ní bheidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na gceanglas dá dtagraítear in Airteagail 7 ***agus 9, gan dochar don oibleagáid i dtaobh fógra a thabhairt, de bhun Airteagal 9(1), i leith na scéime ríomh-shainaitheantais faoina n-eisítear Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 17 – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíodh*** an Coimisiún a ***thuilleadh cúraimí na nÚdarás*** Maoirseachta dá dtagraítear i mír 4 ***agus saineoidh sé na formáidí agus na nósanna imeachta le haghaidh na tuarascála dá dtagraítear i mír 6. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).*** | 8. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo*** a ***fhorlíonadh trí chúraimí na gcomhlachtaí*** maoirseachta dá dtagraítear i mír 4 ***a shonrú tuilleadh.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 17 – mír 8 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha*** |

***cur chun feidhme, sainiú ar na formáidí agus nósanna imeachta le haghaidh na tuarascála dá dtagraítear i mír 6. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).***

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 18 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Comhoibreoidh comhlachtaí maoirseachta d'fhonn dea-chleachtas agus faisnéis maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe ***a mhalartú.;*** | 1. Comhoibreoidh comhlachtaí maoirseachta d'fhonn dea-chleachtas agus faisnéis ***a mhalartú agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt*** maidir le soláthar seirbhísí iontaoibhe**.** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 18 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***déanfaidh an Coimisiún*** na socruithe nós imeachta is gá ***chun an comhoibriú*** idir na ***hÚdaráis Mhaoirseachta*** dá dtagraítear i mír 1 ***a éascú.;*** | 5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***déanfaidh an Coimisiún,*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe nós imeachta is gá ***éascú a dhéanamh ar an gcomhoibriú*** idir na ***comhlachtaí maoirseachta*** dá dtagraítear i mír 1***. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 20 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| i gcás mainneachtain an tsoláthraí sin i dtaca le leigheas a chur ar fáil agus, i gcás inarb infheidhme laistigh den teorainn ***ama a leagfaidh an comhlacht*** maoirseachta ***síos***, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, agus aird á tabhairt go háirithe aige ar mhéid, ar fhad agus ar iarmhairtí na mainneachtana sin, ***féadfaidh sé*** stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse lena mbaineann a tharraingt siar ***agus, i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainn ama shocraithe, féadfaidh an comhlacht maoirseachta a iarraidh air ceanglais Threoir XXXX/XXXX[NIS2] a chomhlíonadh***. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas chun na liostaí iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta. | i gcás mainneachtain an tsoláthraí sin i dtaca le leigheas a chur ar fáil agus, i gcás inarb infheidhme laistigh den teorainn ***arna leagan síos ag an gcomhlacht*** maoirseachta, féadfaidh an comhlacht maoirseachta, agus aird á tabhairt go háirithe aige ar mhéid, ar fhad agus ar iarmhairtí na mainneachtana sin, stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse lena mbaineann a ***chuireann sé ar fáil a*** tharraingt siar. Cuirfidh an comhlacht maoirseachta an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas chun na liostaí iontaofa dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 20 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta an comhlacht maoirseachta ar an eolas faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2] go mainníonn an soláthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe aon cheann de na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 18 den Treoir sin a chomhlíonadh, féadfaidh an comhlacht*** |

| | |
|---|---|
| | ***maoirseachta, agus méid, fad agus iarmhairtí na mainneachtana sin ach go háirithe á gcur san áireamh aige, stádas cáilithe an tsoláthraí sin nó na seirbhíse lena mbaineann a chuireann sé ar fáil a tharraingt siar.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina dtagann an comhlacht maoirseachta ar an ***gconclúid*** go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, deonóidh an comhlacht maoirseachta ***an*** stádas cáilithe don soláthraí seirbhíse iontaoibhe agus do na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé, agus cuirfidh ***sí*** an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas faoin méid sin chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an ***fógra*** i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. | I gcás ina dtagann an comhlacht maoirseachta ar an ***tátal, ar bhonn an fhíoraithe a dhéanann sé nó na faisnéise a fhaightear ó na húdaráis inniúla náisiúnta faoi Threoir (AE) XXXX/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [NIS2],*** go gcomhlíonann an soláthraí seirbhísí iontaoibhe agus na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé na ceanglais dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***agus sa dara fomhír***, deonóidh an comhlacht maoirseachta stádas cáilithe don soláthraí seirbhíse iontaoibhe agus do na seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn sé, agus cuirfidh ***sé*** an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 22(3) ar an eolas faoin méid sin chun go ndéanfar na liostaí iontaoibhe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) a thabhairt cothrom le dáta, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an ***fhógra*** i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe a a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***'1a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla íosta a leagan síos maidir le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe (c).';*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe b – an chuid réamhráiteach**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuirtear an ***mhír 1a*** seo a leanas isteach: | (b) cuirtear an ***mhír 1b*** seo a leanas isteach: |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *1a*. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***leagfaidh an Coimisiún amach, sonraíochtaí,*** caighdeáin agus nósanna imeachta ***teicniúla íosta i ndáil*** le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in | *1b*. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***leagfaidh an Coimisiún amach*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, caighdeáin agus nósanna imeachta ***maidir*** le fíorú céannachta agus tréithe i gcomhréir le mír 1, pointe c. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). |

Airteagal 48(2).

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 25 – pointe e**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ***agus*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***bunóidh an Coimisiún*** uimhreacha tagartha ***na gcaighdeán*** le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i mír 2***. Toimhdeofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san*** Airteagal seo ***á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh córais agus táirgí iontaofa na caighdeáin sin***. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). | 5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, déanfaidh an Coimisiún,*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha ***caighdeán a leagan síos*** le haghaidh na gceanglas dá dtagraítear i mír 2 ***den*** Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2). |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe e a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***'5a. Measfar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh, i gcás ina gcomhlíonfaidh córais agus táirgí iontaofa uimhreacha tagartha na gcaighdeán sin dá dtagraítear i mír 5.';*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 – pointe f**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 24 – mír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Tabharfar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na bearta ***breise*** dá dtagraítear i mír 2(fa). | 6. ***Tugtar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 47 lena bhforlíontar an Rialachán seo*** maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 2***, pointe*** (fa). |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 29 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Maidir le sonraí um chruthú ríomhshínithe a ghiniúint, a bhainistiú nó a dhúbláil thar ceann an tsínitheora, ní fhéadfaidh ach soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chuireann seirbhís iontaoibhe cháilithe ar fáil le haghaidh bhainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda.***';*** | 1a. Maidir le sonraí um chruthú ríomhshínithe a ghiniúint, a bhainistiú nó a dhúbláil thar ceann an tsínitheora, ní fhéadfaidh ach soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a chuireann seirbhís iontaoibhe cháilithe ar fáil le haghaidh bhainistiú gléasanna cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 29a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i*** |

| | |
|---|---|
| | ***gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraíochtaí teicniúla a leagan síos chun críocha mhír 1.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 28**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 29a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***bunóidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla agus*** uimhreacha tagartha na gcaighdeán ***seo*** chun críocha mhír 1. | 2. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***déanfaidh an Coimisiún,*** trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, uimhreacha tagartha na gcaighdeán ***a leagan síos*** chun críocha mhír 1. ***Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 38**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(38) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45:*** | ***scriosta*** |
| ***'Airteagal 45*** | |
| ***Ceanglais maidir le deimhnithe cáilithe ar fhíordheimhniú láithreán gréasáin*** | |
| ***1. Comhlíonfaidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV. Measfar go mbeidh dearbhuithe cáilithe le haghaidh fíordheimhnithe láithreán gréasáin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos*** | |

***in Iarscríbhinn IV i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin dá dtagraítear i mír 3.***

***2. Tabharfaidh brabhsálaithe gréasáin aitheantas do dheimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1. Chun na gcríoch sin, áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin go ndéanfar na sonraí céannachta a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as aon cheann de na modhanna a thaispeáint ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir. Áiritheoidh brabhsálaithe gréasáin tacaíocht agus idir-inoibritheacht le deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cé is moite d'fhiontair a mheastar a bheith ina micreafhiontair agus ina bhfiontair bheaga, i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún, sna chéad 5 bliana dá bhfeidhm mar sholáthraithe seirbhíse brabhsála gréasáin.***

***3. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, soláthróidh an Coimisiún na sonraíochtaí teicniúla agus uimhreacha tagartha na gcaighdeán maidir le fíordheimhniú láithreán gréasáin dá dtagraítear i mír 1. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 48(2).;'***

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní shéanfar ***ar ríomhdhearbhú*** | 1. Ní shéanfar éifeacht dhlíthiúil ná |

***tréithe*** éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlíthiúla ***mar gheall*** ar é ***bheith i bhformáid leictreonach amháin***.

inghlacthacht mar fhianaise ***ar ríomhdhearbhú tréithe*** in imeachtaí dlíthiúla ar ***na forais sin amháin go bhfuil sé i bhfoirm leictreonach nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, nó gur soláthraí seirbhísí iontaoibhe a bhunaítear i mBallstát éagsúil a d'eisigh*** é.

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe agus atá le ***dearbhuithe*** arna ***n-eisiúint*** go dleathach i ***bhformáid pháipéir***. | 2. Beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna le ríomhdhearbhú tréithe cáilithe agus atá le ***dearbhú*** arna ***eisiúint*** go dleathach i ***bhfoirm páipéir***. ***Leanfaidh na páirtithe is úsáideoirí de bheith ag glacadh leis na dearbhuithe sin i bhfoirm páipéir mar rogha mhalartach ar ríomhdhearbhú tréithe.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45c – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina ndéantar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe a fhionraí tar éis a chéadeisiúna, caillfidh sé a bhailíocht go ceann thréimhse a fhionraíochta.*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, trí bhíthin ***gníomh*** cur chun feidhme, ***bunóidh an Coimisiún*** uimhreacha tagartha na gcaighdeán ***maidir le ríomhdhearbhú*** tréithe cáilithe***, maidir le*** cur chun feidhme ***Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** dá dtagraítear in ***Airteagal 6a(10***). | 4. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ***déanfaidh an Coimisiún,*** trí bhíthin ***gníomhartha*** cur chun feidhme, uimhreacha tagartha na gcaighdeán ***a leagan síos le haghaidh ríomhdhearbhuithe*** tréithe cáilithe***. Glacfar na gníomhartha*** cur chun feidhme ***sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear in ***Airteagal 48(2***). |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45d – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha á gcur i gcuntas, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 chun forlíonadh a dhéanamh ar an Rialachán seo trí shonraíochtaí teicniúla íosta a leagan síos le tagairt do chatalóg na dtréithe agus na scéimeanna i gcomhair ríomhdhearbhú tréithe agus nósanna imeachta fíorúcháin le haghaidh ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 45d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ***na*** caighdeáin ábhartha ***idirnáisiúnta*** á gcur ***san áireamh, leagfaidh*** an Coimisiún ***amach*** na ***sonraíochtaí, na*** caighdeáin agus na nósanna imeachta ***teicniúla íosta a bhaineann le catalóg*** na dtréithe agus ***le*** scéimeanna ***ríomhdhearbhaithe*** tréithe agus ***le*** nósanna imeachta ***fíoraithe*** ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe ***trí bhíthin gníomh*** cur chun feidhme ***maidir le cur chun feidhme Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí*** dá dtagraítear in ***Airteagal 6a(10***). | 2. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus caighdeáin ***idirnáisiúnta*** ábhartha á gcur ***i gcuntas, déanfaidh*** an Coimisiún na caighdeáin agus na nósanna imeachta ***a leagan amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, le tagairt do chatalóg*** na dtréithe agus ***na*** scéimeanna ***i gcomhair ríomhdhearbhú*** tréithe agus nósanna imeachta ***fíorúcháin le haghaidh*** ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe***. Glacfar na gníomhartha*** cur chun feidhme ***sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear in ***Airteagal 48(2***). |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 47

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(39a) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:*** |
| | ***'2a. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6a(10a), Airteagal 6b(4), Airteagal 6c(6), Airteagal 10a(5), Airteagal 11a(3), Airteagal 12b(5), Airteagal 17(8), Airteagal 24(1a), Airteagal 24(6), Airteagal 29a(1a), Airteagal 45(2a) agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 45d(1a) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón ... dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.';*** |
| | ***(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** |
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 30***(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin. | '3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 6a***(***10a), Airteagal 6b***(4)***, Airteagal 6c(6), Airteagal 10a(5), Airteagal 11a(3), Airteagal 12b(5), Airteagal 17(8), Airteagal 24(1a), Airteagal 24(6), Airteagal 29a(1a), Airteagal 30(4), Airteagal 45(2a) agus Airteagal 45d(1a)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.' |
| | ***(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*** |
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ***ghlacfar*** de bhun ***Airteagal 30***(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***dhá mhí ó cuireadh*** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ***ar an eolas faoin ngníomh sin, nó, sula rachaidh an tréimhse sin*** in ***éag, má tá sé curtha in*** iúl ***ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon*** don Choimisiún nach ***gcuirfidh*** siad ***ina choinne***. Cuirfear ***dhá*** mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | '5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ***ghlactar*** de bhun ***Airteagal 6a***(***10a), Airteagal 6b***(4)***, Airteagal 6c(6), Airteagal 10a(5), Airteagal 11a(3), Airteagal 12b(5), Airteagal 17(8), Airteagal 24(1a), Airteagal 24(6), Airteagal 29a(1a), Airteagal 30(4), Airteagal 45(2a) nó Airteagal 45d(1a)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse ***2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh*** Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ***araon tar éis a chur*** in iúl don Choimisiún nach ***ndéanfaidh*** siad ***aon agóid***. Cuirfear ***2*** mhí leis an tréimhse sin |

| | |
|---|---|
| | ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.*’;* |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh an méid*** seo a leanas ***i ríomhdhearbhú tréithe cáilithe***: | ***Comhlíonfaidh ríomhdhearbhuithe cáilithe tréithe na ceanglais*** seo a leanas: |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) léiriú, i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe ar a laghad, gur eisíodh an dearbhú mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe; | (a) ***go bhfuil*** léiriú ***iontu***, i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe ar a laghad, gur eisíodh an dearbhú mar ríomhdhearbhú tréithe cáilithe; |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) gur soláthraí seirbhísí iontaoibhe cáilithe a d’eisigh iad;*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tacar sonraí ***a léiríonn*** gan athbhrí | (b) ***go bhfuil*** tacar sonraí ***iontu lena*** |

| | |
|---|---|
| an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a eisíonn ríomhdhearbhú tréithe cáilithe lena n-áirítear ar a laghad, an ***Stát ina mbeidh*** an soláthraí bunaithe agus: | ***léirítear*** gan athbhrí an soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe a eisíonn ríomhdhearbhú tréithe cáilithe***,*** lena n-áirítear***,*** ar a laghad, an ***Ballstát ina bhfuil*** an soláthraí bunaithe agus: |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tacar sonraí lena léirítear gan ***débhrí*** an t-eintiteas lena mbaineann na tréithe fianaithe; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir; | (c) ***go bhfuil*** tacar sonraí ***iontu*** lena léirítear gan ***athbhrí*** an t-eintiteas lena mbaineann na tréithe fianaithe; má úsáidtear ainm bréige, léireofar sin go soiléir; |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an tréith dhearbhuithe nó na tréithe dearbhuithe, lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis is gá chun raon feidhme na dtréithe sin a shainaithint; | (d) ***go bhfuil*** an tréith dhearbhuithe nó na tréithe dearbhuithe ***iontu***, lena n-áirítear, más infheidhme, an fhaisnéis is gá chun raon feidhme na dtréithe sin a shainaithint; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V– mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) sonraí maidir le tús agus ***le*** deireadh thréimhse bhailíochta an dearbhuithe; | (e) ***go bhfuil*** sonraí maidir le tús agus deireadh thréimhse bhailíochta an dearbhuithe ***iontu***; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) cód céannachta an dearbhuithe, nach mór dó a bheith uathúil le haghaidh an tsoláthraí seirbhíse iontaoibhe cháilithe agus más infheidhme, an léiriú ar scéim na ndearbhuithe ar cuid de é an dearbhú tréithe; | (f) ***go bhfuil iontu*** cód céannachta an dearbhuithe, nach mór dó a bheith uathúil le haghaidh an tsoláthraí seirbhíse iontaoibhe cháilithe agus***,*** más infheidhme, an léiriú ar scéim na ndearbhuithe ar cuid de é an dearbhú tréithe; |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ríomhshíniú ardleibhéil nó ríomhshéala ardleibhéil ón soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe eisiúna; | (g) ***go bhfuil*** ríomhshíniú ardleibhéil nó ríomhshéala ardleibhéil ón soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe eisiúna ***iontu***; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) an láthair ina bhfuil an dearbhú lena dtacaítear leis an ríomhshíniú ardleibhéil nó le ríomhshéala ardleibhéil dá dtagraítear i bpointe (***h***) ar fáil saor in aisce; | (h) ***go bhfuil*** an láthair ina bhfuil an dearbhú lena dtacaítear leis an ríomhshíniú ardleibhéil nó le ríomhshéala ardleibhéil dá dtagraítear i bpointe (***f***) ar fáil saor in aisce ***iontu***; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) go mbeidh sé faoi chosaint ar an ábhar gur féidir le heisitheoir an ríomhdhearbhaithe tréithe cháilithe a mheas, le hardleibhéal muiníne, go bhfuil sé faoina rialú;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) go bhfuil sé nasctha leis na sonraí lena mbaineann sé ar bhealach a fhágann go bhféadfar aon athrú iardain ar na sonraí a bhrath;*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Aois:*** | 2. ***Dáta breithe;*** |

*Réasúnú*

*Is áisiúla mar fhaisnéis é dáta breithe seachas aois.*

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – mír 1 – pointe 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Gníomhachtú córais caomhnóireachta dlíthiúla agus ainm an tríú páirtí iontaofa.*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.7.2021 |
| **Coiste ar iarradh tuairim air**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>8.7.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 16.12.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Pascal Arimont<br>12.7.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 28.2.2022 2.6.2022 30.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 27.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 20<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Ilana Cicurel, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Virginie Joron, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Sabrina Pignedoli, Franco Roberti, Raffaele Stancanelli, Marie Toussaint, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patrick Breyer, Theresa Muigg, Luisa Regimenti |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Isabel Carvalhais, Pierre Larrouturou, Andrey Novakov, Anne-Sophie Pelletier |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 20 | + |
|---|---|
| PPE | Pascal Arimont, Geoffroy Didier, Ljudmila Novak, Luisa Regimenti, Axel Voss, Marion Walsmann, Javier Zarzalejos |
| S&D | Isabel Carvalhais, Ibán García Del Blanco, Pierre Larrouturou, Franco Roberti, Tiemo Wölken |
| Renew | Barry Andrews, Ilana Cicurel, Pascal Durand, Karen Melchior |
| Verts/ALE | Sergey Lagodinsky, Marie Toussaint |
| The Left | Anne-Sophie Pelletier |
| NI | Sabrina Pignedoli |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Gilles Lebreton |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Raffaele Stancanelli |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh:

11.10.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí
(COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Cristian Terheş

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ***Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679***[19] maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí sonracha a leagan síos leis an Rialachán seo chun cosc a chur ar sholáthraithe modhanna ríomh-shainaitheantais agus ar ríomhdhearbhuithe tréithe maidir le sonraí pearsanta ó sheirbhísí eile a chomhcheangal leis na sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. | (6) ***Ba cheart daoine nádúrtha nó dlítheanacha ar leo sonraí sainaitheantais duine a mheas mar ábhair don Chéannacht Dhigiteach. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/6799***[19]***, agus Rialachán (AE) 2018/1725***[19a] ***agus Treoir 2002/58/CE***[19b] ***maidir le*** próiseáil sonraí pearsanta i gcur chun feidhme an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, ba cheart coimircí sonracha a leagan síos leis an Rialachán seo chun cosc a chur ar sholáthraithe modhanna ríomh-shainaitheantais agus ar ríomhdhearbhuithe tréithe maidir le sonraí pearsanta ó |

sheirbhísí eile a chomhcheangal leis na sonraí pearsanta a bhaineann leis na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo. ***Sonraítear tuilleadh sa Rialachán seo cur i bhfeidhm phrionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, an íoslaghdaithe sonraí, agus na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú do chásanna úsáide sonracha, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679.***

---

[19] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

[19] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

***[19a] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

***[19b] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37)***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Chun comhlíontacht ***le*** dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a áirithiú ***i gcomhréir le*** dlí an ***Aontais***, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse ***a chur in iúl do na Ballstáit go bhfuil rún acu*** brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann úsáideoirí a chosaint ar chalaois agus cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach a bhaint as sonraí céannachta agus as ríomhdhearbhuithe tréithe chomh maith lena áirithiú i dtaca le próiseáil sonraí íogaire, amhail sonraí sláinte, gur féidir le páirtithe is úsáideoirí iad a fhíorú i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. | (8) Chun comhlíontacht ***le*** dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a áirithiú ***i gcomhréir le*** dlí an ***Aontais***, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse ***clárú leis na Ballstáit sula mbeidh siad in ann*** brath ar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***. Ba cheart daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bheith in ann gearán a thíolacadh i ndáil leis an úsáid a bhaineann páirtí is úsáideoir as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***. Leis sin, beidh na Ballstáit in ann úsáideoirí a chosaint ar chalaois agus cosc a chur ar úsáid neamhdhleathach a bhaint as sonraí céannachta agus as ríomhdhearbhuithe tréithe***,*** chomh maith lena áirithiú i dtaca le próiseáil sonraí íogaire, amhail sonraí sláinte, gur féidir le páirtithe is úsáideoirí iad a fhíorú i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. ***Ba cheart do na Ballstáit úsáid neamhdhleathach sonraí céannachta a chosc, agus a áirithiú nach n-éileoidh na páirtithe is úsáideoirí ach sonraí atá fíor-riachtanach chun an tseirbhís a sholáthar.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart do gach Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ligean d’úsáideoirí fíordheimhniú agus ríomh-shainaithint ar líne agus as líne thar theorainneacha d’fhonn raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha a rochtain. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha | (9) Ba cheart do gach Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ligean d’úsáideoirí fíordheimhniú agus ríomh-shainaithint ar líne agus as líne thar theorainneacha d’fhonn raon leathan seirbhísí poiblí agus príobháideacha a rochtain. Gan dochar do shainchearta na mBallstát a mhéid a bhaineann lena náisiúnaigh agus a gcónaitheoirí a shainaithint, is féidir le Tiachóga freastal freisin ar riachtanais institiúideacha |

riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. Agus é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe 'ard', ba cheart go dtairbheodh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le ***réitigh*** chrioscaíldíonacha amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an ***Aontais*** a chruthú agus a úsáid. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an ***Aontais***, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint, tiachóga a bheidh ag brath ar chomhchaighdeáin chun idir-inoibritheacht rianúil agus leibhéal ard slándála a áirithiú. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a shuíomh agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na

riarachán poiblí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Bheadh tábhacht le húsáid as líne ina lán earnálacha, lena n-áirítear san earnáil sláinte ina gcuirtear seirbhísí ar fáil go minic trí idirghníomhú aghaidh ar aghaidh le duine agus ba cheart ríomhoidis a bheith in ann brath ar chóid QR nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla chun barántúlacht a fhíorú. ***Ba cheart rochtain a bheith ag na húsáideoirí ar chomhéadan simplí a chuirfeadh ar a gcumas forléargas a fháil ar a n-údaruithe reatha agus ar na húdaruithe a rinne siad roimhe seo maidir le sonraí pearsanta nó ríomhdhearbhú tréithe a chomhroinnt. Ba cheart an deis a bheith acu a dtoiliú a tharraingt siar.*** Agus é ag brath ar an leibhéal dearbhaithe 'ard', ba cheart go dtairbheodh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí den acmhainneacht a ghabhann le ***teicneolaíocht*** chrioscaíldíonach amhail gnéithe slána, chun na ceanglais slándála ***agus sláine*** faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Trí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, beidh úsáideoirí in ann ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhfuil glacadh leo ar fud an ***Aontais*** a chruthú agus a úsáid. Chun simpliú agus laghdú costais a bhaint amach do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an ***Aontais***, lena n-áirítear trí chumhachtaí ionadaíochta agus ríomh-shainordaithe a chumasú, ba cheart do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint, tiachóga a bheidh ag brath ar chomhchaighdeáin chun idir-inoibritheacht rianúil agus leibhéal ard slándála a áirithiú. Is iad údaráis inniúla na mBallstát amháin a fhéadfaidh leibhéal ard muiníne a sholáthar agus céannacht duine a shuíomh agus dá bhrí sin is iadsan amháin a fhéadfaidh dearbhú i dtaca leis an duine a éilíonn nó a dhearbhaíonn céannacht áirithe gurb é an duine a mhaíonn sé nó sí. Tá sé riachtanach ***i gcásanna áirithe*** go mbeadh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ag

| | |
|---|---|
| ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. | brath ar chéannacht dhlíthiúil saoránach, cónaitheoirí nó eintiteas dlíthiúil eile. Chuirfí leis an muinín as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí toisc go bhfuil sé de cheangal ar na páirtithe eisiúna bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun leibhéal slándála a áirithiú a bheadh i gcomhréir leis na rioscaí a eascraíonn as cearta agus as saoirsí na ndaoine nádúrtha, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Chun a áirithiú go mbeidh rath ar ghlacadh Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, tá sé ríthábhachtach muinín a áirithiú sa chreat teicniúil atá taobh thiar di, agus san éiceachóras digiteach atá timpeall ar an Tiachóg. Is féidir le hardleibhéal trédhearcachta rannchuidiú le muinín a bhunú trína ligean d'úsáideoirí cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le saintréithe slándála agus príobháideachais Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, agus trí ghrinnscrúdú poiblí a cheadú ar na gníomhaíochtaí agus ar na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an gcreat. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar faisnéis ábhartha, amhail socruithe cosanta príobháideachais, ailtireacht theicniúil, creataí slándála, agus an suíomh ina ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil, sa tacar d'fhaisnéis íosta faoi Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus go gcuirfear ar fáil go poiblí í.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9b) Ba cheart é a bheith ar cheann de chuspóirí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí feabhas a chur ar na féidearthachtaí atá ag saoránaigh a roghanna féin a dhéanamh maidir le cad iad na sonraí a chomhroinneann siad, an méid sonraí comhroinnte a íoslaghdú don tseirbhís is mian leo a úsáid agus na sonraí comhroinnte a bhainistiú agus a rialú ar bhealach níos fearr.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta a bhaint amach, leis an Rialachán seo bunaítear na ceanglais maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart gur chomhlachtaí creidiúnaithe de chuid na hearnála poiblí nó na hearnála príobháidí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dheimhneodh comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais sin. Dá mbeifí ag brath ar scéim deimhniúcháin bunaithe ar ***infhaighteacht*** chaighdeán a chomhaontaítear i gcomhpháirt leis na Ballstáit, ba cheart go n-áireofaí leis sin leibhéal ard muiníne ***agus*** idir-inoibritheachta. Ba cheart deimhniú a bheith ag brath go háirithe ar na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhnithe cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[20]. Ba cheart na deimhnithe sin a bheith gan dochar do dheimhnithe a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de bhun Rialachán (CE) 2016/679. | (10) Chun ardleibhéal slándála agus iontaofachta a bhaint amach, leis an Rialachán seo bunaítear na ceanglais maidir le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Ba cheart gur chomhlachtaí creidiúnaithe de chuid na hearnála poiblí nó na hearnála príobháidí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dheimhneodh comhréireacht Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí leis na ceanglais sin. Dá mbeifí ag brath ar scéim deimhniúcháin atá bunaithe ar ***theicneolaíocht úrscothach agus*** ar chaighdeáin a chomhaontaítear i gcomhpháirt leis na Ballstáit, ba cheart go n-áireofaí leis sin ardleibhéal muiníne, idir-inoibritheachta ***agus cosanta sonraí***. Ba cheart deimhniú a bheith ag brath go háirithe ar na scéimeanna Eorpacha ábhartha um dheimhnithe cibearshlándála arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2019/881[20]. Ba cheart na deimhnithe sin a bheith gan dochar do dheimhnithe a mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta de bhun Rialachán (CE) 2016/679**.** |

| | |
|---|---|
| [20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), IO L 151, 7.6.2019, lch. 15 | [20] Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil), IO L 151, 7.6.2019, lch. 15 |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ba cheart an leibhéal is airde slándáil a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil ***nó*** ar réitigh néalbhunaithe, agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. Úsáid na bithmhéadrachta chun fíordheimhniú a dhéanamh, ***tá sin ar cheann de na modhanna sainaitheanta lena ndéantar leibhéal ard muiníne a sholáthar, go háirithe nuair a úsáidtear í in éineacht le heilimintí eile*** fíordheimhnithe. Ós rud é gur saintréith uathúil de chuid an duine í an bhithmhéadracht, tá gá le bearta eagraíochtúla ***agus*** slándála chun ***an bhithmhéadracht*** a úsáid, bearta atá i gcomhréir leis an riosca a d’fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an bpróiseáil sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir le ***Rialachán 2016/679***. | (11) Le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ba cheart an leibhéal is airde slándáil a áirithiú do na sonraí pearsanta a úsáidtear le haghaidh fíordheimhnithe, cibé acu a stóráiltear na sonraí sin go háitiúil***,*** ar réitigh néalbhunaithe ***nó ar theaglaim den dá cheann acu***, agus na leibhéil éagsúla riosca á gcur san áireamh. ***Níor cheart*** úsáid na bithmhéadrachta chun fíordheimhniú a dhéanamh ***a bheith mar réamhchoinníoll chun Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a úsáid, d’ainneoin an cheanglais fíordheimhniú láidir*** úsáideora ***a bheith ann***. Ós rud é gur saintréith uathúil de chuid duine í an bhithmhéadracht, tá úsáid sonraí bithmhéadracha ***teoranta do chásanna sonracha de bhun Rialachán (AE) 2016/679, agus*** éilítear léi bearta slándála ***teicniúla agus*** eagraíochtúla, i gcomhréir leis an riosca a d’fhéadfadh a bheith i gceist le próiseáil den sórt sin do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha agus i gcomhréir leis ***an Rialachán sin***. ***Níor cheart an cumas faisnéis ó Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a stóráil sa néal*** |

***a bheith gníomhach ach tar éis toiliú sainráite a bheith tugtha ag an úsáideoir. Ba cheart do na Ballstáit a ligean do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ábhar cripteagrafach a stóráil agus idirbhearta a láimhseáil ar an ngléas úsáideora gan néalseirbhísí a bheith ag teastáil, ach amháin má thugann an t-úsáideoir toiliú sainráite do stóráil den sórt sin. I gcás ina gcuirfear Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil ar ghléas an úsáideora, ba cheart a hábhar cripteagrafach a stóráil i ngnéithe slána na feiste.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach oscailte don nuálaíocht, don fhorbairt theicneolaíoch agus don todhchaí, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh a chur ar bun i gcomhpháirt chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe shlán, go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ar chosaint sonraí pearsanta, ar shlándáil agus ar idir-inoibritheacht na réiteach agus chun nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla a fhorbairt amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe aonair agus taighdeoirí a chothú. | (12) Chun a áirithiú go mbeidh an Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach oscailte don nuálaíocht, don fhorbairt theicneolaíoch agus don todhchaí, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun boscaí gainimh a chur ar bun i gcomhpháirt chun réitigh nuálacha a thástáil i dtimpeallacht rialaithe shlán, go háirithe chun feabhas a chur ar fheidhmiúlacht, ar chosaint sonraí pearsanta, ar shlándáil agus ar idir-inoibritheacht na réiteach agus chun nuashonruithe ar thagairtí teicniúla agus ar cheanglais dhlíthiúla a fhorbairt amach anseo. Leis an timpeallacht sin, ba cheart Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide san Eoraip, gnólachtaí nuathionscanta agus nuálaithe aonair agus taighdeoirí a chothú, ***agus comhlíonadh á fheabhsú agus cosc á chur ar réitigh a chur ar an margadh a sháraíonn dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus slándáil TF***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta uathúla sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta. ***Chun na críche céanna, leis an Rialachán seo ba cheart an tacar sonraí éigeantacha íosta a leathnú agus ba cheart*** úsáid ***sainaitheantóir leictreonach*** atá uathúil agus marthanach ***a cheangal i gcomhréir le dlí an Aontais sna cásanna sin inar gá an t-úsáideoir a shainaithint go dlíthiúil arna iarraidh sin dó nó di ar bhealach*** uathúil marthanach. | (17) Baineann soláthraithe seirbhíse úsáid as na sonraí céannachta a soláthraíodh sa tacar sonraí sainaitheantais duine atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun céannacht dhlíthiúil an úsáideora sin a mheaitseáil le húsáideoirí ó Bhallstát eile. Mar sin féin, in ainneoin na húsáide a bhaintear as tacar sonraí eIDAS, chun meaitseáil chruinn a áirithiú, teastaíonn faisnéis bhreise i mórán cásanna, faoin úsáideoir agus faoi nósanna imeachta uathúla sonracha maidir le sainaithint ar an leibhéal náisiúnta. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'inúsáidteacht modhanna ríomh-shainaitheantais, leis an Rialachán seo ba cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun meaitseáil cheart chéannachta a áirithiú le linn an phróisis ríomh-shainaitheanta. ***Tá sé buntábhachtach sonraí sainaitheantais duine nó teaglaim de shonraí sainaitheantais duine a*** úsáid***, lena n-áirítear úsáid aitheantóirí*** uathúla agus marthanacha ***arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó arna nginiúint ag Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí chun a áirithiú gur féidir céannacht*** an úsáideora ***a fhíorú, go háirithe san earnáil phoiblí agus, i gcás ina gceanglaítear sin le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta. Ba cheart go bhféadfaí a cheangal le dlí Ballstáit go n-úsáidfí aitheantóirí*** atá uathúil agus marthanach ***a bhaineann le hearnáil shonrach nó le páirtí sonrach is úsáideoir***. ***Ba cheart Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bheith in ann na haitheantóirí sin a stóráil agus iad a nochtadh i gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir é sin.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Den chuid is mó, faisnéis a bhaineann le céannacht na saoránach, faisnéis amhail seoltaí, aois, cáilíochtaí gairmiúla, ceadúnais tiomána agus ceadanna eile agus sonraí íocaíochta, ní féidir le saoránaigh ná le cónaitheoirí eile iad a roinnt go digiteach ar bhealach atá slán agus le hardleibhéal cosanta sonraí. | (25) ***Sa mhargadh inmheánach, ní mór deis a bheith ag saoránaigh faisnéis faoina gcéannacht a mhalartú thar theorainneacha.*** Den chuid is mó, ***áfach,*** faisnéis ***atá deimhnithe go hoifigiúil agus*** a bhaineann le céannacht na saoránach, faisnéis amhail seoltaí, aois, cáilíochtaí gairmiúla, ceadúnais tiomána agus ceadanna eile agus sonraí íocaíochta, ní féidir le saoránaigh ná le cónaitheoirí eile iad a roinnt go digiteach ar bhealach atá slán agus le hardleibhéal cosanta sonraí. ***D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin sonraí a bheith á n-aistriú ar bhealach nach bhfuil chomh slán agus nach bhfuil chomh heagraithe céanna.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a ligean gur féidir tréithe a nochtadh go roghnaitheach ar bhonn teicniúil do pháirtithe is úsáideoirí. Ba cheart an ghné sin a bheith ina bunghné den dearadh amach anseo, gné lena gcuirfí dlús le háisiúlacht agus le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear íoslaghdú ar phróiseáil sonraí pearsanta. | (29) Ba cheart do Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bheith in ann, ar bhonn teicniúil, tréithe a nochtadh go roghnaitheach do pháirtithe is úsáideoirí ***ar bhealach slán agus soláimhsithe mar cheann dá príomhghnéithe agus dá príomhbhuntáistí***. ***Ba cheart go gcinnteodh sé freisin nach nochtar aon tréithe do pháirtithe nach bhfuil cláraithe chun tréithe den sórt sin a fháil.*** Ba cheart an ghné sin a bheith ina bunghné den dearadh amach anseo, rud a threiseodh áisiúlacht agus cosaint sonraí pearsanta lena n-áirítear íoslaghdú ar phróiseáil sonraí pearsanta, ***go háirithe príobháideachas trí dhearadh agus mar réamhshocrú***. ***Maidir le sásraí chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bhailíochtú, nuair a dhéantar úsáideoirí a nochtadh agus a fhíordheimhniú go roghnaitheach leo chun rochtain a fháil ar sheirbhísí ar líne, ba cheart príobháideachais a chaomhnú, agus, ar an gcaoi sin, cosc a chur ar rianú an úsáideora, agus urraim a thabhairt do phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra, rud lena dtugtar le tuiscint go bhfuil ceart chun ainm bréige ann chun a áirithiú nach féidir an t-úsáideoir a nascadh idir roinnt páirtithe is úsáideoirí. Ba cheart ailtireacht theicniúil agus cur chun feidhme Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bheith i gcomhréir iomlán le Rialachán (AE) 2016/679. Ina theannta sin, de bharr nádúr díláraithe an tiachóige, ba cheart go gcumasófaí féinsíniú agus in-aisghairtheacht tréithe agus aitheantóirí.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Mura rud é go gcuireann rialacha sonracha de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta de cheangal ar úsáideoirí iad féin a shainaithint, ba cheart úsáid seirbhísí faoi ainm bréige a cheadú agus níor cheart do na Ballstáit an úsáid sin a shrianadh, mar shampla trí oibleagáid ghinearálta a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse úsáid ainmneacha bréige ar a gcuid seirbhísí a theorannú.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Leis an deimhniú mar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil maidir le cásanna úsáide lena gcuirtear le mórleabhair leictreonacha. Sa tseirbhís iontaoibhe sin le haghaidh mórleabhair leictreonacha agus mórleabhair leictreonacha cháilithe agus sa deimhniú mar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe le haghaidh mórleabhair leictreonacha, ba cheart iad a chur ar fáil d'ainneoin an ghá do chásanna úsáide dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a chomhlíonadh. Cásanna úsáide a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ní mór dóibh Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Cásanna úsáide a bhaineann le criptea-shócmhainní, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na rialacha airgeadais uile is infheidhme, mar shampla leis an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais[23], leis an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta[24] ***agus*** leis an Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní a bheidh ann amach anseo[25]. | (35) Leis an deimhniú mar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil maidir le cásanna úsáide lena gcuirtear le mórleabhair leictreonacha. Sa tseirbhís iontaoibhe sin le haghaidh mórleabhair leictreonacha agus mórleabhair leictreonacha cháilithe agus sa deimhniú mar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe le haghaidh mórleabhair leictreonacha, ba cheart iad a chur ar fáil d'ainneoin an ghá do chásanna úsáide dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta a chomhlíonadh. Cásanna úsáide a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ní mór dóibh Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Cásanna úsáide a bhaineann le criptea-shócmhainní, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na rialacha airgeadais uile is infheidhme, mar shampla leis an Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais[23], leis an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta[24]***,*** leis an Rialachán maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní a bheidh ann amach anseo[25], leis an ***Rialachán maidir le haistriú cistí***[25a]. |
| [23] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE Téacs atá ábhartha maidir le LEE IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496. | [23] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE Téacs atá ábhartha maidir le LEE IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496. |
| [24] Treoir 2015/2366 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE, IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35–127). | [24] Treoir 2015/2366 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE, IO L 337, 23.12.2015, lgh. 35–127). |

| | |
|---|---|
| [25] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí Criptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM(2020)593 final. | [25] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margaí Criptea-shócmhainní, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, COM(2020)593 final.<br>***[25a] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus criptea-shócmhainní áirithe (athmhúnlú), 2021/0241(COD).*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 4 – pointe 42

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Is éard is 'Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí' ann ***táirge agus seirbhís*** lenar féidir leis an úsáideoir sonraí, dintiúir agus tréithe atá nasctha ***lena chéannacht/lena céannacht*** a stóráil, iad a sholáthar ***do*** pháirtithe is úsáideoirí arna n-iarraidh sin dóibh, agus iad a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; | (42) Is éard is 'Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí' ann ***modh ríomh-shainaitheantais*** lenar féidir leis an úsáideoir***, ar fheiste atá faoi rialú an úsáideora, sonraí, dearbhuithe sainráite um thoiliú sonraí pearsanta,*** dintiúir agus tréithe atá nasctha lena chéannacht ***an úsáideora*** a stóráil, iad a sholáthar ***go roghnaitheach*** do pháirtithe is úsáideoirí ***atá cláraithe go cuí*** arna n-iarraidh sin dóibh, agus iad a úsáid le haghaidh fíordheimhniúcháin, ar líne agus as líne, le haghaidh seirbhís i gcomhréir le hAirteagal 6a; agus chun ríomhshínithe agus ríomhshéalaí cáilithe a chruthú; |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 4 – pointe 43

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) ***is éard is*** 'tréith' ann gné, saintréith nó cáilíocht a bhaineann le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach nó le heintiteas***, i bhfoirm leictreonach***; | (43) ***is éard is*** 'tréith' ann ***léiriú leictreonach ar*** ghné gné, saintréith nó cáilíocht a bhaineann le duine nádúrtha nó le duine dlítheanach nó le heintiteas, i bhfoirm leictreonach; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 55

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (55) ciallaíonn ***'sainaithint uathúil'*** próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine nó modhanna sainaitheantais duine a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana a bhaineann leis an duine céanna nó ina ndéantar iad a nascadh leis an duine sin.'***;*** | (55) ciallaíonn '***meaitseáil chéannachta***' próiseas ina ndéantar sonraí sainaitheantais duine nó modhanna sainaitheantais duine a mheaitseáil le cuntas atá ann cheana a bhaineann leis an duine céanna nó ina ndéantar iad a nascadh leis an duine sin.' |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 5 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneacha bréige in ***idirbheart*** leictreonach | ***Cosaint sonraí pearsanta, agus*** ainmneacha bréige in ***idirbhearta*** leictreonacha. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 5 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d'ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta, ***ní chuirfear toirmeasc ar*** ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha.'***;*** | ***1. Déanfar sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus, i gcás inarb ábhartha, Treoir 2002/58/CE, trí phrionsabail an íoslaghdaithe sonraí, an teorannaithe de réir cuspóra, agus na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur chun feidhme, go háirithe i ndáil leis na bearta teicniúla chun an Rialachán seo agus an creat idir-inoibritheachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 12 de.***<br><br>***2.*** Gan dochar don éifeacht dhlíthiúil a thugtar d'ainmneacha bréige faoin dlí náisiúnta, ***ceadófar*** ainmneacha bréige a úsáid in idirbhearta leictreonacha. ***Beidh an rogha ann i gcónaí ainmneacha bréige a úsáid arna roghnú gan bhac ag an úsáideoir chun aitheantóir uathúil a ionadú i gcás nach gceanglaítear le dlí an Aontais ná leis an dlí náisiúnta an úsáideora a shainaithint***.<br><br>***3. Déanfaidh na páirtithe is úsáideoirí iarrachtaí réasúnta chun úsáid a seirbhísí a chumasú gan ríomh-shainaitheantas ná ríomh-fhíordheimhniú.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 3 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cinneadh eolasach a dhéanamh faoi chomhroinnt faisnéise pearsanta le páirtithe is úsáideoirí. Áirítear leis sin sainaithint an pháirtí is úsáideoir, an fhéidearthacht go ndiúltófaí go hiomlán nó go páirteach d'iarrataí ar fhaisnéis ó*** |

***pháirtithe is úsáideoirí, stair iomlán na n-idirbheart.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) do páirtithe is úsáideoirí chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a iarraidh agus a bhailíochtú; | (2) do páirtithe is úsáideoirí chun sonraí sainaitheantais duine agus ríomhdhearbhuithe tréithe a iarraidh agus a bhailíochtú, ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679***; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a – pointe 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) chun go mbeidh na páirtithe is úsáideoirí cláraithe go cuí ar liosta atá ar fáil go poiblí agus go mbeidh a n-iarrataí ar fhaisnéis le feiceáil ar an liosta sin;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe a – pointe 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) chun sonraí sainaitheantais duine, ríomhdhearbhú tréithe nó sonraí eile ***amhail dintiúir*** a thíolacadh do pháirtithe is úsáideoirí, ar mhodh logánta nach gá | (3) chun sonraí sainaitheantais duine ***amhail dintiúir*** a thíolacadh ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679*** do pháirtithe is úsáideoirí, i mód logánta nach n-éilíonn rochtain idirlín don tiachóg ***agus don*** |

| | |
|---|---|
| rochtain idirlín don tiachóg; | ***úsáideoir chun cinneadh eolasach a dhéanamh maidir le comhroinnt faisnéise pearsanta le páirtithe is úsáideoirí, agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir nochtadh roghnaitheach a dhéanamh, tiolacadh den sórt sin lena n-áirítear diúltú iomlán nó páirteach d'iarrataí ar fhaisnéis ó pháirtithe is úsáideoirí, stair iomlán na n-idirbheart, an fhéidearthacht toiliú a tharraingt siar a tugadh roimhe sin d'iarrataí ar fhaisnéis agus faisnéis faoi cheart mar ábhar sonraí a fheidhmiú***; |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) lena áirithiú ***nach mbeidh fáil*** ag soláthraithe ***seirbhíse iontaoibhe*** na bhfndearbhuithe tréithe cáilithe ar aon fhaisnéis faoi úsáid na dtréithe sin; | (b) lena áirithiú ***go gcuirfear cosc teicneolaíoch ar*** sholáthraithe ríomhdhearbhaithe tréithe cáilithe ***agus*** neamhcháilithe aon fhaisnéis a fháil faoi úsáid na dtréithe sin; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) lena áirithiú go léirítear go huathúil ***agus go seasmhach*** leis na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4), pointe (d), an duine nádúrtha nó dlítheanach ***a bhaineann leo***. | (e) lena áirithiú go léirítear go huathúil ***agus go seasmhach*** leis na sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4), pointe (d), an duine nádúrtha nó dlítheanach ***agus nach ionann an tagairt do na sonraí sin i gcás na bpáirtithe éagsúla is úsáideoirí, má*** |

| | |
|---|---|
| | ***cheanglaítear sin go dlíthiúil;*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) a chur ar chumas an úsáideora rochtain a fháil, i bhformáid inléite, liosta gníomhaíochtaí, idirbhearta nó úsáidí ríomhdhearbhuithe tréithe nó sonraí aitheantais duine, atá údaraithe ag an úsáideoir;*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4 – pointe e b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) a chur ar chumas an úsáideora sonraí Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a aistriú, agus an rochtain orthu a bhlocáil i gcás sárú slándála, chun go bhféadfaí sonraí a chur ar fionraí, a chúlghairm nó a tharraingt siar.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 4a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina bhfuil slabhra de pháirtithe is úsáideoirí ann, ní bhfaighidh*** |

| | |
|---|---|
| | ***idirghabhálaithe eolas faoi inneachar an idirbhirt.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh smacht iomlán ag an úsáideoir ar Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí. Maidir le húsáid na tiachóige, ***ní bhaileoidh*** eisitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí faisnéis ***nach bhfuil riachtanach chun na seirbhísí tiachóige a sholáthar, ná ní chomhthiomsóidh sé sonraí sainaitheantais duine agus aon sonra pearsanta eile a stóráiltear nó a bhaineann le húsáid*** Thiachóg na Céannachta Digití Eorpa ***le sonraí pearsanta ó aon seirbhís*** eile ***a thairgeann an t-eisitheoir sin ná ó sheirbhísí tríú páirtí nach bhfuil riachtanach chun na seirbhísí tiachóige a sholáthar, mura rud é go n-iarrann*** an t-úsáideoir ***é ar bhealach sainráite***. Sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, coinneofar iad ar leithligh go fisiciúil agus go loighciúil ó shonraí ar bith eile a a choinnítear. Má chuireann páirtithe príobháideacha Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil i gcomhréir le mír 1 (b) agus (c), beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha Airteagal 45f ***mír 4***. | 7. ***Beidh an creat teicniúil le haghaidh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí faoi réir na bprionsabal seo a leanas:*** |
| | ***(a)*** Beidh smacht iomlán ag an úsáideoir ar Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ***agus ar shonraí an úsáideora, lena n-áirítear féindeimhniúchán***. |
| | ***(b) Úsáidfidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí gnéithe díláraithe le haghaidh ailtireacht na céannachta.*** |

***(c)** Déanfar an tacar de mhodhanna ríomh-shainaitheantais, tréithe agus deimhnithe atá i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a stóráil go slán agus go heisiach ar fheistí a rialaíonn an t-úsáideoir, ach amháin má thugann an t-úsáideoir toiliú gan bhac do stóráil ar fheistí tríú páirtí nó do rogha néalbhunaithe.*

***(d)** Soláthróidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí dintiúir a bheidh infhíoraithe go cripteagrafach.*

***(e)** Ceadóidh Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí naisc shlána idir an t-úsáideoir agus na páirtithe is úsáideoirí.*

***(f)** Le hailtireacht theicniúil Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, cuirfear cosc ar* eisitheoir Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí***, ar an mBallstát nó ar aon pháirtithe eile modhanna ríomh-shainaitheantais, tréithe, doiciméid leictreonacha atá i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus*** faisnéis maidir le húsáid na tiachóige ***ag an úsáideoir a bhailiú nó a fháil, ach amháin i gcás ina n-iarrfaidh an t-úsáideoir é sin agus úsáid á baint as gléasanna atá faoi rialú an úsáideora. Ní cheadófar do sholáthraithe leis an malartú faisnéise trí*** Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ***ríomhdhearbhuithe tréithe eolas a rianú, a nascadh, a chomhghaolú nó a fháil ar aon slí eile maidir le hidirbhearta nó iompraíocht úsáideoirí.***

***(g)*** Ní bheidh rochtain ag páirtithe is úsáideoirí ar aitheantóirí uathúla marthanacha i gcásanna ***seachas nuair a cheanglaítear*** an t-úsáideoir ***a shainaithint le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.***

***(h)** Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh faisnéis ábhartha maidir le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil go poiblí.*

***(i)*** Sonraí pearsanta a bhaineann le soláthar Thiachóga na Céannachta Digití

Eorpaí, coinneofar iad ar leithligh go fisiciúil agus go loighciúil ó shonraí ar bith eile a a choinnítear.

*(j)* Má chuireann páirtithe príobháideacha Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil i gcomhréir le mír 1 (b) agus (c), beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha ***Airteagal*** 45***(4)***

***(k) I gcás nach n-éilíonn dearbhú tréithe sainaithint an úsáideora, déanfar dearbhú eolais nialasaigh.***

***(l) Is é eisitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a bheidh ina rialaitheoir chun críocha Rialachán (AE) 2016/679 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i dTiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.***

***(m) Le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, cuirfear sásra gearáin ar fáil lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí an comhlacht maoirseachta faoin Rialachán seo agus na húdaráis mhaoirseachta arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2016/679 a chur ar an eolas go díreach i gcás ina n-iarrfaidh páirtí is úsáideoir méid díréireach sonraí nach bhfuil i gcomhréir leis an úsáid chláraithe atá beartaithe do na sonraí sin.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 6a – mír 7a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *7a.* ***Maidir le rochtain ar sheirbhísí poiblí agus príobháideacha, ar ardáin ar líne de réir bhrí Rialachán (AE) XXX/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha] nó ar mhargadh an tsaothair, ní dhéanfar an rochtain sin coinníollach ar úsáid Thiachóg na Céannachta Digití*** |

***Eorpaí.***

***Beidh úsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí roghnach, cuirfear ar fáil saor in aisce í agus ní chruthófar, in imthosca ar bith, forais d'aon chineál idirdhealaithe.***

***Ní bheidh daoine nádúrtha faoi mhíbhuntáiste mura n-úsáidfidh siad Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Sainaithint Uathúil.*** | ***Meaitseáil chéannachta*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh ***fíordheimhniúcháin***, áiritheoidh na Ballstáit ***sainaithint uathúil***. | 1. Nuair a bhainfear úsáid as modhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith agus as Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí le haghaidh ***ríomh-shainaitheantais***, áiritheoidh na Ballstáit ***meaitseáil chéannachta***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 11a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. ***Chun críocha an Rialacháin seo, sa tacar íosta sonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12.4.(d), cuirfidh na Ballstáit aitheantóir uathúil marthanach san áireamh i gcomhréir le dlí an Aontais,*** chun an t-úsáideoir a shainaithint arna iarraidh sin dóibh sna cásanna sin ina gceanglaítear leis an dlí an t-úsáideoir an shainaithint. | 2. ***Chun*** úsáideoirí a shainaithint arna iarraidh sin dóibh sna cásanna sin ina gceanglaítear an t-úsáideoir a shainaithint de réir an dlí,***déanfar aitheantóirí uathúla marthanacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit nó arna nginiúint ag Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a sholáthar in éineacht leis an tacar íosta de shonraí sainaitheantais duine dá dtagraítear in Airteagal 12(4), pointe (d)***. ***Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go mbainfidh aitheantóirí uathúla marthanacha le hearnáil shonrach nó le páirtí sonrach is úsáideoir fad is a shainaithnítear an t-úsáideoir go huathúil ar fud an Aontais leo.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 12 – mír 4 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (d) tagairt do thacar ***íosta*** sonraí sainaitheantais is gá chun duine nádúrtha nó dlítheanach a léiriú ar bhealach uathúil ***agus marthanach;***'; | (d) tagairt do thacar sonraí sainaitheantais is gá chun duine nádúrtha nó dlítheanach a léiriú ar bhealach uathúil***, atá ar fáil ó scéimeanna ríomh-shainaitheantais***; |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 17 – mír 4 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (f) comhoibriú leis comhlachtaí maoirseachta a bhunaítear faoi Rialachán | (f) comhoibriú leis comhlachtaí maoirseachta a bhunaítear faoi Rialachán |

| | |
|---|---|
| (AE) 2016/679, go háirithe, trína gcur ar an eolas gan aon mhoill maidir le torthaí iniúchtaí ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, i gcás ina ndearnadh sárú ar rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus maidir le sáruithe slándála ar sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta iad***;;*** | (AE) 2016/679, go háirithe, trína gcur ar an eolas gan aon mhoill maidir le torthaí iniúchtaí ar sholáthraithe seirbhíse iontaoibhe cáilithe, i gcás ina ***bhfuil fianaise ann gur*** sáraíodh rialacha cosanta sonraí pearsanta agus maidir le sáruithe slándála ***ar dócha gur*** sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta iad,***nó maidir le hamhras faoi sháruithe den sórt sin ar tháinig sé orthu i gcomhlíonadh a chúraimí, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 910/2014
Airteagal 20 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ***ndealróidh sé go bhfuil*** sárú ann ar rialacha maidir le cosaint sonraí ***pearsanta***, cuirfidh an comhlacht maoirseachta torthaí a iniúchtaí in iúl do na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679***.***; | ***Gan dochar d'aon oibleagáidí breise ar rialaitheoirí nó próiseálaithe sonraí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2016/679,*** i gcás ina ***bhfuil aon chúis lena chreidiúint go bhféadfadh*** sárú a bheith déanta ar rialacha cosanta sonraí, cuirfidh an comhlacht maoirseachta na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679,***eisitheoir agus rialaitheoir Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí ar an eolas gan moill mhíchuí agus soláthróidh sé*** torthaí a iniúchtaí ***a luaithe a bheidh siad ar fáil***; |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó ó na daoine seo a leanas agus an tuairim á hullmhú, go dtína glacadh sa choiste:

**Entity and/or person**

1. European Commission DG CNECT
2. The European Data Protection Supervisor
3. Brussels Privacy Hub, *THE EUROPEAN COMMISSION PROPOSAL AMENDING THE eIDAS REGULATION (EU) No 910/2014: A PERSONAL DATA PROTECTION PERSPECTIVE*
4. Professor Ricardo Genghini, Chairman of the European Standardization Committee E-Signature and Infrastructures (ESI) within the European Telecommunications Standards Institute (ETSI) - *Notes on the current draft of eIDAS Revision Proposal*
5. epicenter.works & European Digital Rights (EDRI)
6. Luukas Ilves, Deputy Secretary General of the Estonian Ministry of Economic Affairs and Communications for Digital Development
7. European Consumer Organisation (BEUC) - *Making European Digital Identity as Safe as It Is needed - BEUC Position Paper*
8. Jaap-Henk Hoepman, Associate Professor of privacy enhancing protocols and privacy by design in the Digital Security group at the Institute for Computing and Information Sciences of the Radboud University Nijmegen, *Civil liberties aspects of the commission proposal to amend the eIDAS regulation*
9. Eric Verheul, professor in the Digital Security Group of the Radboud University Nijmegen - *Issues and recommendations on the eIDAS wallet as proposed in the eIDAS update*
10. Manuel Atug expert in IT Security and engineering Chaos Computer Club & Christian Kahlo eID expert - *written input*
11. Lukasz Olejnik, PhD, https://lukaszolejnik.com, *written contribution*
12. Carmela Troncoso - Professor on Security and Privacy at Swiss Federal Institute of Technology Lausanne - *written input*
13. Dr. F. S. Gürses, Associat Professor at the Faculty of Technology, Policy and Management, TU Delft - *written input*
14. Eurosmart - The Voice Of The Digital Security Industry - Feedback on the revision of eIDAS
15. Mozzila
16. Google
17. Apple
18. The International Association for Trusted Blockchain Applications (INATBA) - Establishing a Framework for a European Digital Identity (eIDAS) - Policy Position
19. TWG Trusted Information of the EU Observatory for ICT Standardisation - report on "Trust in the European digital space in the age of automated bots and fakes"
20. Rule of Law Defense Coalition, Bucharest Romania
21. American Chamber of Commerce to the European Union, Brussels - *written input*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.7.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>8.7.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 16.12.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Cristian Terheş<br>29.11.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 12.1.2022 30.5.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 1<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Pietro Bartolo, Malin Björk, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Clare Daly, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Assita Kanko, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Nuno Melo, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Ramona Strugariu, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Romeo Franz, Erik Marquardt, Fulvio Martusciello, Peter Pollák, Paul Tang, Róża Thun und Hohenstein, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Paweł Balt, Gilles Boyer, Jonás Fernández, Hannes Heide, Othmar Karas, Georgios Kyrtsos, Karsten Lucke, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Simone Schmiedtbauer, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Ivan Štefanec |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 51 | + |
|---|---|
| PPE | Andrzej Halicki, Othmar Karas, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Fulvio Martusciello, Nuno Melo, Nadine Morano, Peter Pollák, Emil Radev, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Simone Schmiedtbauer, Ralf Seekatz, Sara Skyttedal, Ivan Štefanec, Tomas Tobé, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Gilles Boyer, Sophia in 't Veld, Georgios Kyrtsos, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom |
| S&D | Marek Paweł Balt, Pietro Bartolo, Jonás Fernández, Hannes Heide, Evin Incir, Karsten Lucke, Javier Moreno Sánchez, Evelyn Regner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Paul Tang, Elena Yoncheva |
| THE LEFT | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, Clare Daly, Miguel Urbán Crespo |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Romeo Franz, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Terry Reintke, Diana Riba i Giner |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Milan Uhrík |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Assita Kanko, Vincenzo Sofo |
| ID | Patricia Chagnon, Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí |
| **Tagairtí** | COM(2021)0281 – C9-0200/2021 – 2021/0136(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 3.6.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.7.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO JURI LIBE<br>8.7.2021 8.7.2021 8.7.2021 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI LIBE IMCO<br>16.12.2021 16.12.2021 16.12.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Romana Jerković<br>29.6.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 14.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 9.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 55<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Paolo Borchia, Marc Botenga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Valter Flego, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Bart Groothuis, Christophe Grudler, András Gyürk, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Łukasz Kohut, Eva Maydell, Iskra Mihaylova, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Jakop G. Dalunde, Margarita de la Pisa Carrión, Matthias Ecke, Cornelia Ernst, Klemen Grošelj, Elena Kountoura, Dace Melbārde, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Rosanna Conte, Jarosław Duda, France Jamet, Aušra Maldeikienė, Tilly Metz, Alessandro Panza, Rovana Plumb |
| **Dáta don chur síos** | 28.2.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 55 | + |
| --- | --- |
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión, Beata Szydło, Grzegorz Tobiszowski |
| NI | András Gyürk, Clara Ponsatí Obiols |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Jarosław Duda, Christian Ehler, Seán Kelly, Aušra Maldeikienė, Eva Maydell, Dace Melbārde, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Valter Flego, Bart Groothuis, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, Łukasz Kohut, Tsvetelina Penkova, Rovana Plumb, Carlos Zorrinho |
| The Left | Marc Botenga, Cornelia Ernst, Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Damian Boeselager, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Henrike Hahn, Tilly Metz, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa |

| 8 | - |
| --- | --- |
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| ID | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Rosanna Conte, Marie Dauchy, France Jamet, Alessandro Panza |

| 2 | 0 |
| --- | --- |
| S&D | Beatrice Covassi, Patrizia Toia |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh